

Comhairle Contae Dhún Laoghaire- Ráth an Dúin

Tuarascáil Bhliantúil

2015



CLÁR ÁBHAIR

Brollach 2015	2
Ainmneacha, Seoltaí, Cleamhachtaí le Páirtithe Polaitíochta agus Uimhreacha Gutháin Chomhaltaí Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	3
Ballraíocht Choiste Comhairleoirí i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	5
Ballraíocht na gComhairleoirí le Forais Eile	7
Ballraíocht an Choiste um Beartais Straitéiseacha (SPC)	11
Tuarascálacha an Choiste um Beartais Straitéiseacha	15
Tinreamh ag Cruinnithe na gComhairleoirí ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2015	17
Liosta na gComhdhálacha/na Seisiún Oiliúna le linn 2015	18
Íocaíochtaí le Comhairleoirí in 2015	19
Roinn na nAiltirí	24
An Roinn Chorporáideach, Cumarsáide agus Rialachais	29
An Roinn Eacnamaíochta, Pobail agus Forbartha Cultúir	32
An Roinn Airgeadais agus Bainistithe Riosca	40
An Roinn Tithíochta	43
An Roinn Bonneagair & Athraithe Aeráide	49
An Roinn Seirbhísí Dlí	53
An Roinn Seirbhísí Bardasacha	54
An Roinn Pleanála agus Nuálaíochta Eagraíochtúla	62
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) amhail an 31 Nollaig 2015	70
Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach (Ráiteas maidir leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015	71
Táscairí Feidhmíochta 2015	72

BROLLACH 2015

Is cúis áthais dúinn é Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle don bhliain 2015 a chur i láthair ina bhfuil cur síos ar obair na Comhairle i soláthar seirbhísí tábhachtacha poiblí agus raon tionscadal bonneagair le linn na bliana. Chuidigh siadsan uile a chinntiú go mbeadh Dún Laoghaire-Ráth an Dúin ina cheantar cliste, beoga sa Chontae - áit atá tarrainnte, cuimsitheach agus inrochtana.

D'ainneoin na ndúshlán a raibh ar an Rialtas Áitiúil dul i ngleic leo ó bhí 2008 ann, tráth ar thosaigh an cúlú eacnamaíochta, lean an Chomhairle ag soláthar leibhéal maith seirbhísí i ngach Roinn i gcomhthráth le buiséad comhardaithe. Baineadh é sin amach trí iarrachtaí na foirne uile a ghlac go toilteanach le bealaí nua ár ngnó a dhéanamh fad is a choinnigh siad leibhéal ard soláthair seirbhíse.

Le linn 2015 bhí an Chomhairle in ann clár caipitil substaintiúil a chur chun cinn as ar eascair soláthar roinnt tionscadal rithábhachtach bonneagair agus roinnt tionscadal conláistí lena n-áirítear Scéimeanna Bhóthar na Potaireachta agus Bhóthar Frascatí chomh maith le dul chun cinn ar Scéimeanna Bhóthar Ceangail Bhaile na Lobhar agus Bhóthar Bhaile na Coille.

Leithdháileadh 107 áitreabh ar iarratasóirí tithíochta. D'áirigh sé seo 12 áitreabh faoi úinéireacht Comhlachas Deonach Tithíochta, 16 áitreabh faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus 79 n-áitreabh ó stoc na Comhairle.

Earcaíodh 41 dhuine ar Scéim Gateway in 2015 agus ar an gcaoi sin bhí 75 dhuine san iomlán earcaithe ar an Scéim.

Seo a leanas Bhuaiophointí 2015:-

- Osclaíodh go hoifigiúil dlr Lexlcon, ar an 17 Aibreán 2015 – is é seo Ionad nua na Leabharlainne Láir agus Cultúir. Tá sé seo ar an bhforbairt is suntasaí ar an mbonneagar poiblí i nDún Laoghaire le breis is 100 bliain anuas agus an infheistíocht is mó a rinne an Chomhairle i gconláiste cathartha. Ó osclaíodh an t-ionad, bhí an-tóir ag daoine iar, le breis is 400,000 cuairteoir in 2015.
- Glacadh le Plean Corparáideach 2015-2019 i mí Aibreáin, 2015.
- Ullmhaíodh Plean Forbartha Contae nua le haghaidh 2016-2022, tar éis na leasuithe a fhoilsiú sa dréachtphlean ar feadh tréimhse 4 seachtaine go dtí an 22 Nollaig, 2015.
- Glacadh le Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail DLR i mí na Nollag 2015.

Cuireadh roinnt tionscadal suntasach i gcrích nó bhí siad idir lámha le linn na bliana, mar shampla:-

- An dara céim d'athchóiriú suntasach Theach Bhaile an Róiste, a chuirfidh 34 aonad d'fhuinneamh éifeachtach ar fáil do dhaoine scothaosta. In 2015 ullmhaíodh líníochtaí Chuid 8 don tríú céim, a chuimsíonn 14 aonad.
- Cuireadh tús leis an obair ar thógáil 15 theach agus árasán nua ag Clós na Cromleice, Cill Tiarnáin.
- Rinneadh obair ar an 2ra céim den Tionscadal Metals mar a ndearnadh tírdhrechtú nua feadh éadan dlr Lexlcon.

- Leanadh leis an obair ar Champas Samuel Beckett chomh maith le roinnt scéimeanna fóillíochta agus conláistí eile.

Bronnadh roinnt Gradam ar an gComhairle in 2015. Ina measc bhí siad seo a leanas:-

- bronnadh cúpla gradam ar dlr Lexlcon; Gradaim 2015 Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann, Gradaim Barr Feabhais 2015 Schuenco, Gradam Chumann Chomhaltáí na nÚdarás Áitiúil (LAMA) don Fhoirgneamh Poiblí is Fearr agus Gradaim Grand Prix chomh maith le Gradam 2015 don Tionscadal Foirgnimh agus Dearaidh Ailtireachta in Éirinn.
- I mí Aibreáin 2015 d'ainmnigh an Public Sector Magazine Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin mar bhuaiteoir an ghradam 'Urban City Road Safety Award 2015' sna Gradaim Barr Feabhais sa Ghnó.
- Tháinig Bainistíocht Eastáit Chois Cairn sa chéad áit sa phríomhchomórtas i gCatagóir na nEastát Tithíochta i nGradaim Ómóis Áite 2015 de chuid IPB.
- Gradaim Leathbhliantúla Institiúid Tírdhreacha na hÉireann, (a) moladh sa chatagóir 'Dearadh – an Fearann Poiblí' don Phromanáid Ardaithe ag Páirc an Phobail, Dún Laoghaire agus (b) ardmholadh sa chatagóir 'Oidhreachta agus Caomhnú Tírdhreacha' d'athchóiriú Pháirc an Phobail, Dún Laoghaire.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na Comhaltáí Tofa as a gceannaireacht agus le foireann na Comhairle as a gcuid oibre i rith na bliana.



Councillor Barry Saul

An Cathaoirleach



Philomena Poole

An Príomhfheidhmeannach

AINMNEACHA, SEOLTAÍ, CLEAMHACHTAÍ LE PÁIRTITHE POLAITÍOCHTA AGUS UIMHREACHA GUTHÁIN CHOMHALTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN

BAILEY, John. (F.G)

Kilmore, Bóthar Chill Iníon Léinín, Cill Iníon Léinín, Contae Bhaile Átha Cliath

Fón Póca: 086-8324523

Rphost: jbailey@cllr.dlrcoco.ie

BAILEY, Maria (F.G)

Kilmore, Bóthar Chill Iníon Léinín, Cill Iníon Léinín, Contae Bhaile Átha Cliath

Fón Póca: 086-1019750

Rphost: mbailey@cllr.dlrcoco.ie

BAKER, Marie (F.G)

38 Plásóg Avondale, An Charraig Dhubh, Contae Bhaile Átha Cliath

Fón Póca: 086-8186704

Rphost: mbaker@cllr.dlrcoco.ie

Website: www.mariebaker.net

BOYHAN, Victor (NEAMHSPLÉACH) (PC)

25 Corrán na Gráinsí, Cill na Gráinsí, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath

Fón Póca: 086-2350382

Tel: 2750786

Rphost: vboyhan@cllr.dlrcoco.ie

BRENNAN, Shay (F.F)

31 Páirc Finsbury, Baile an Teampaill, Baile Átha Cliath 14

Fón Póca: 086-8290570

Rphost: sbrennan@cllr.dlrcoco.ie

CUFFE, Jennifer (F.F)

f/ch Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Halla an Chontae, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath

Fón Póca: 086-4608498

Rphost: jcuffe@cllr.dlrcoco.ie

CURRAN Chris (S.F)

11 Ascaill Levmoos, An Eachrais, Baile na Lobhar, Baile Átha Cliath 18

Fón Póca: 086-1043396

Rphost: ccurran@cllr.dlrcoco.ie

DALY, Kevin (NEAMHSPLÉACH)

f/ch Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Halla an Chontae, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath

Fón Póca: 086-4611081

Rphost: kdaly@cllr.dlrcoco.ie

DEVLIN, Cormac (F.F)

St. Michael's, 117 Ascaill Ghleann na gCaorach, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath

Fón Póca: 086-8186814

Tel: 2750786

Rphost: cdevlin@cllr.dlrcoco.ie

Website: www.cormacdevlin.ie

DOCKERY, Liam (F.F)

10 Páirc Chnoc Sionnaigh, Carraig an tSionnaigh, Baile Átha Cliath 18

Fón Póca: 086-4611624

Rphost: ldockery@cllr.dlrcoco.ie

DONNELLY, Deirdre (NEAMHSPLÉACH)

f/ch Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Halla an Chontae, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath

Fón Póca: 086-4611625

Rphost: ddonnelly@cllr.dlrcoco.ie

FAYNE, Mary (F.G)

Coolmaine, Bóthar Chuas an Ghainimh, Cuas an Ghainimh, Contae Bhaile Átha Cliath

Fón Póca: 086-4611626

Rphost: mfayne@cllr.dlrcoco.ie

FEENEY, Kate (F.F)

Lia Fáil, Páirc Wynberg, An Charraig Dhubh, Contae Bhaile Átha Cliath

Fón Póca: 086-4611627

Rphost: kfeeney@cllr.dlrcoco.ie

GILL, Karl (PBP)

12 Garrán na mBláth, Gleann na gCaorach, Contae Bhaile Átha Cliath

Fón Póca: 086-0667137

Rphost: kgill@cllr.dlrcoco.ie

HALPIN, Melisa (PBP)

91 Sráid Sheoirse Íochtarach, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath

Fón Póca: 086-3805793

Rphost: mhalpin@cllr.dlrcoco.ie

HANAFIN, Mary (F.F)

c f/ch Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Halla an Chontae, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath

Fón Póca: 087-3314646

Rphost: mhanafin@cllr.dlrcoco.ie

HAND, Pat (F.G)

25 Garrán an Chrainn Chnó Capaill, Baile an tSaoir, Baile Átha Cliath 16

Fón Póca: 086-6078181

Tel: 4945905

Rphost: phand@cllr.dlrcoco.ie

HORKAN, Gerry (F.F) (PC)

7 Páirc Choill an Chuilinn, Baile na nGabhar, Baile Átha Cliath 14

Fón Póca: 086-3881531

Rphost: ghorkan@cllr.dlrcoco.ie

KINGSTON, Deirdre (LO)

f/ch Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Halla an Chontae, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath

Fón Póca: 087-2340409

Rphost: dkingston@cllr.dlrcoco.ie

LEWIS, Hugh (PBP)

179 Páirc Plásóg na Fuinseoige, An Baile Breac, Contae Bhaile Átha Cliath

Fón Póca: 086-7814523

Rphost: hlewis@cllr.dlrcoco.ie

MADIGAN, Josepha (F.G)

56 Páirc Ghleann na Mainistreach, Cnoc Mhuirfean, Contae Bhaile Átha Cliath

Fón Póca: 086-7806803

Rphost: jmadigan@cllr.dlrcoco.ie

MARTIN, Catherine (G.P)

39 Roschoill Stockingwood, Ascaill Stoicín, Baile Átha Cliath

Fón Póca: 086-4611633

Rphost: cmartin@cllr.dlrcoco.ie

McCARTHY, Lettie (PO)

23 Arda Chill Ghobáin, An Chéim, Baile Átha Cliath 18

Fón Póca: 086-8186718

Rphost: lmccarthy@cllr.dlrcoco.ie

Website: www.lettie.net

McGOVERN, Lynsey (NEAMHSPLÉACH)

49 Bóthar Raghmallach, Baile Átha Cliath 6

Fón Póca: 086-4611634

Rphost: lmcgovern@cllr.dlrcoco.ie

McKINNEY, Carron (PÁIRTÍ AN LUCHT OIBRE)

6 Céide na Páirce, Cábán tSile, Contae Bhaile Átha Cliath

Fón Póca: 086-0081800

Rphost: cmckinney@cllr.dlrcoco.ie

MERRIGAN, Michael (NEAMHSPLÉACH)

11 Desmond Avenue, Dún Laoghaire, Co. Dublin

Fón Póca: 086-8756026

Rphost: mmerrigan@cllr.dlrcoco.ie

MURPHY, Brian (F.G)

f/ch Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Halla an Chontae, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath

Fón Póca: 086-1612137

Rphost: bmurphy@cllr.dlrcoco.ie

MURPHY, Tom (F.F)

Tree Tops, Barr na Coille, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18

Fón Póca: 086-7814515

Tel (office): 2956006

Fax: 2956258

Rphost: tmurphy@cllr.dlrcoco.ie

NIC CORMAIC, Sorcha (S.F)

1 Céid an Dearcáin, Dún Droma, Baile Átha Cliath 16

Fón Póca: 086-4611637

Tel: 2750786

Rphost: sniccormaic@cllr.dlrcoco.ie

O'BRIEN Peter (PÁIRTÍ AN LUCHT OIBRE)

23 Plásóg Chluain Ard, Bóthar Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 16

Fón Póca: 086-4611638

Rphost: pobrien@cllr.dlrcoco.ie

O'BRIEN Shane (S.F)

135 Cúil Aoibhinn, An Baile Breac, Contae Bhaile Átha Cliath

Fón Póca: 086-4611639

Rphost: sobrien@cllr.dlrcoco.ie

O'CALLAGHAN, Denis (PÁIRTÍ AN LUCHT OIBRE)

49 Páirc Ráth Salach, Seanchill, Contae Bhaile Átha Cliath.

Fón Póca: 086-2785609

Tel/Fax (home): 2822436

Rphost: denisoc@cllr.dlrcoco.ie

O'NEILL, Seamas (NEAMHSPLÉACH)

69 Ascaill na nÉan, Cluain Sceach, Baile Átha Cliath 14

Fón Póca: 086-4611640

Rphost: soneill@cllr.dlrcoco.ie

RICHMOND, Neale (F.G)

23 Arda Bhaile an Rí, Baile an tSaoir, Baile Átha Cliath 16

Fón Póca: 086-7814514

Tel: 6183108

Rphost: nrichmond@cllr.dlrcoco.ie

Website: www.nealerichmond.com

SAUL, Barry (F.G)

3 Bóthar Mather Thuaidh, Cnoc Mhuirfean, Contae Bhaile Átha Cliath

Fón Póca: 086-7814517

Rphost: bsaul@cllr.dlrcoco.ie

Website: www.barrysaul.ie

SMYTH, Carrie (PÁIRTÍ AN LUCHT OIBRE)

Kilmore, Bóthar Chill Iníon Léinín, Cill Iníon Léinín, Contae Bhaile Átha Cliath.

Fón Póca: 086-1019750

Rphost: mbailey@cllr.dlrcoco.ie

SMYTH, Ossian (G.P)

Pramila, Bóthar Tivoli, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath

Fón Póca: 086-4611628

Rphost: osmyth@cllr.dlrcoco.ie

STEWART, Patricia (F.G)

7 Lána na Stáblaí, Ardán Crofton, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath.

Fón Póca: 086-8291002

Rphost: pstewart@cllr.dlrcoco.ie

TALLON, Grace (PÁIRTÍ AN LUCHT OIBRE)

5 Ascaill Dhroim Meala, Dún Droma, Baile Átha Cliath 14

Fón Póca: 086-2492837

Rphost: gtallon@cllr.dlrcoco.ie

WARD, Barry (F.G)

f/ch Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Halla an Chontae, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath

Fón Póca: 085-1578000

Rphost: bward@cllr.dlrcoco.ie

Website: www.barryward.ie

BALLRAÍOCHT CHOISTE COMHAIRLEOIRÍ I GCOMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN

Ainm an Chomhairleora	Coiste Limistéir Dhún Laoghaire	Coiste Limistéir Dhún Droma	An Coiste Eagrúcháin, Gnásanna & Prótacal
Bailey, John (F.G.)	✓		✓
Bailey, Maria (F.G.)	✓		
Baker, Marie (F.G.)	✓		✓ Cathaoirleach Eanáir – Meitheamh
Boyhan, Victor (IND)	✓		
Brennan, Shay (F.F.)		✓	✓
Cuffe, Jennifer (F.F.)	✓		
Curran, Chris (S.F.)		✓	
Daly, Kevin (IND)		✓	
Devlin, Cormac (F.F.)	✓ Cathaoirleach Eanáir – Meitheamh		
Dockery, Liam (F.F.)		✓	✓
Donnelly, Deirdre (IND)		✓	
Fayne, Mary (F.G.)	✓		✓
Feeney, Kate (F.F.)	✓		✓
Gill, Karl (P.B.P.)	✓		✓
Halpin, Melisa (P.B.P.)	✓		✓
Hanafin, Mary (F.F.)	✓		
Hand, Pat (F.G.)		✓	✓
Horkan, Gerry (F.F.)		✓ Cathaoirleach Meán Fómhair – Nollaig	

Ainm an Chomhairleora	Coiste Limistéir Dhún Laoghaire	Coiste Limistéir Dhún Droma	An Coiste Eagrúcháin, Gnásanna & Prótacal
Humphreys, Dr. Richard (LAB)		✓ Éirithe as ar an 7 Bealtaine 2015	✓ Éirithe as ar an 7 Bealtaine 2015
Kingston, Deirdre (LAB)	✓		✓ Éirithe as ar an 25/04/2015
Lewis, Hugh (P.B.P.)	✓		
Madigan, Josepha (F.G.)		✓	
Martin, Catherine (G.P.)		✓	
McCarthy, Lettie (LAB)		✓	
McGovern, Lynsey (IND)		✓	
McKinney, Carron (LAB)		✓ Comhthofa an 14/09/2015	✓ Comhthofa an 14/09/2015
Merrigan, Michael (IND)	✓		✓
Murphy, Brian (F.G.)		✓	✓
Murphy, Tom (F.F.)		✓	
Nic Cormaic, Sorcha (S.F.)		✓	✓
O'Brien, Peter (LAB)		✓	✓ 11/05/2015 comhthofa
O'Brien, Shane (S.F.)	✓		
O'Callaghan, Denis (LAB)	✓		
O'Neill, Seamas (IND)		✓	✓
Richmond, Neale (F.G.)		✓	
Saul, Barry (F.G.)		✓ Cathaoirleach Eanáir –Meitheamh	✓ Cathaoirleach Meitheamh – Nollaig
Smyth, Carrie (LAB)	✓		
Smyth, Ossian (G.P.)	✓		✓
Stewart, Patricia (F.G.)	✓		
Tallon, Grace (LAB)		✓	✓
Ward, Barry (F.G.)	✓ Cathaoirleach Meán Fómhair – Nollaig		✓

Ainm an Chomhairleora	Coiste Póilneachta Áitiúil	Cumann na gComhaltarí Udarás Áitiúil	Coiste um Fhorharrt Pobail Áitiúil	Fóram Póilneachta Áitiúil	Fóram Póilneachta Áitiúil: Limistéar Átha an Ghainimh/na Céime	Fóram Póilneachta Áitiúil: R.A.P.I.D. Limistéar a chuimsíonn Baile Uí Lachnáin, Seangánach agus Ráth Salach	Coiste Comhairleacha Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Taisil arna bhund faoi Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998	Ciste Cuimhneacháin an Tiarna Edward Fitzgerald	An Coiste Úcáidí Cuimhneacháin	Saoráid Pobail Bhaile an Chnoic	Coiste Stiúrtha Public Art	Fóram Sláinte Réigiúnach	Sandyford Business District Alliance	Southside Partnership DLR	Cill Fhionntain – Áth an Ghainimh S2S
BAILEY John. (F.G)									✓						
BAILEY Maria (F.G)															
BAKER Marie (F.G)															
BOYHAN Victor (IND) (PC)															
BRENNAN, Shay (F.F)	✓														
CUFFE Jennifer (F.F)			✓									✓			
CURRAN Chris (S.F)	✓								✓						
DALY Kevin (IND)															
DEVLIN Cormac (F.F)	✓									✓				✓	
DOCKERY Liam (F.F)	✓							✓							
DONNELLY Deirdre (IND)	✓								✓						✓
FAYNE Mary (F.G)															
FEENEY Kate (F.F)			✓												
GILL Karl (PBP)															
HALPIN Melisa (PBP)									✓						✓
HANAFIN Mary (F.F)	✓							✓	✓		✓				
HAND Pat (F.G)		✓										✓			
HORKAN Gerry (F.F) (PC)												✓			
HUMPHREYS, Richard (LAB) (Resigned 7th May 2015)									✓						
KINGSTON Deirdre (LAB)	✓														✓
LEWIS Hugh (PBP)							✓								
MADIGAN Josepha (F.G)	✓		✓												
MARTIN, Catherine (G.P)									✓		✓				
McCARTHY Lettie (LAB)												✓			
McGOVERN Lynsey (IND)	✓					✓									

Éirthe as
2/11/15Éirthe as
7/05/15

Ainm an Chomhairleora	Coiste Póilneachta Áitiúil	Gumann na gComhaltar Údaráis Áitiúil	Coiste um Fhorharrt Pobail Áitiúil	Fóram Póilneachta Áitiúil	Fóram Póilneachta Áitiúil: Limistéar Átha an Ghainimh/na Céime	Fóram Póilneachta Áitiúil: R.A.P.I.D. Limistéar a chumsíonn Baile Uí Lachnáin, Seangánach agus Ráth Salach	Coiste Comhairleacha Áitiúil um Chúiríocht don Lucht Taisilí arna bhunú faoi Acht na dTithe (Cúiríocht don Lucht Siúil), 1998	Ciste Cuimhneacháin an Tarna Edward Fitzgerald	An Coiste Ócáidí Cuimhneacháin	Saoráid Pobail Bhaile an Chnoic	Coiste Stiúrtha Public Art	Fóram Sláinte Réigiúnach	Sandford Business District Alliance	Southside Partnership DLR	Gill Fhionntain – Áth an Ghainimh S2S
McKINNEY Carron (LAB) (Co-opted 14/09/15)									✓						
MERRIGAN Michael (IND)	✓														
MURPHY Brian (F.G)															
MURPHY Tom (F.F)					✓ Ceaptha 2/11/15		✓						✓		
NIC CORMAIC Sorcha (S.F)															
O'BRIEN Peter (LAB)	✓	✓													
O'BRIEN Shane (S.F)												✓			
O'CALLAGHAN, Denis (LAB)															
O'NEILL, Seamas (IND)															
RICHMOND, Neale (F.G)													✓		
SAUL Barry (F.G)	✓								✓ Éirithe as 11/12/15						
SMYTH Carrie (LAB)						✓			✓		✓				
SMYTH Ossian (G.P)	✓									✓		✓		✓	✓
STEWART Patricia (F.G)	✓			✓											
TALLON Grace (LAB)							✓								
WARD Barry (F.G)	✓							✓	✓ Ceaptha 14/12/15						✓

BALLRAÍOCHT AN CHOISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA (SPC)

*Is léiriú é an tábla ar bhallraíocht SPC in 2015

Comhairleoirí	SPC um Fhorhairt Pobail, Cultúr & Aosú	SPC um Fhorhairt Eacnamaíoch agus Fiontar	SPC um Ghomhshaoil, Athrú Aeráide agus Fuinneamh	SPC um Pleanáil	SPC Tithíochta Sóisialta	SPC um Iompar agus Gluaiseacht ar fud an Chontae
Bailey, John F.					✓ (Cathaoirleach)	✓
Bailey, Maria				✓	✓	
Baker, Marie			✓	✓		
Boyhan, Victor				✓	✓	
Brennan, Shay					✓	✓
Cuffe, Jennifer			✓	✓		
Curran, Chris		✓			✓	
Daly, Kevin		✓		✓		
Devlin, Cormac			✓ (Cathaoirleach)		✓	
Dockery, Liam		✓				✓
Donnelly, Deirdre	✓					✓
Fayne, Mary	✓		✓			
Feeney, Kate		✓			✓	
Gill, Karl	✓			✓		
Halpin, Melisa		✓			✓	
Hanafin, Mary	✓	✓				
Hand, Pat					✓	✓
Horkan, Gerry				✓		✓ (Cathaoirleach)
Humphreys, Richard (Resigned May 2015)			✓	✓		
Kingston, Deirdre					✓	✓

Comhairleoirí	SPC um Fhorbairt Pobail, Cultúr & Aosú	SPC um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontar	SPC um Chomhshaoil, Athrú Aeráide agus Fuinneamh	SPC um Pleanáil	SPC Tithíochta Sóisialta	SPC um Iompar agus Gluaiseacht ar fud an Chontae
Lewis, Hugh			✓			✓
Madigan, Josepha	✓	✓				
Martin, Catherine	✓			✓		
McCarthy, Lettie		✓				✓
McGovern, Lynsey	✓		✓			
McKinney, Carron (co-opted September 2015)			✓	✓ Ceaptha 14/09/15		
Merrigan, Michael		✓			✓	
Murphy, Brian				✓	✓	
Murphy, Tom		✓		✓		
Nic Cormaic, Sorcha	✓		✓			
O'Brien, Peter		✓			✓	
O'Brien, Shane				✓ (Cathaoirleach)		✓
O'Callaghan, Denis					✓	
O'Neill, Seamas			✓			✓
Richmond, Neale	✓	✓				
Saul, Barry			✓			✓
Smyth, Carrie	✓ (Cathaoirleach)		✓			
Smyth, Ossian			✓			✓
Stewart, Patricia	✓			✓		
Tallon, Grace	✓			✓		
Ward, Barry		✓ (Cathaoirleach)				✓

Ionadaithe Earnálacha	SPC um Fhorbairt Pobail, Cultúr & Aosú	SPC um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontar	SPC um Chomhshaoil, Athrú Aeráide agus Fuinneamh	SPC um Pleanáil	SPC Tithíochta Sóisialta	SPC um Iompar agus Gluaisceacht ar fud an Chontae
Abdel-Basit, Clare	✓					
Alken, Gregory						✓
Brennan, Kieron					✓	
Browne, Dr. Josephine		✓				
Byrne, Keith						✓
Callendar, Rosheen		✓				
Clancy, Peter			✓			
Clooney, Elizabeth			✓			
Colgan, Anne					✓	
Colgan, Jim						✓
Colley, Jeff				✓		
Conlon, Tom	✓					
Corish, Terence (appointed Dec 2015)					✓	
Cummins, Fiona (appointed April 2015)	✓					
Delaney, Adele					✓	
Eglington, Aileen		✓				
Ferris, Liz					✓	
Fitzgerald, Kevin				✓		
Fitzsimons, Robert (resigned Dec 2015)						✓
Flanagan, Paula			✓			
Gallagher, Matt				✓		
Goodbody Rob				✓		
Graydon, Geraldine	✓					
Hegarty, Marese			✓			
Heywood, Veronica				✓		

Ionadaithe Earnálacha	SPC um Fhorbairt Pobail, Cultúr & Aosú	SPC um Fhorbairt Eachramáíoch agus Fiontar	SPC um Ghomhshaoil, Athrú Aeráide agus Fuinneamh	SPC um Pleanáil	SPC Tithíochta Sóisialta	SPC um Iompar agus Gluaiseacht ar fud an Chontae
Jordan, Jimmy					✓	
Keenan, Neil (resigned April 2015)	✓					
Kenny, Catherine (resigned Dec 2015)					✓	
Kivlehan, Tom		✓				
Leyden, Jim		✓				
Moriarty, Christopher J.			✓			
Mulvey, Denis			✓			
Neill, Pat						✓
Nolan, John						✓
Nolan, Tom						✓
O'Callaghan, Paul				✓		
O'Donnell, Martin				✓		
O'Neill, Sean		✓				
O'Sullivan, Clare (appointed Dec 2015)						✓
Relihan, Michele	✓					
Sultan, Fardus		✓				
Vacant					✓	
White, Victoria	✓					

TUARASCÁLACHA AN CHOISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA

Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Forbairt Pobail, Cultúr agus Aosú

Reáchtáladh 3 chruinniú in 2015.

Breithníodh na gnéithe beartais seo a leanas a bhain le sainchúram an choiste:

- Ballraíocht an Ghrúpa Stiúrtha um Ealaín Phoiblí
- Plean agus Clár Forbartha na Leabharlann
- Clár Comórtha Céad Bliain 1916
- Plean Oidhreachta
- Plean Caomhantais Oileán Dheilginse
- Ionchur agus aiseolas faoin Straitéis Aoisbháúil

Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontair

Reáchtáladh 4 chruinniú in 2015.

Breithníodh na gnéithe beartais seo a leanas a bhain le sainchúram an choiste:

- Ráiteas Socheacnamaíochta a fhorbairt agus a aontú le haghaidh Dhún Laoghaire- Ráth an Dúin
- Dréachtphlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Dhún Laoghaire- Ráth an Dúin a fhorbairt agus comhairliúchán a bheith ann ina leith
- Glacadh le Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail le haghaidh Dhún Laoghaire- Ráth an Dúin
- Breithníodh agus pléadh feidhmiú na hOifige Fiontair Áitiúil (LEO) chomh maith leis na príomhthacaí a sholáthraítear ann agus an méid a bhain sí amach le linn 2015

Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Comhshaol, Athrú Aeráide agus Fuinneamh

Reáchtáladh 3 chruinniú in 2015.

Seo a leanas achoimre ar na saincheisteanna a pléadh:

- Plean Bainistithe Dramhaíola an Lár-Réigiúin Thoir 2015/2021
- Plean Bainistithe Bruscair DLR 2015-2017
- Measúnú agus Bainistiú Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair – CFRAM
- Seirbhísí Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
- Comhpháirtíocht Sléibhte Bhaile Átha Cliath
- An Tionscnamh Náisiúnta Pailneora

- Ábhair Ísealcharbóin – Stroighin
- Laghdú ar Shalú Madraí
- Léarscáileanna Tuilte - Staidéir
- Fodhlíthe Páirceanna
- Tuairisc chun dáta ar Ainmniú Bithsféar Bhá Bhaile Átha Cliath
- Plean Caomhantais Chaisleán Charraig Mhaighin

Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Pleanáil

Reáchtáladh 3 chruinniú in 2015.

Seo a leanas achoimre ar na saincheisteanna a pléadh:-

- Scéimeanna um Ranníocaíochtaí Forlíontacha
- Treordhoiciméad maidir le Díonta Glasa
- Pleanáil le haghaidh Áite
- An tAcht um Athbheochan Uirbeach 2015
- Straitéis NTA 2016 – 2035
- Cur i Láthair ón Tascfhórsa Tithíochta – Forléargas & Tuairisc chun Dáta maidir le Beartas Rialtais

Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Tithíocht Shóisialta

Reáchtáladh 3 chruinniú in 2015.

Seo a leanas achoimre ar na saincheisteanna a pléadh:

- Creat Beartais Tithíochta Áitiúil do sholáthar 800 aonad Tithíochta Sóisialta in 2016
- Plé agus iniúchadh a dhéanamh ar raon na ngníomhartha/na samhlacha ionchasacha/na bhfoinsí smaoiniúcháin chun dul chun cinn sa bhreis a dhéanamh i ndul ingléic leis an liosta feithimh agus fairsinge na ngníomhartha sin leis an aidhm dul chun cinn a dhéanamh ar an spriocanna arna socrú ag DECLG agus arna maoiniú go díreach ag DECLG
- Tithíocht Modúlach
- Úinéireacht Chomharthithíochta
- Laghdú Méide Tí a Chur Chun cinn
- Tuairisc maidir leis an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP)
- Síneadh a chur leis an tréimhse ama i Straitéis Iompraíochta Frithshóisialta Dhún Laoghaire- Ráth an Dúin 2010–2015 – go dtí go mbeidh an Straitéis leasaithe glactha ag an gComhairle
- Reáchtáladh ceardlann tithíochta agus d'fhreagair an Stiúrthóir saincheisteanna éagsúla a cuireadh

Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le hlompar agus Gluaiseacht ar Fud an Chontae

Reáchtáladh 3 chruinniú in 2015.

Breithníodh na saincheisteanna seo a leanas.

- Athbhreithniú ar an Scéim um Maoir Tráchta ag féachaint len é a leathnú amach b'fhéidir
- Tuairisc chun dáta ar Thionscadail Rothaíochta sa Chontae
- Staitisticí Rothaíochta
- Athbhreithniú ar an mBeartas Páirceála agus ar Fhodhlíthe Rialaithe Páirceála
- Athbhreithniú ar na Bearta atá ar fáil maidir le Páirceáil Forsceite ó UCD
- Comhfhreagras i ndáil le Bainistiú Éilimh M50
- Gnás Ginearálta le go bhféadfaí Limistéar a Bhaint ó Scéim Páirceála Íochta Áitritheoirí
- Grúpáil ar Ghabháil Tráchtrialaithe isteach sna catagóirí Íseal/Meánach/Ard-Bhaol
- Luasteorainn Speisialta de 30km/h a thabhairt isteach in Eastáit Chónaithe – Tuairisc Chun Dáta ar an Tionscadal
- Tuarascáil tar éis comhairliúchán poiblí maidir leis an bPlean Sábháilteachta ar Bhóithre 2015-2020
- Trasrianta Síogacha a thabhairt isteach cóngarach do Scoileanna/Limistéir Siopadóireachta in ionad na húsáide atá á bhaint níos mó is níos mó chun an bóthar a thrasnú as boscaí le marcanna buí nó as an talamh ardaithe ag rampaí.
- Oibreachtas Feabhsúcháin Bóthair ag Bóthar an Ghleanna Dhuibh/Bóthar Ghráinseach an Araltaigh; Ascaill Bhaile an Róistigh/Bóthar na Mainistreach (Dún Laoghaire); Bóthar Sheangánaí (Seanchill)
- Tuarascáil curtha faoi bhráid Cheann an Rannáin Forbartha Iompair den Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) i ndáil le “Rothair Bhaile Átha Cliath” agus “Rothair Réigiúnacha.”
- Tuarascáil maidir leis an nGrúpa Comhairleach Tráchta (TAG)
- Tuarascáil ón bhFochoiste Páirceála
- Critéir Dúnta Bóthair

TINREAMH AG CRUINNITHE NA gCOMHAIRLEOIRÍ ÓN 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2015

AINM AN CHOMHAIRLEORA	Líon Iomlán na gCruinnithe	Líon na gCruinnithe ar Freastalaíodh orthu	% Iomlán Ráta Tinrimh
BAILEY John. (F.G)	51	47	93%
BAILEY Maria (F.G)	46	42	92%
BAKER Marie (F.G)	59	55	94%
BOYHAN Victor (IND) (PC)	47	44	94%
BRENNAN, Shay (F.F)	54	44	82%
CUFFE Jennifer (F.F)	46	41	90%
CURRAN Chris (S.F)	51	45	89%
DALY Kevin (IND)	50	46	92%
DEVLIN Cormac (F.F)	48	47	98%
DOCKERY Liam (F.F)	52	46	89%
DONNELLY Deirdre (IND)	47	44	94%
FAYNE Mary (F.G)	51	48	95%
FEENEY Kate (F.F)	52	44	85%
GILL Karl (PBP)	51	48	95%
HALPIN Melisa (PBP)	52	42	81%
HANAFIN Mary (F.F)	49	39	80%
HAND Pat (F.G)	53	47	89%
HORKAN Gerry (F.F) (PC)	51	51	100%
HUMPHREYS, Richard (LAB) (Éirithe as an 7 Bealtaine 2015)	18	8	45%
KINGSTON Deirdre (LAB)	49	43	88%
LEWIS Hugh (PBP)	46	39	85%
MADIGAN Josepha (F.G)	48	42	88%
MARTIN, Catherine (G.P)	49	44	90%
McCARTHY Lettie (LAB)	50	47	94%
McGOVERN Lynsey (IND)	50	35	70%
McKINNEY Carron (LAB) (Comhthofa 14/19/15)	18	10	56%
MERRIGAN Michael (IND)	53	53	100%
MURPHY Brian (F.G)	53	37	70%
MURPHY Tom (F.F)	50	41	82%
NIC CORMAIC Sorcha (S.F)	53	43	82%
O'BRIEN Peter (LAB)	55	51	93%
O'BRIEN Shane (S.F)	45	44	98%
O'CALLAGHAN, Denis (LAB)	51	50	99%
O'NEILL, Seamas (IND)	53	53	100%
RICHMOND, Neale (F.G)	50	42	84%
SAUL Barry (F.G)	50	43	86%
SMYTH Carrie (LAB)	46	46	100%
SMYTH Ossian (G.P)	52	48	93%
STEWART Patricia (F.G)	47	45	96%
TALLON Grace (LAB)	53	26	50%
WARD Barry (F.G)	53	48	91%

LIOSTA NA gCOMHDHÁLACHA/NA SEISIÚN OILIÚNA LE LINN 2015

Datá	Liosta na gComhdhálacha/na Seisiún Oiliúna ar Freastalaíodh orthu Le linn 2015	Comhdháil nó Oiliúint	Suíomh	Líon na gComhairleoirí
An 21 Feabhra 2015	AILG: Oiliúint Inseirbhíse, An tInbhear Mór	Oiliúint	Co. Chill Mhantain	4
An 12-14 Márta 2015	AILG: 2ra Comhdháil Bhliantúil 2015	Oiliúint	Co. Mhuineacháin	6
An 14 Aibreán 2015	AILG: Oiliúint Inseirbhíse, Luimneach	Oiliúint	Co. Luimnigh	1
An 10 Aibreán 2015	LAMA: Seimineár an Earraigh Tuaim	Oiliúint	Co. na Gaillimhe	3
An 16 Aibreán 2015	Cruinniú Mullaigh 'Future of Towns', Dún Laoghaire.	Comhdháil	Co. Átha Cliath	6
An 07 Bealtaine 2015	AILG Réigiún an Deiscirt- Cill Chainnigh	Oiliúint	Co. Chill Chainnigh	1
An 21 Bealtaine 2015	AILG Oiliúint Inseirbhíse - Port Laoise	Oiliúint	Port Laoise	2
An 27 Bealtaine 2015	Holyhead - Dún Laoghaire Cruinniú Eagrúcháin Nascanna	Comhdháil	Holyhead, an Bhreatain Bheag	1
An 13 Meitheamh 2015	AILG Oiliúint Inseirbhíse - Longfort	Oiliúint	An Longfort	3
An 7 Lúnasa 2015	An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015	Comhdháil	Co. Chorcaí	1
An 10 Meán Fómhair 2015	Seimineár Pleanála, Campas Ollscoile Mhaigh Nuad	Comhdháil	Maigh Nuad	1
An 25 - 27 Meán Fómhair 2015	The La Touche Legacy	Comhdháil	Na Clocha Liatha	1
An 1 - 2 Deireadh Fómhair 2015	AILG: 3ú Comhdháil Bhliantúil 2015	Oiliúint	Co. Chorcaí	5
An 6 Deireadh Fómhair 2015	AILG Oiliúint Inseirbhíse	Oiliúint	An Tulach Mhór	2
An 9 - 10 Deireadh Fómhair 2015	LAMA: Seimineár Earraigh, Cill Chainnigh	Oiliúint	Co. Chill Chainnigh	5
An 17 Deireadh Fómhair 2015	AILG Oiliúint Inseirbhíse	Oiliúint	Co. Chorcaí	3
An 14 Samhain 2015	AILG In Oiliúint Inseirbhíse sa Red Cow Inn	Oiliúint	Baile Átha Cliath	2
An 20 - 22 Samhain 2015	An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015	Comhdháil	Co. Lú	1
An 23 - 25 Samhain 2015	Treoir Phraiticiúil maidir le Buiséad 2015	Comhdháil	Co. Chorcaí	1
An 11 - 13 Nollaig 2015	Ciste Comhtháthaithe AE 2014 -2020	Comhdháil	Co. Lú	2

ÍOCAÍOCHTAÍ LE COMHAIRLEOIRÍ IN 2015

ÍOCAÍOCHTAÍ LE COMHAIRLEOIRÍ IN 2015

Comhairleoir:- 40 Comhairleoir san Iomlán [1. Comh. Éirithe As 1.Comh. Comhthofa]	Iomlán an Bhille Fóin Phóca 2015 in aghaidh an Chomhairleora	Méid íochta de réir Comhairleora le haghaidh 2015 (Uasmhéid)	Méid an Bhille Fóin íochta de réir Comhairleora 2015	Méid an Chostais Leathanbhanda íochta de réir Comhairleora 2015	Tuarastal / Íocaíocht Ionadaíoch	Aisce
John Bailey	€411.73	€205.87	€205.86	€0.00	€16,565.00	
Bailey Maria	€886.98	€552.64	€334.34	€0.00	€16,565.00	
Baker Marie	€286.18	€143.09	€143.09	€335.39	€16,565.00	
Boyhan Victor	€393.73	€196.85	€196.85	€0.00	€16,565.00	
Brennan Shay	€1,006.16	€547.18	€458.98	€216.85	€16,565.00	
Cuffe Jennifer	€440.18	€246.57	€193.61	€0.00	€16,565.00	
Curran Chris [Meitheamh 2014 - Feabhra 2015]	€384.52	€192.25	€192.27	€257.29	€16,565.00	
Daly Kevin	€263.77	€131.88	€131.89	€0.00	€16,565.00	
Devlin Cormac [Cathaoirleach SPC]	€826.69	€522.23	€304.46	€0.00	€16,565.00	
Dockery Liam	€266.22	€133.11	€133.11	€0.00	€16,565.00	
Donnelly Deirdre	€372.94	€186.47	€185.97	€0.00	€16,565.00	
Fayne Mary	€900.29	€504.42	€395.87	€0.00	€16,565.00	
Feeney Kate	€285.23	€142.61	€142.62	€0.00	€16,565.00	
Gill Karl	€494.73	€247.36	€247.37	€0.00	€16,565.00	
Halpin Melisa	€335.56	€167.78	€167.78	€0.00	€16,565.00	
Hanafin Mary	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	
Hand Pat	€328.66	€164.33	€164.33	€274.41	€16,565.00	
Horkan Gerry [Cathaoirleach SPC]	€310.16	€155.08	€155.08	€0.00	€16,565.00	
Humphreys Richards [Éirithe as an 07 Bealtaine 2015]	€96.92	€48.46	€48.46	€0.00	€6,841.94	
Kingston Deirdre	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€16,565.00	
Lewis Hugh	€689.68	€360.59	€329.09	€0.00	€16,565.00	
Madigan Josepha [Leas-Chathaoirleach an 8 Meitheamh 2015]	€270.04	€135.02	€135.02	€0.00	€16,565.00	

Comhairleoir:- 40 Comhairleoir san Iomlán [1. Comh. Éirithe As 1.Comh. Comhthofa]	Iomlán an Bhille Fóin Phóca 2015 in aghaidh an Chomhairleora	Méid íochta de réir Comhairleora le haghaidh 2015 (Uasmhéid)	Méid an Bhille Fóin íochta de réir Comhairleora 2015	Méid an Chostais Leathanbhanda íochta de réir Comhairleora 2015	Tuarastal / Íocaíocht Ionadaíoch	Aisce
Martin Catherine	€274.66	€137.33	€137.33	€0.00	€16,565.00	
McCarthy Lettie	€533.95	€266.97	€266.98	€310.89	€16,565.00	
McGovern Lynsey	€345.99	€172.99	€173.00	€0.00	€16,565.00	
Carron McKinney [Comhthofa an 14 Meán Fómhair 2015]	€69.36	€34.68	€34.68	€0.00	€5,521.68	
Merrigan Michael	€267.60	€133.80	€133.80	€365.88	€16,565.00	
Murphy Brian	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€16,565.00	
Murphy Tom	€266.36	€133.18	€133.18	€0.00	€16,565.00	
Nic Cormaic Sorcha	€267.16	€133.58	€133.58	€0.00	€16,565.00	
O'Brien Peter	€313.36	€156.68	€156.68	€0.00	€16,565.00	
O'Brien Shane [Cathaoirleach SPC]	€299.70	€149.85	€149.85	€0.00	€16,565.00	
O'Callaghan Denis	€267.44	€133.72	€133.72	€0.00	€16,565.00	
O'Neill Seamas	€268.10	€134.05	€134.05	€398.21	€16,565.00	
Richmond Neale	€567.99	€283.99	€284.00	€0.00	€16,565.00	
Saul Barry	€267.80	€133.90	€133.90	€0.00	€16,565.00	
Smyth Carrie [Cathaoirleach SPC]	€272.12	€136.06	€136.06	€370.80	€16,565.00	
Smyth Ossain (Leathanbhanda- Iúil 2014 - Samhain 2015)	€432.98	€245.86	€187.12	€485.41	€16,565.00	
Stewart Patricia [Fón Phóca Samhain 14 - Meitheamh 15]	€644.27	€322.13	€322.13	€0.00	€16,565.00	
Tallon Grace	€375.41	€187.70	€187.71	€0.00	€16,565.00	
Ward Barry [Cathaoirleach SPC] [Íocaíocht le haghaidh Fón Phóca & Leathanbhanda lena n-áirítear Samhain agus Nollaig 2014 - Íochta in 2015]	€561.49	€331.72	€229.78	€274.41	€16,565.00	
Total	€15,546.11	€8,211.98	€7,333.60	€3,289.54	€641,833.62	€0.00

Bili Fóin Phóca 2015: De réir Chiorclán L05/2015 iocann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin leath de Bhille Fóin Phóca an Chomhairleora suas go hUasmhéid de €600.00 in aghaidh na bliana. Iocann an Comhairleoir féin an chuid eile den bhille e.g. más é €1,500.00 iomlán bhille an Chomhairleora iocfaidh an Comhairle €600.00 agus iocfaidh an Comhairleoir i gceist an fuilleach. Bhain 37 gComhairleoir leas as na fóin phóca a chuir an Chomhairle ar fáil; tá 36 ann a bhfuil fóin phóca acu a roghnaigh an Chomhairle. Déantar leath de na Billí Fóin Phóca a asbhaint ó íocaíochtaí do Chruinnithe na gComhairleoirí. Tá 4 Chomhairleoir ann atá le soláthraithe éagsúla faoi láthair agus cuireann siad a mbillí féin isteach chuig an gComhairle a iocann suas le huasmhéid de €50.00. Tá 3 Chomhairleoir ann nár éiligh Speansais Fóin Phóca nó Leathanbhanda i [Ráithe 1 -> Ráithe 4]. Bhain 33 Chomhairleoir leas as Billeáil Dheighilte.

Leathanbhanda 2015:- Féadfaidh na Comhairleoirí leas a bhaint as líntas leathanbhanda suas go huasmhéid €30.49 le soláthraí roghnaithe. Bhain 9 /41 Chomhairleoir leas as an gcineál seo líntais [R1 -> R4]. Is gá do Chomhairleoirí a mbillí féin a chur isteach & leath dá mbille leathanbhanda a fhorchúiteamh suas leis an uasmhéid. Bhí 3 ann nár bhain leas as an Leathanbhanda.

ÍOCAÍOCHTAÍ LE COMHAIRLEOIRÍ IN 2015 ...

Comhairleoir:- 40 Comhairleoir san Iomlán [1. Comh. Éirithe As 1.Comh. Comhthofa]	Liúntas 2015 an Chathaoirligh/an Leas-Chathaoirligh - (Rialacháin 2015 maidir le Speansais na gComhaltáí Údaráis Áitiúil 2015)	Taisteal & Cothabháil do chruinnithe le haghaidh 2015 (a áiríonn asbhaintí le haghaidh na mBillí Fóin Póca) LG 05/15 (LG 33/06 roimh Mheitheamh 14)	Liúntas 2015 SPC le haghaidh an Chathaoirligh amháin 2015 LG 05/15(LG 02/10 roimh Mheitheamh 14)	Táillí Comhdhála/ Oiliúna 2015 de réir chiorcalán LG 05/4 (LG 02/10 roimh Mheitheamh 2015)	Taisteal & Cothabháil Mheasta le freastal ar Chomhdháil agus Oiliúint – Nár éilíodh fós. LG 05/2015 / 02/10 (LG02/10 roimh Mheitheamh 2015)	An tIomlán a Íocadh le Comhairleoirí in 2015
John Bailey		€6,294.18	€5,000.04	€0.00	€0.00	€28,065.08
Bailey Maria		€5,947.40		€0.00	€0.00	€22,846.74
Baker Marie	€13,166.66	€6,356.95		€0.00	€0.00	€36,567.09
Boyhan Victor		€6,303.19		€2,433.67	€0.00	€25,498.71
Brennan Shay		€6,500.04		€0.00	€0.00	€23,740.87
Cuffe Jennifer		€6,253.47		€0.00	€168.05	€23,180.13
Curran Chris [Meitheamh 2014 - Feabhra 2015]		€6,500.04		€0.00	€77.14	€23,591.74
Daly Kevin		€6,368.16		€0.00	€1,933.93	€24,998.98
Devlin Cormac [Cathaoirleach SPC]		€6,195.59	€5,000.04	€0.00	€0.00	€28,065.09
Dockery Liam		€6,366.93		€0.00	€0.00	€23,065.04
Donnelly Deirdre		€6,314.07		€0.00	€0.00	€23,065.04
Fayne Mary		€5,995.62		€808.96	€0.00	€23,765.45
Feeney Kate		€6,357.43		€0.00	€99.00	€23,164.05
Gill Karl		€6,252.68		€0.00	€0.00	€23,065.05
Halpin Melisa		€6,332.26		€0.00	€0.00	€23,065.04
Hanafin Mary		€0.00		€0.00	€0.00	€0.00
Hand Pat		€6,335.71		€3,412.70	€369.25	€27,121.40
Horkan Gerry [Cathaoirleach SPC]		€6,344.96	€5,000.04		€3,163.92	€31,229.00
Humphreys Richards [Éirithe as an 07 Bealtaine 2015]		€1,551.95		€0.00	€0.00	€8,442.35
Kingston Deirdre		€6,500.04		€0.00	€0.00	€23,065.04
Lewis Hugh		€5,737.77		€0.00	€0.00	€22,631.86

Comhairleoir:- 40 Comhairleoir san Iomlán [1. Comh. Éirithe As 1.Comh. Comhthofa]	Liúntas 2015 an Chathaoirligh/an Leas-Chathaoirligh - (Rialacháin 2015 maidir le Speansais na gComhaltáí Údaráis Áitiúil 2015)	Taisteal & Cothabháil do chruinnithe le haghaidh 2015 (a áiríonn asbhaintí le haghaidh na mBillí Fóin Póca) LG 05/15 (LG 33/06 roimh Mheitheamh 14)	Liúntas 2015 SPC le haghaidh an Chathaoirligh amháin 2015 LG 05/15(LG 02/10 roimh Mheitheamh 14)	Táillí Comhdhála/ Oiliúna 2015 de réir chiorcalán LG 05/4 (LG 02/10 roimh Mheitheamh 2015)	Taisteal & Cothabháil Mheasta le freastal ar Chomhdháil agus Oiliúint – Nár éilíodh fós. LG 05/2015 / 02/10 (LG02/10 roimh Mheitheamh 2015)	An tIomlán a Íocadh le Comhairleoirí in 2015
Madigan Josepha [Leas Cathaoirleach 8 Meitheamh 2015]	€3,383.33	€6,365.02		€0.00	€0.00	€26,448.37
Martin Catherine		€6,362.71		€0.00	€0.00	€23,065.04
McCarthy Lettie		€6,233.07		€95.18	€0.00	€23,471.12
McGovern Lynsey		€4,606.15		€0.00	€0.00	€21,344.15
Carron McKinney [Comhthofa an 14 Meán Fómhair 2015]		€1,769.54			€0.00	€7,325.90
Merrigan Michael		€4,926.78		€110.89	€0.00	€22,102.35
Murphy Brian	€2,633.33	€4,724.51		€0.00	€0.00	€23,922.84
Murphy Tom		€6,366.86		€0.00	€0.00	€23,065.04
Nic Cormaic Sorcha		€6,366.47		€0.00	€0.00	€23,065.05
O'Brien Peter		€6,343.36		€0.00	€0.00	€23,065.04
O'Brien Shane [Cathaoirleach SPC]		€6,350.19	€5,000.04	€0.00	€0.00	€28,065.08
O'Callaghan Denis		€6,366.32		€0.00	€0.00	€23,065.04
O'Neill Seamas		€4,926.59		€0.00	€0.00	€22,023.85
Richmond Neale		€6,216.05		€771.24	€0.00	€23,836.29
Saul Barry	€16,916.67	€6,366.14		€323.82	€0.00	€40,305.53
Smyth Carrie [Cathaoirleach SPC]		€6,363.98	€5,000.04	€0.00	€0.00	€28,435.88
Smyth Ossain (Leathanbhanda- Iúil 2014 - Samhain 2015)		€6,254.18		€490.93	€0.00	€23,982.64
Stewart Patricia [Fón Póca Samhain 14 - Meitheamh 15]		€6,500.04		€0.00	€0.00	€23,387.17
Tallon Grace		€4,807.71		€0.00	€0.00	€21,560.42
Ward Barry [SPC Chair] [Íocaíocht le haghaidh Fón Póca & Leathanbhanda lena n-áirítear Samhain agus Nollaig 2014 - Íoctha in 2015]		€6,500.04	€5,000.04	€0.00	€0.00	€28,569.27
Total	€36,099.99	€235,524.15	€30,000.24	€8,447.39	€5,811.29	€968,339.82

ROINN NA NAILTIRÍ

Cuireann Roinn na nAiltirí raon leathan seirbhísí ar fáil a bhaineann le cúrsaí tógála, sna catagóirí seo a leanas:

- (a) Tithíocht
- (b) Dearadh Uirbeach + Fearann Poiblí
- (c) Foirgnimh Chathartha
- (d) Caomhnú ar an Oidhreacht Thógtha
- (e) Struchtúir/Áiteanna Dainséaracha
- (f) Bainistiú Fuinnimh
- (g) Ilchineálach

Tithíocht

Leanadh leis an gClár Tithíochta, i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, in 2015. D'áirigh clár nua oibreacha roinnt tionscadal ar an láthair: 15 theach agus árasán nua ag Clós na Cromleice, athchóiriú ar Thithíocht Ghleann an Draoi, An Baile Breac, Co. Átha Cliath agus cóiríocht shealadach don Lucht Taistil ag Baile Uí Ógáin.

Leanadh leis an dara céim d'athchóiriú suntasach ar Theach Bhaile an Róiste ar an láthair. Meastar go mbeidh sé sin i gcrích

Thíos: Promanáid Ardaithé, Dún Laoghaire



go luath sa bhliain 2016 agus cuirfidh sé 34 áitreabh atá tíosach ar fhuinneamh ar fáil mar chuid de scéim phiólótach Europhit. Rinneadh dearthaí agus líníochtaí táirgeachta Chuid 8 don tríú céim in 2015, a chuimsigh 14 aonad. Chomh luath agus a bheidh sé sin tógtha, beidh athrú mór tagtha ar Theach Bhaile an Róiste.

Chomh maith leis sin, rinneadh dul chun cinn ar phleanáil agus líníochtaí táirgeachta Chuid 8 le haghaidh 44 áitreabh ag Cúirt Chnocán na Rós, Dún Droma, 50 áitreabh ag Páirc Mhic Gearailt, Dún Laoghaire, 4 áitreabh ag Cluain Tiobrad sa Charraig Dhubh agus fuarthas cead pleanála Chuid 8 le haghaidh 2 scéim inlionsa ag An Naigín.

Chuir an rannóg um Oibreacha Beaga i gcrích 30 uasghrádú ar sheomraí folctha agus 6 rampa do chathaoireacha rothaí faoin Scéim Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas in 2015. Bhí clár d'athchóirithe agus sínte tithe ar bun chomh maith.

Lean an clár de Chothabháil Phleanáilte in 2015.

Leanadh leis an gclár de chigireachtaí spotseiceála ar chóiríocht phríobháideach ar cíos i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Is é cuspoir an chláir seo a cinntiú go gcloíonn cóiríocht phríobháideach ar cíos leis na caighdeáin arna leagan síos sna rialacháin reachtúla.

Thíos: Gradaim RIAI 2015 – Ardholadh faighte ag Leabharlann na Carraige Duibhe



Dearadh Uirbeach agus An Fearann Poiblí

Cuireann Roinn na nAiltirí ionchur agus comhairle ar fáil go leanúnach maidir le dearadh uirbeach agus saincheisteanna a bhaineann leis an bhfearrann poiblí agus le pleanáil ar fud ghníomhaíochtaí na Comhairle.

Cuireadh ionchur sonrach ar fáil maidir le Plean Forbartha Contae 2016-2020 an Phríomhfheidhmeannaigh lena n-áirítear Plean um Struchtúr Uirbeach Dhún Laoghaire. Rinneadh obair ar an dara céim den tionscadal Metals le tírdhreachú nua feadh éadan DLR Lexlcon agus cuireadh i gcrích oibreacha breise feadh Bhóthar na Mara i nDún Laoghaire chun daingniú a dhéanamh ar na naisc idir Lár an Bhaile agus an tÉadan le hUisce. Rinneadh obair bhreise chomh maith ar an dearadh don tírdhreachú nua ag Sráidbhaile Bhaile na Manach, a chuirfidh fearann poiblí feabhsaithe ardchaighdeáin ar fáil.

Foirgnimh Chathartha

Lean an tseirbhís chomhairleach ag obair ar raon leathan d'fhoirgnimh chathartha agus ar líon suntasach tionscadal ar son Cliant-Ranna.

Cuireadh i gcrích an dearadh d'oibreacha beartaithe ag Folcadáin Dhún Laoghaire in 2015 agus fuarthas cead pleanála Chuid 8 don tionscadal i mí na Samhna. Rinneadh oibreacha chun Gailearái Dearaidh agus Ceardaíochta a chruthú ag Moran Park House. Ullmhaíodh cuireadh chun tairisceana le haghaidh an Chlóis Ceardaíochta ag Páirc Mharlaí.

Chomh maith leis sin, bhí roinnt tionscadal idir lámha le haghaidh na Roinne Pobail, lena n-áirítear foirgneamh nua atá beartaithe d'Ionad Seanóirí an Naigín ar bronnadh cead pleanála Chuid 8 air.

Caomhnú ar an Oidhreacht Thógtha

Cuireann an Rannán Caomhantais i bhfeidhm Cuid IV (Oidhreacht Ailtireachta) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus cuireann sé comhairle ar fáil do bhaill den phobal agus dá ngníomhairí maidir le gach gné den Oidhreacht Thógtha. Tugtar ionchur agus comhairle maidir le caomhnú Ailtireachta ar fud na Ranna sa Chomhairle ar chúrsaí a bhaineann leis an oidhreacht thógtha.

Is éard atá i gceist leis seo breithniú agus scríobh tuarascálacha le haghaidh iarratais phleanála faoi Alt 57 agus Dearbhuithe Alt 5 le haghaidh gach Struchtúir faoi Chosaint agus foirgnimh atá lonnaithe laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACAanna), Limistéar Caomhantais Ailtireachta Iarrthóra (cACAanna), comhairliúchán réamhphleanála agus fiosrúcháin i ndáil le forbairt neamhúdraithe.

Cuir an Rannán Caomhantais ionchur leanúnach ar fáil le linn 2015 agus in ullmhú an Phlean Forbartha Contae nua le haghaidh 2016-2020 agus ullmhú Plean Limistéir Áitiúil na Carraige Duibhe ar glacadh leis ar an 9 Márta 2015.

Déanmhais agus Áiteanna Contúirteacha

Cuireann an Roinn i bhfeidhm an tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintiúchá) i ndáil le Déanmhais agus Áiteanna Contúirteacha. San iomlán bhí 52 chás d'fhoirgnimh chontúirteacha ann in 2015.

Bainistiú Fuinnimh

Déanann an tAiltire Contae bainistiú ar Fhoireann Bainistithe Fuinnimh na Comhairle agus sa tuarascáil atá ceangailte leis seo cuirtear síos ar na gníomhartha a rinneadh le bliain anuas chun feabhas a chur ar éifeachtacht fuinnimh sna réimsí atá faoi fhreagracht na Comhairle.

Thíos: Oibreacha Beartaithe ag Folcadáin Dhún Laoghaire



Ilchineálach

Lean Roinn na nAiltirí ag soláthar seirbhís chomhairleach in 2015 ar fud raon leathan gníomhaíochtaí mar shampla suirbhéireacht chainníochta, soláthar, comhairle theicniúil, bainistiú tógála agus tuarascálacha maidir leis an gcaoi atá ar fhoirgnimh, chomh maith le comhairle a sholáthar faoi ghníomhaíochtaí a bhaineann leis na healaíona.

Chuir an Roinn maoiniú ar fáil i dtreo Open House Dublin áit ar tugadh an deis do bhaill den phobal cuairt a thabhairt ar áitribh phríobháideacha arna ndearadh ag ailtirí, foirgnimh stairiúla agus comharthaí talún nua dlr ag Deireadh Seachtaine Open House i mí Dheireadh Fómhair 2015.

Bainistiú Fuinnimh/Feasacht faoi Fhuinneamh

An úsáid is mó ar fhuinneamh Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ná Soilsiú Poiblí, Flít dlr, Soilse Tráchtá, Foirgnimh Chorparáideacha dlr (lena n-áirítear Halla an Chontae, Cearnóg an Chuain, Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin, na Leabharlanna, Foirgnimh Phobail, etc.) agus Seirbhísí Fóillíochta dlr.

Gníomhartha ar Tugadh Fúthu in 2015:

In 2015 bhí Dún Laoghaire-Ráth an Dúin i mbun raon tionscnamh chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh, lena n-áirítear iad seo a leanas:

Ginearálta:

- Roghnaíodh DLR chun páirt a ghlacadh i scéim phiólótach SEAI do chur i bhfeidhm céimneach ar Chóras Bainistithe Fuinnimh ISO50001 na Seirbhíse Poiblí.
- D'fhreastail an fhoireann fuinnimh ar chúrsaí bainistithe fuinnimh SEAI ISO50001 na seirbhíse poiblí, chomh maith le raon cúrsaí inbhuanaitheachta.
- Chuir DLR iarratas faoi bhráid SEAI le haghaidh deontas tíosachta fuinnimh faoi 2015 Better Energy Communities (BEC). Ar an drochuair, níor cuireadh an t-iarratas ar ghearrliosta, mar a tharla in 2013 agus 2014.
- Rinneadh roinnt iniúchóireachtaí leanúnacha fuinnimh ar fhoirgnimh na Comhairle.
- Cuireadh leis an liosta d'Fhoirgnimh Chorparáideacha chun an limistéar foirgneamh a léiriú. Bhí gaol aige seo leis an gcomhordú ar an Teastas Fuinnimh ar Taispeáint (DEC) agus le soláthar agus athbhreithniú ar thomhaltas fuinnimh na bhfoirgneamh níos sine.

- Tairiscint cuidithe bainistithe saoráide le haghaidh foirgnimh chorparáideacha níos mó agus lorgaíodh go ndéanfaí cuimsiú ar éifeachtaí fuinnimh agus ISO50001 mar chuid de seo.
- Tionscnaimh Leanúnacha – Clár na Scoileanna Glasa. Tíosacht fuinnimh a bheith san áireamh sa chlár réamhthionóntachta.
- Tionscnaimh Leanúnacha maidir le Taisteal Inbhuanaithe.

Foirgnimh Chorparáideacha:

- Rinneadh iniúchóireacht fuinnimh ar Halla an Chontae. Ullmhaíodh liosta de na tionscadail coigilte fuinnimh.
- Rinneadh comhordú ar athnuachan DEC le haghaidh Halla an Chontae, Cearnóg an Chuain agus Oifigí Cathartha Dhún Droma.

Foirgnimh Phobail:

- Rinneadh iniúchóireacht fuinnimh ar Ionad Pobail Sheangánaí. Ainmníodh liosta de thionscadail coigiltis fuinnimh.
- Rinneadh comhordú ar DEC le haghaidh Ionaid Phobail Lambscross agus Bhaile an Chnoic.

Leabharlanna:

- Osclaíodh Lexlcon – Ionad Nua Láir Leabharlainne agus Cultúir sa ráithe dheireanach de 2014. Lorgaíodh Teastas Fuinnimh ar Taispeáint.
- Lorgaíodh Teastas Fuinnimh ar Taispeáint do Leabharlann Ghráinseach an Déin.
- Rinneadh athbhreithniú ar mhéadracht fuinnimh Leabharlann na Carraige Duibhe mar a bhí ceangailte le léamha tiarnaí talún.

Tithíocht:

- Lean an Roinn Tithíochta lena clár chun uasghrádú a dhéanamh ar thithe le feabhas a chur ar BERanna agus chun



Thuas: dlr Lexlcon

caighdeán níos airde fuinnimh a bhaint amach sna coigiltis bhliantúla fuinnimh.

- Leanadh le hathchóiriú agus síneadh ar Theach Bhaile an Róiste Céim 2 ar an láthair chun 34 aonad a bheadh tíosach ar fhuinneamh a sholáthar de chóiríocht do dhaoine scothaosta mar chuid de scéim phiolótach EuroPHit, atá le cur i gcrích go luath sa bhliain 2016 (réamh-mheastar go sábhálfar 838,852 kWh i gcoigiltis phríomhúla fuinnimh).

TF:

- Lean an Chomhairle ar aghaidh ag ceannach trealaimh atá géilliúil ó thaobh fuinnimh de agus iad ag athsholáthar seantrealaimh.

Soilsíú Poiblí:

- Leanadh ag cur feabhais ar shoilsíú poiblí i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin ag úsáid clár pleanáilte uasghrádaithe ag suiteáil an tsoilsithe is tiosaí ar fhuinneamh agus is féidir, mar athsholáthar ar an seantreaamh, le soilsíú níos éifeachtaí níos éifeachtúla.
- Leaúint le clár uasghrádaithe LED a d'áirigh Bóthar Dhún Droma, Bóthar Theach Naithí, Bóthar an Teampaill Uachtarach agus Bóthar Braemore.

Meicniúil / Uisce:

- Rinneadh athbhreithniú ar iniúcháireacht fuinnimh Iosta Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin.

Seirbhísí Fóillíochta dlr:

Tá na nithe seo a leanas tuairiscithe ag Cuideachta Seirbhísí Fóillíochta dlr:

- Lorgaíodh athnuachan ar an Teastas Fuinnimh ar Taispeáint (DEC) i ngach ceann de na trí Ionad Fóillíochta.

- Fuarthas Clár Sócmhainní chun é a ailíniú le Cothabháil Phleanáilte ionas go n-áireofaí éifeachtaí fuinnimh.

Gníomhartha Beartaithe le haghaidh 2016:

In 2016, tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin feabhas breise a chur ar fheidhmíocht fuinnimh trí thabhairt faoi na tionscnaimh seo a leanas:

Ginearálta:

- Cur i bhfeidhm céimneach ar Chóras Bainistithe Fuinnimh ISO50001.
- Sainaitheint a dhéanamh ar Úsáideoirí Suntasacha Fuinnimh (SEUanna) agus liosta a chur ar fáil de dheiseanna chun tabhairt faoi oibreacha feabhsúcháin fuinnimh. Ag eascirt as sin Plean Gnímh a tháirgeadh le haghaidh gach SEU do thionscadail coigiltis fuinnimh atá beartaithe le haghaidh 2016.
- Leanúint le tionscnaimh dála Chlár na Scoileanna Glasa, Tíosacht fuinnimh a bheith san áireamh sa chlár réamhtionóntachta.
- Leaúint le Tionscnaimh um Thaisteal Inbhuanaithe.
- Tá sé beartaithe ag DLR cur isteach ar dheontais tíosachta fuinnimh SEAI 2016 Better Energy Communities (BEC).
- Iniúcháireachtaí leanúnacha ar fhoirgnimh na Comhairle.
- Leanúint ag nuashonrú liosta na bhFoirgneamh Corparáideach.
- Clár tíosachta fuinnimh a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíocht phoiblí.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar DECanna i gcás gurb iomchuí é.



Thuas: soilsíú poiblí

Foirgnimh Chorpharáideacha:

- Aithnítear Halla an Chontae ina Úsáideoir Suntasach Fuinnimh de réir mar atá sainithe faoi ISO50001 – plean gnímh a sholáthar chun éifeachtaí fuinnimh a bhaint amach.
- Beidh Halla an Chontae san áireamh san iarratas BEC2016.
- Ag tógáil ar an iniúchóireacht fuinnimh a rinneadh i Halla an Chontae tá sé beartaithe roinnt tionscadal coigiltis fuinnimh a chur i gcrích, lena n-áirítear:

fomhéadar leictreach chun bealach níos stuama a fháil le tomhaltas fuinnimh a thomhas

Athbhreithniú agus uasghrádú ar BMS

Uasghrádú ar Choirí Gáis le haghaidh Téamh Spáis

Coire Nua Gáis d’Uisce Te chun freastal go sonrach ar uisce sa chistin.

Foirgnimh Phobail:

- Ionad Pobail Sheangánaí le roinnt tionscadal tíosachta fuinnimh a dhéanamh ag eascairt ó mholtaí ón iniúchóireacht fuinnimh.

Leabharlanna:

- Aithnítear Lexlcon ina Úsáideoir Suntasach Fuinnimh de réir mar atá sonraithe in ISO50001 - plean gnímh a sholáthar chun éifeachtaí fuinnimh a bhaint amach.
- Leabharlann Dhún Droma le huasghrádú ó OFCH chuig GFCH atá níos tiosaí ó thaobh fuinnimh de
- Leabharlann Chabán tSíle le huasghrádú ó OFCH chuig GFCH atá níos tiosaí ó thaobh fuinnimh de

Tithíocht:

- Leanfaidh an Roinn Tithíochta lena clár uasghrádaithe tithíochta chun feabhas a chur ar BERanna agus chun

caighdeáin níos airde fuinnimh a bhaint amach, a bheireann leis coigiltis fuinnimh bhliantúla.

- Cuirfear i gcrích Céim 2 d’athchóiriú agus síneadh Theach Bhaile an Róiste chun 34 aonad atá tiosach ar fhuinneamh a sholáthar do dhaoine scothaosta in 2016 mar chuid den scéim phiólótach Europhit (coigiltis mheasta bhliantúla de 838,852 kWh sna coigiltis phríomhúla fuinnimh).

TF:

- Leanfaidh an Chomhairle ag ceannach trealamh energy star-ghéilliúil tráth a mbeidh seantrealamh á athsholáthar acu.

Soilsiú Poiblí:

- Leanfaidh an Soilsiú Poiblí ag cur feabhais ar an méid solais ar shráideanna Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ag úsáid an chláir bheartaithe uasghrádaithe mar a bhfuiltear ag suiteáil an tsoilsihe is tiosaí ar fhuinneamh in ionad soilsihe níos sine, nach bhfuil chomh héifeachtach céanna. Aithnítear Soilsiú ina Úsáideoir Suntasach Fuinnimh de réir mar atá sainithe faoi ISO50001 – plean gnímh a sholáthar chun éifeachtaí fuinnimh a bhaint amach.

Meicniúil / Uisce:

- Athbhreithniú – Aithnítear losta Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin ina Úsáideoir Suntasach Fuinnimh de réir mar atá sainithe faoi ISO50001 - plean gnímh a sholáthar chun éifeachtaí fuinnimh a bhaint amach.

Seirbhísí Fóillíochta dlr:

Tá sé luaite ag Cuideachta Seirbhísí Fóillíochta dlr go bhfuil sé beartaithe aige:

- Athnuachan a dhéanamh ar an Teastas Fuinnimh ar Taispeáint (DEC) i ngach ceann de na trí Ionad Fóillíochta.



Thuas: Leabharlann Ghráinseach an Déin

AN ROINN CHORPARÁIDEACH, CUMARSÁIDE AGUS RIALACHAIS

Tá an Roinn Cumarsáide Corparáidí agus Rialachais freagrach as raon leathan seirbhísí a sholáthar agus a bhainistiú, laistigh agus lasmuigh den eagraíocht.

I measc na seirbhísí sin tá siad seo a leanas:

- Cruinnithe Comhairle
- Bainistiú Saoráidí
- Deontais Ardoideachais
- Clár na dToghthóirí
- Oifig Dhún Droma
- An Oifig Chumarsáide

An Chomhairle Contae

Tá an Chomhairle féin déanta suas de 40 Comhairleoir Contae ó na Toghlímistéir seo a leanas: Dún Droma, Gleann Cuilinn/ Dumhach Thrá, Stigh Lorgan, An Charraig Dhubh, Dún Laoghaire agus Cill Iníon Léinín/Seanchill.

In 2015 reáchtáladh na cruinnithe seo a leanas den Chomhairle Contae:

17 gcrúinniú Comhairle contae lena n-áirítear Cruinniú Bliantúil agus Cruinniú Buiséid.

9 gcrúinniú maidir leis an bPlean Forbartha

18 gcrúinniú de Choiste Limistéir Dhún Droma

19 gcrúinniú de Choiste Limistéir Dhún Laoghaire

20 cruinniú de Choistí um Beartais Straitéiseacha

1 chruinniú de Chomhchoiste Póilínachta

4 chruinniú den Choiste um Eagrú, Gnásanna agus Prótacail

Toscaireachtaí

Cuireann na cruinnithe toscaireachta fóram ar fáil atá oscailte d'aon chumann nó foras bualadh le hoifigigh agus Comhairleoirí na Comhairle chun saincheistanna a phlé a bhaineann lena réimsí féin.

Reáchtáiltear toscaireachtaí i Halla an Chontae nó in Oifig Áitiúil Dhún Droma uair sa mhí ach amháin i mí Iúil, Lúnasa agus mí na Nollag. Maireann an plé idir gach toscaireacht agus Comhaltaí agus oifigigh na Comhairle daichead a cúig nóiméad.

Thíos: Athsheoladh ar Pháirc an Phobail. Tom Byrne, Eoin O'Brien, Jim Ellis leis an gComhairleoir. Marie Baker (An Cathaoirleach Meitheamh 2014 go dtí Meitheamh 2015)



San iomlán reáchtáladh 11 chruinniú toiscaireachta fhoirmiúla le linn na bliana..

Bainistiú Saoráidí

Tá an Rannóg Bainistithe Saoráidí freagrach as bainistiú a dhéanamh ar Fhoirgnimh Chorpáraídeaha (Halla an Chontae/ an Bhaile, Cearnóg an Chuain, Oifig Dhún Droma agus Bóthar na Leabharlainne). Tugtar tús áite do Luach ar Airgead agus coigiltis a bhaint amach ó thaobh tomhaltas fuinnimh de.

Ar an obair a bhíonn ar bun ag an Rannóg Bainistithe Saoráidí bíonn Seirbhísí Riaracháin agus Cothabhála, mar seo a leanas:

- Ceannach/Soláthar/Próisis Tairisceana – Mar thoradh ar úsáid a bhaint as conarthaí OGP don tSlándáil, Fógraíocht, Stáiseanóireacht, Leictreachas, Gás agus Tinte Ealaíne GNPB, i gcomhar leis an Roinn Airgeadais, le haghaidh Seirbhísí Móibíleacha agus línte fosaithe táthar tar éis coigiltis shuntasacha a dhéanamh ar son na Comhairle. Trís úsáid leanúnach a bhaint as an gCárta um Cheannach Íseal-luacha táthar tar éis laghdú a dhéanamh ar na huaireanta daonchumhachta riaracháin.
- Déanann an Grúpa Réigiúnach Soláthair (a bhfuil an Chomhairle ina cuid de) deiseanna a shainnithint don tairiscint chomhoibritheach i Réigiún Bhaile Átha Cliath.
- Oifigí Corparáideacha a Chothabháil
- Úsáid a bhaint as Bainistíocht Caidreamh Custaiméirí (CRM) i mbainistiú conarthaí
- Deasc Faisnéise / Deasc Póirtéirí
- Bainistiú ar an gCóras Teileafón/Teileafóin Mhóibíleacha Chorpáraídeacha.
- Seirbhísí Lasc-chláir –Cuireann an córas uathoibrithe seirbhís ghasta soláthair seirbhíse ar fáil do chustaiméirí trí dhaoine a ghlaonn a atreorú chuig na príomhranna seirbhíse
- Imeachtaí a eagrú i Halla an Chontae
- Hallaí ar Cíos/Spás Taispeántais

Below: Teach Geata Athchóirithe



- Póstaí/Searmanais Shibhialta

Oifig Chumarsáide

Tá freagracht ar an Oifig Chumarsáide as gach cumarsáid chorpáraídeach agus as bainistiú faisnéise. Feidhmíonn an oifig mar phointe teagmhála do gach caidreamh leis na meáin agus tá ról leanúnach aige i mbainistiú a dhéanamh ar dhea-cháil na Comhairletrí phleanáil a dhéanamh ar an gcumarsáid straitéiseach. Ar na cuspóirí príomhúla ag an bhfoireann tá a chinntiú go mbeadh an eagraíocht i mbun próiseas déthreo cumarsáide le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon.

Áiríodh na nithe seo a leanas i measc phríomhthascanna 2015:

- Caidrimh réamhghníomhacha leis na meáin, lena n-áirítear cur chun cinn agus míniú ar sheirbhísí, cláir agus tionscnaimh na Comhairle
- Bainistiú ar Saincheisteanna/Cumarsáid maidir le Géarchéimeanna
- Bainistiú ar fhiosruithe ón bpreas (533 in 2015)
- Bainistiú ar Oifig an Chathaoirligh
- Bainistiú ar Imeachtaí Corparáideacha
- Foilseacháin lárnacha na Comhairle a tháirgeadh lena n-áirítear an dlr times, an Tuarascáil Bhliantúil agus an Plean Corparáideach
- Comhordú a dhéanamh ar iarratais ón Ombudsman (déileáladh le 14 chás in 2015)
- I measc fhreagrachtaí breise na hOifige tá cur i bhfeidhm Scéim Teanga na Comhairle faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.
- Bainistiú ar Phróifíl Meán Sóisialta na Comhairle a áiríonn cuntais Twitter agus Facebook.

Thíos: In 2015 rinneadh ceiliúradh 50 bliain ar Shéipéal Naomh Mícheál





Nua le haghaidh 2015

Plean Corparáideach

Ghlac an Chomhairle Plean Corparáideach 2015-2019 i mí Aibreáin 2015 ag cruinniú na Comhairle. Cuireadh Tuairisc maidir le Dul Chun Cinn an Phlean Chorpáidigh faoi bhráid na gComhaltaí Tofa i mí na Nollag 2015 agus féadtar breathnú air ag <http://www.dlrcoco.ie/media/media,12703,en.pdf>

Ag Nuashonrú an Ghréasáin. Cuireadh tús le hobair ar athfhorbairt shuíomh gréasáin na Comhairle ag féachaint le suíomh gréasáin nua a bheith ag feidhmiú in 2016. Seoladh Suirbhé maidir le hAthfhorbairt an tSuímh Ghréasáin i mí Mheán Fómhair 2015 chun cuidiú linn tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-úsáideann an pobal ár suíomh gréasáin faoi láthair.

Spás do Shaoránaigh

In 2015 seoladh Mol Comhairliúcháin Ar Líne dlr do chomhairliúcháin agus suirbhéanna na Comhairle ar líne.

Lá na dTvíteanna .

Ghlac an Chomhairle páirt i “Lá na dTvíteanna” 2015 an 5 Márta, 2015, a spreag feachtas maidir le seirbhísí na comhairle ar bhealach éadrom, faisnéiseach. Eisíodh breis is 60 tvít ag an gComhairle nó ar son na Comhairle ar an lá agus bhí an haischlib chéanna ag gabháil le gach tvúit - #ourcouncilday

Deontais Ardoideachais

Sa bhliain acadúil 2012/2013 bunaíodh Tacaíocht Uilechoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) a ghlac seilbh as próiseáil na n-iarratas ar Dheontais Ardoideachais ó na hÚdaráis Áitiúla agus ó na Coistí Gairmoideachais.

Le linn na bliana lean Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ag próiseáil deontas le haghaidh 107 mac léinn a fuair deontas uainn sa bhliain acadúil 2013/2014 agus atá ag leanúint lena staidéir in 2014/2015. San iomlán, d’íoc an Chomhairle amach breis is €429k chun tacú leis na mic léinn seo.

Saoráil Faisnéise

Fuair an Chomhairle 164 iarratas ar Shaoráil Faisnéise, 9 n-iarratas ar Chosaint Sonraí, agus 3 iarratas ar Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (AIE) in 2015.

Clár na dToghthóirí

Foilsíodh Clár deiridh na dToghthóirí le haghaidh 2015/2016 an 1 Feabhra 2015 agus tháinig sé i bhfeidhm an 15 Feabhra 2015.

Ba é 153,386 líon iomlán na dtoghthóirí ar an gClár deiridh agus seo a leanas an miondealú de réir Toghcheantair:

Toghcheantar	Líon na dtoghthóirí	Toghcheantar	Líon na dtoghthóirí
An Charraig Dhubh	22,683	Gleann Cuilinn Áth an Ghainimh	22,189
Dún Laoghaire	32,640	Cill Iníon Léinín Seanchill	26,257
Dún Drom	28,158	Stigh Lorgan	21,459

Foilsíodh dréacht den Chlár Toghthóirí le haghaidh 2016/2017 ar an 1 Samhain 2015. D’ardaigh líon iomlán na ndaoine ar an gClár Toghthóirí chuig 156,347.

Oifig Dhún Droma

Reáchtáladh na cruinnithe seo a leanas in Oifig Dhún Droma in 2015:

Cruinnithe Coiste Áitiúil Limistéar Dhún Droma	15
Cruinnithe SPC	3
Toscaireachtaí	3
Cruinnithe Rannacha Eile	67
Tithíocht	37
Cruinnithe/clárú/agallaimh RAS	28
Taispeántais Phoiblí	4
Cruinnithe Eolais Phoiblí	4

Scéimeanna maidir le Béilí Scoile

Bhain 10 Bhunscoil i limistéar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin leas as an scém.

Iníúcháireacht Inmheánach

Is é príomhról na rannóige um Iníúcháireacht Inmheánach dearbhú a sholáthar don Phríomhfheidhmeannach, don Lucht Ardbhainistíochta, don Chomhairle Thofa agus don Choiste Iníúcháireachta go bhfuil rioscaí éagsúla a gcaithfidh an Chomhairle aghaidh a thabhairt orthu agus sainaitníodh na rialuithe cuí atá i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú. Déanann feidhm iniúcháireachta inmheánaí na heagraíochta meastóireacht agus cuireann tuairisc ar fáil maidir le córais um rialú inmheánach na Comhairle agus déanann moltaí maidir le conas feabhas a chur ar an gcóras sin agus cuireann feidhm neamhspleách athbhreithnithe ar fáil don lucht bainistíochta, chun a chinntiú go bhfuil na seirbhísí á soláthar ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil, tíosach. In 2015 rinne an Rannóg um Iníúcháireacht Inmheánach mionscrúdú ar thrí réimse agus chuir a dtorthaí faoi bhráid an Lucht Bainistíochta agus faoi bhráid an Choiste Iníúcháireachta in 2015/16.

An Coiste Iníúcháireachta

Faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 tugadh isteach ceanglais agus feidhmeanna nua do Choistí Iníúcháireachta. San iomlán reáchtáladh 5 chruinniú de Choiste Iníúcháireachta DLR in 2015.

An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Ní dhearnadh aon Nochtadh Cosanta in 2015

AN ROINN EACNAMAÍOCHTA, POBAIL AGUS FORBARTHA CULTÚIR

Na hEalaíona

Bhí 2015 ina bliain thar a bheith gnóthach do Chomhairle Ealaíon na hÉireann.

Bhí sé gcinn de thaispeántais sa chéad bhliain iomlán den Ghailearáí Cathartha, dlr Lexlcon. D'áirigh an clár taispeántas Iontrálacha Oscailte d'ealaíontóirí áitiúla, rinneadh ceiliúradh ar obair cúigeair ealaíontóir thábhachtacha RHA le naisc láidre le dlr; priontaí liotagrafacha Matisse ó Ghailearáí Hayward, Londain le linn na tsamhraidh agus ag deireadh na bliana reáchtáladh an chéad taispeántas coimeádaíoch de Bhailiúchán an Chontae. Ar bhuaicphointí an chláir bhí an taispeántas 'Finders and Keepers', a roghnaíodh ó Bhailiúchán Ealaíon an Stáit, roghnúchán a rinne grúpa daoine scothaosta ón gContae a bhí ag obair le healaíontóir/ leis an gcoimeádaí. I ngach Clár Foghlama Taispeántais bhí raon tascanna, pléphainéil, turais agus ceardlanna. Thug breis is 48,000 duine cuairt ar an ngailearáí agus ghlac 3,586 dhuine páirt sa Chlár Foghlama.

Rinneadh coimisiún ar dhá ghearrscannán ó dhéantóirí scannán faoin gClár um Ealaín Phoiblí agus bhí an chéad taispeánt ar siúl sa Mill Theatre i mí na Samhna. Reáchtáladh tionscadal eile ealaíne poiblí, 'Sightless Cinema', do dhaoine dalla agus daoine lagamhairc ag obair leis an léiritheoir téatair agus le déantóir/ cumadóir cláir raidió chun dráma nua raidió a chruthú. Bhí sé seo ar siúl i bPictiúrlann Mac Léinn UCD i mí an Mheithimh. Chuidigh seirbhísí NCBI leis an tionscadal.



Thíos: Taispeántas Frank Browne - A Life Through the Lens. Rita Brereton le Joanna agus Nora Doorley.

Thuas: Íomhá le Susan Connolly



Bhí Clár Ealaíon agus Sláinte dlr/FSS ag obair le daoine scothaosta ón gContae trí mheán tionscadal mórsála a bhí bunaithe ar fud an Chontae sa Seanchill, i nDún Droma agus i nDún Laoghaire. Ba í an Dr. Deirdre Connolly ó Choláiste na Tríonóide a rinne taighde air agus rinne mapáil ar an tionchar dearfach a bhíonn ag damhsa ar dhaoine scothaosta. Chomh maith leis sin, faoin gclár seo forbraíodh Azure Tours i nGailearaí na Cathrach, dlr LexIcon. Bíonn na turais seo fáilteach ach go háirithe do dhaoine le néaltrú agus a dteaghlaigh agus tá siad ina gcuid den Líonra Azure agus ainmníodh iad don Ghradam Dementia Elevator.

D'fhás líon na gcuairteoirí ar an Grainstore, Saoráid dlr don Aos Óg go dtí breis is 37,000 in 2015. D'éagraigh Canvas, Coiste Ealaíon Óige dlr, comórtas na mbannaí ceoil a bhí tacaithe ag MCD agus sheinn na buaiteoirí ag féile cheoil Longitude 2015 a bhí ar siúl i bPáirc Mharlaí i mí Iúil.

Reáchtáladh Mountains to Sea ón 18 go dtí an 22 Márta. Reáchtáladh breis is 60 imeacht ar fud Dhún Laoghaire thar thréimhse 5 lá. D'fhreastail breis is 6,000 duine orthu agus shroich na díolacháin ticéad breis is €35,000. I measc na mbuaicphointí bhí Paul Durcan, David Lodge agus Francesca Simon.

Bronnadh naoi gcinn déag de Dheontais Ealaíon le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla ealaíne ar rud na Chontae lena n-áirítear taispeántais Amharcealaíne, léiriúcháin téatair, féile scríbhneoireachta, Líonra Ealaíontóirí dlr agus tionscadail i scoileanna, chomh maith le tacú le cleachtóirí ealaíne indibhidiúla.

Is í Selina Guinness (údar Crocodile at the Door) an scríbhneoir cónaithe don bhliain acadúil 2015-16. D'fhorbair sí roinnt clár lena n-áirítear Pale Project, tionscadal fadtéarma sícea-geografach do scríbhneoirí agus Salon Nights a rinne ceiliúradh ar irisleabhair litearthachta agus na daoine a scríobh le haghaidh na n-irisleabhar sin.

Thíos: Comórtas na mBannaí Ceoil sa Grainstore



Thosaigh an clár do cheoltóirí cónaithe in 2015 le Matthew Jacobson, drumadóir snagcheoil. Thosaigh an dara tréimhse chónaithe go déanach in 2015 agus lean sé ar aghaidh isteach in 2016 agus bronnadh é sin ar Elizabeth Hilliard agus Grainne Mulvey chun ceoldráma comhaimseartha a fhorbairt.

Bronnadh deich gcinn de sparántachtaí d'ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn ar fud raon cineálacha ealaíne d'ealaíontóirí atá ina gcónaí sa Chontae, nó arb as an gContae dóibh, d'fhonn tacú lena ngairmeacha ealaíne.



Thuas: Annemaire Connors 'Insight- Drypoint etching "SELFIES"

Forbairt Pobail & Cuimsiú Sóisialta

Le linn 2015, cuireadh seirbhís chuimsitheach chomhairleach ar fáil do bheis is 600 eagraíocht phobalbhunaithe chun tacaíocht a sholáthar agus feidhmiú mar chroíphointe faisnéise agus comhairle do phobail áitiúla ar fud an Chontae.

Deontais Phobail

Bronnadh €162,703 ar raon ilchineálach grúpaí pobail faoin Scéim um Dheontas Phobail. Cuidíonn an Scéim seo le grúpaí atá ag dul i ngleic le saincheistanna áitiúla trí chúnadh airgeadais a thairiscint dóibh. Bronnadh 193 Deontas Pobail ar ghrúpaí pobail chun tionscnaimh phobalbhunaithe a chur chun cinn. Bronnadh. €25,000 ar Dheontais do Thionscadal Samhraidh ar 28 ngrúpa chun maoiniú a dhéanamh ar chláir mhaorsithe do ghníomhaíochtaí áineasa agus oideachais araon do dhaoine óga le linn thréimhse an tsamhraidh. Bhí an bhéim maidir le Tionscadail Samhraidh ar rannpháirtíocht pobail agus ar fhorbairt acmhainní agus grúpaí laistigh de chomharsanachtaí.

Fostaíocht Pobail

Rinne an Chomhairle, tríd an Rannóg Pobail, urrú ar Scéimeanna Fostaíochta Pobail ar ghlac 129 bhfoghlaimeoir páirt iontu. Chuir sé seo tacaíocht ríthábhachtach ar fáil do phobail agus chuidigh le daoine taithí luachmhar a fháil chun tacú leo ina ngairm agus dul chun cinn a dhéanamh isteach san fhostaíocht lánaimseartha. An meándul chun cinn isteach san fhostaíocht nó san oideachas ab ea 42% le haghaidh 2015.

Imeachtaí Pobail

D'eagraigh an Rannóg Pobail imeacht sa Mill Theatre i nDún Droma mar chuid d'Fhéile Bhealtaine. D'fhreastail breis is 150 seanóir ón gContae ar na imeacht seo.

Ceiliúradh ar oibríthe deonacha a reáchtáladh i bPáirc Chabán tSíle i mí Bealtaine 2015, chun aitheantas a thabhairt d'obair luachmhar na n-oibríthe deonacha sa Chontae.

Chuidigh an Rannóg Pobail comh maith eagrú agus maoiniú a dhéanamh ar 5K Pobail an Chontae, ar ghlac breis is 1,500 duine páirt ann i bPáirc Chill Bheagóige.

Saoráidí Pobail

Cuireadh tacaíocht agus comhairle ar fáil do bhoird dheonacha na bainistíochta agus na gcoistí atá ag rith breis is 30 de shaoráidí pobail na Comhairle, le haghaidh raon ilchineálach gníomhaíochtaí agus seirbhísí ar fud an Chontae.

Tharla athocailt oifigiúil Park House i mí Bealtaine 2015 agus lean an comhairliúchán ar aghaidh ag Campas Cathartha nua Samuel Beckett a áireoidh saoráid úrscothach ealaíne pobail le soláthar speisialta do chúram leanaí pobail. Cuireadh chun cinn go sásúil pleanáil Chuid 8 chun síneadh a sholáthar don tSaoráid Óige agus Pobail sa Naigin.

Bainistiú Eastáit

Lean an Chomhairle, trí mheán an chláir um Bainistiú Eastáit, ag obair le 12 fóram bainistithe eastáit agus ag cur le hacmhainneacht ar bhonn áitiúil trí oiliúint, tacaíocht agus maoiniú. Chur fóraim Bainistithe Eastáit Chois Áth an Ghainimh araon isteach ar *Pride of Place* in 2015 agus bhain Cois Cairn an chéad áit ina gcatagóir.

An Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil

Reáchtáil Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil DLR (LCDC) 7 gcrúinniú le linn 2015. Reáchtáil siad comórtas rathúil tairisceana agus bhronn tairiscint SICAP le haghaidh thréimhse 3 bliana, ó 2015. Chomhoibrigh siad leis an Oifig Fiontair Áitiúil chun

Thíos: Oscailt Oifigiúil Park House ag Comhairleoir Marie Baker (An Cathaoirleach Meitheamh 2014 go dtí Meitheamh 2015) le Noel Vaughan.



Ráiteas Socheacnamaíochta a Fhorbairt. D'oibrigh LCDC go dian chun Plean um Fhorbairt Pobail Áitiúil a chur chun cinn agus a fhorbairt (LECP) atá ina phlean lárnach straitéiseach sé bliana le haghaidh Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin inar sainaithníodh ár bpríomhbhearta agus ár bpríomhchsupóirí chun tacú le forbairt eacnamaíochta áitiúil agus pobail agus le folláine an phobail.

Comhchoiste Póilíneachta/Fóraim Áitiúla Phóilíneachta

Cuireadh tacaíocht ar fáil don Chomhchoiste Póilíneachta agus do na Fóraim Áitiúla Phóilíneachta chun a chinntiú go bhfeidhmeoidís go sásúil le linn 2015. D'áirigh sé sin tacaí rialta le haghaidh 3 Fhóram Áitiúla Póilíneachta chun cuidiú leo dul chun cinn a dhéanamh ar a bpleananna gnímh.

Líonra Rannpháirtíochta Poiblí DLR

Cuireadh tacaíocht ar fáil do Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN) an Chontae a bhunaigh Grúpa Stiúrtha a tháinig le chéile go rialta le linn 2015 agus réachtáil PPN roinnt cruinnithe iomlánaíochta. Anois tá ionadaithe lárnacha ag PPN ar Choiste um Beartais Straitéiseacha na Comhairle, ag cuidiú leis an gComhairle beartas don todhchaí a fhorbairt agus ag tabhairt ionchuir maidir leis sin. I mí na Nollag, sheol PPN an Músaem Muirí agus bhí tinreamh maith ag an ócáid sin.

Forbairt agus Cuimsiú Sóisialta

Le linn 2015, cuireadh raon tacaí ar fáil do phobail agus d'eagraíochtaí a chuirfeadh chun cinn cuimsiú sóisialta sa Chontae. Is é príomhchuspóir an chomhoibrithe feasacht a spreagadh, tuiscint a fhorbairt agus feabhas a chur ar leibhéal rannpháirtíochta agus rochtana ar sheirbhísí dóibhsean a d'fhéadfadh a bheith eisiata, imeallaithe agus faoi mhíbhuntáiste ina n-éagmuis.

I measc príomhghníomhartha 2015 bhí siad seo a leanas:

- Fócas athuair ar chuimsiú sóisialta agus réachtáladh 'Féile maidir le Cuimsiú' a mhair ar feadh seachtaine. Chomh maith leis sin, d'éirigh an fhéile níos rannpháirtíche ina stíl agus bhí 4 cinn d'imeachtaí shuaitheanta ar siúl le linn na seachtaine sin – An Seó Faisin Ilchineálachta, an rás 5K pobail, the BIG

Thíos: Bronnadh an gradam Pride of Place ar Eastát Chois Cairn



Thuas: Fiadhnaid Canning ag an Seó Faisin Ilchineálachta

SING agus Mountains to the Sea Down Hill Challenge. Mheall an Fhéile Cuimsitheachta gnó agus páirtithe pobail nua lena n-áirítear iad seo a leanas; Brady's Seanchill, Comhar Creidmheasa, Lárionad Siopadóireachta Dhún Droma agus Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath. Chuir sé seo go léir an deis ar fáil do 60 grúpa agus eagraíocht dheonach a gcuid oibre a chur ar taispeáint chun feasacht a spreagadh maidir leis na pobail a bhfreastalaíonn siad orthu.

- Cuireadh breis is 400 iontráil isteach ar Chomórtas Ealaíne DLR do Bhunscoileanna
- Cuireadh tacaíocht ar fáil d'Fhóram Mionlaigh Eitneacha DLR agus cuireadh bileog eolais feasachta vótála ar fáil freisin.
- Cuireadh tacaíocht ar fáil do Choiste Stiúrtha Idirghníomhaireachta DLR don Lucht Taistil.

An Clár Aoisbháúil

Shínigh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin Dearbhú Bhaile Átha Cliath do Chathracha agus Contaetha Aoisbhásúla. Mar chuid den tionscnamh seo tá an Chomhairle tiomanta de Straitéis Aoisbháúil a fhorbairt chomh maith le Clár chun an Straitéis sin a chur i bhfeidhm, trí chomhoibriú le soláthraithe seirbhísí poiblí agus pobalbhunaithe. Is é cuspóir na straitéise go mbeadh "DLR ina hÁit Iontach Dul in Aois Ann."

Bhí an líonra do Dhaoine Scothaosta tacaíthe ag Oibrí Pobail agus Foghlaimeoir C.E. chun plean oibre a chur i bhfeidhm.

Le linn 2015 i gcomhar le hAoisbhá Éireann agus a príomhpháirtithe eile, rinne DLR óstáil ar 20 comhrá

comhchéime le daoine scothaosta ó áiteanna éagsúla ar fud an Chontae. Baineadh leas as na sonraí ó na comhráite seo maille le sonraí a bailíodh faoin Tionscnamh Healthy And Positive Ageing (Suirbhé HaPAI) chun Straitéis Aoisbhá Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a fhorbairt agus d'fhaomh an Comhaontas Aoisbhá é ag a gCruinniú i mí na Nollag.

An Oifig um Fhorbairt Turasóireachta agus Fiontair Áitiúil 2015

Bunaíodh Oifig Fiontair Áitiúil (LEO) Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an 15 Aibreán 2014, agus tá sé ar cheann de 31 Oifig Fiontair Áitiúil (LEOanna) a bunaíodh chun feidhmiú mar 'Ionad Ilfhreastail' d'aon duine atá ag lorg eolais agus tacaíocht faoi ghnó a thosú inár gContae. Cumsíonn freagrachtaí Oifig Fiontair Áitiúil Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, fiontar, forbairt eacnamaíochta agus turasóireacht.

D'éirigh go sásúil le hOifig Fiontair Áitiúil Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin in 2015, a céad bhliain ag feidhmiú ina hiomláine.

Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail DLR (LECP)

Forbraíodh LECP Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin tar éis próiseas fairsing plé le roinnt páirtithe leasmhara éagsúla. Chuirísigh an comhairliúchán sin aighneachaí i scríbhinn ón bpobal, ó cheardlanna téamacha, ó phlé leis an bpobal gnó agus ó idirghníomhú le hArdbhainistíocht Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus le Coiste um Beartais Straitéiseacha don Fhorbairt Eacnamaíochta agus d'Fiontair. Ghlac Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an LECP i mí na Nollag 2015 agus cuimsíonn sé an tréimhse 2016-2021.

Sainithníodh spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha san LECP ar glacadh leis a chuirfidh chun cinn forbairt eacnamaíochta agus pobail Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin thar an tréimhse sé bliana dar tús 2016 agus a thacóidh leosan.

Turasóireacht


Bhí 2015 ina bliain thar a bheith gnóthach ag obair le cuideachtaí agus soláthraithe seirbhíse in earnáil na turasóireachta agus ag tacú trí raon deiseanna oiliúna agus líonraithe.

Tosaíodh céim phíolótach de chlár nua Place Ambassadors in 2015. Is éard a bhí i gceist leis seo faisnéis sráide agus comhairle a sholáthar do thurasóirí i nDún Laoghaire.

Thíos: Buaitheoirí an Ghnó Nua is Fearr Timothy McElroy, Curtis Moran agus Peter Roberts leis an gCathaoirleach An Chomhairleoir Barry Saul.



Thíos: An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail



Ag obair i gcomhar le hÚdarás Áitiúla eile Bhaile Átha Cliath agus le Fáilte Éireann, ghlac Dún Laoghaire páirt san fheachtas idirnáisiúnta margaíochta "Dublin a breath of fresh air" chun Baile Átha Cliath a chur chun cinn mar áit le cuairt a thabhairt uirthi.

Bíonn Oifig Turasóireachta DLR ar oscailt gach lá agus déileálann sé le suas le 1,000 fiosrú ó dhaoine a thugann cuairt go díreach ar an oifig gach mí. Déanann an Oifig Bainistithe Turasóireachta bainistiú ar an suíomh gréasáin www.dlrtourism.ie a fuair 22,000 amas idir Aibreán agus Deireadh Fómhair 2015. Déanann an Oifig Turasóireachta cur chun cinn ar imeachtaí agus soláthraithe turasóireachta lena n-áirítear áiteanna agus gníomhaíochtaí is díol spéis do thurasóirí chomh maith le soláthraithe fáilteachais trí na meáin shóisialta.

Tacaí Fiontair na hOifige Fiontair Áitiúil

Ghlac Oifig Fiontair Áitiúil DLR páirt i roinnt tionscnamh lena n-áirítear iad seo a leanas: Fiontraí Óg is Fearr na hÉireann, Gradaim Náisiúnta Fiontair agus na Gradaim Fiontair do Mhic Léinn.

In 2015 ghlac Oifig Fiontair Áitiúil DLR páirt i roinnt Tionscnamh Réigiúnach Fiontair i mBaile Átha Cliath lena n-áirítear Dublin Food Chain, PLATO Dublin, Meantóireacht Oibrithe Deonacha Microsoft agus Food Academy.

Mar chuid de thacaí Gnó na hOifige Fiontair Áitiúil in 2015, eagraíodh Clinicí Comhairleacha Gnó, Cruinnithe Meantóireachta Duine le Duine. Chomh maith leis sin, d'éascaigh an Oifig roinnt Clár míosúil Líonraithe Gnó & Oiliúna i Scileanna Gnó lena n-áirítear cúrsaí 'Tosaigh do Ghnó Féin' agus cúrsaí 'Margaíodh Ar Líne agus na Meáin Shóisialta'. Tugadh isteach Seisiúin Faisnéise

Gnó coicíosúla i Ráithe 3 de 2015 chun eolas a sholáthar do ghnóthaí nuabhunaithe agus dá n-úinéirí chomh maith le raon tacaí rialtais le haghaidh gnó.

D'fhaomh Oifig Fiontair Áitiúil DLR rochtain ar roinnt tacaí airgeadais chun cuidiú le micreaghnóthaí sa chontae agus b'ionann an méid sin agus €639.042 faofa in 2015 faoi thrí cinn de shásraí maoiniúcháin.

16 x Deontais Staidéir Féidearthachta, 8 x Deontas Prímeála agus 15 x Deontas Maoiniúcháin d'Fhairsingiú Gnó

Faomhadh 121 Dhearbhan do Thrádáil ar Líne agus faomhadh 14 Atreorú Iasachtaí in Éirinn.

Forléargas ar Phríomhghnóthachalacha Oifig Fiontair Áitiúil DLR in 2015

- Faomhadh cúnamh airgeadais (deontais staidéir féidearthachta, maoiniú prímeála gnó agus d'fhairsingiú gnó) d'iomlán de 39 ngnó incháilithe, ag sárú na sprice de 35 don bhliain féilire.
- Thacaigh le cruthú 17 bpost trínár gcomhpháirtíocht le Microfinance Ireland
- Sannadh meantóirí gnó le haghaidh 139 dtionscadal, le meán de cheithre chruinniú in aghaidh gach meantóra. Sháraigh an toradh sin an sprioc de 100 tionscadal a fuair tacaíocht dá leithéid.
- Chuir an Oifig 9 gcúrsa 'Tosaigh do Ghnó Féin' 8 seachtaine ar fáil, ar ghlac 125 dhuine páirt iontu, a sháraigh an sprioc a leagadh síos de 8 gcúrsa le haghaidh 120 rannpháirtí.

THE DLR WINTER FAIR 2015

- Chuir an Oifig tacaí oideachais fiontair ar fáil do 1,815 mhac léinn bunscoile agus iar-bhunscoile i 42 scoil áitiúla, ag sárú na sprice de 1,750 mac léinn i 40 scoil.
- Bhuaigh Property Button, gnó atá lonnaithe sa Charraig Dhubh, arna thacú ag ár nOifig Fiontair Áitiúil an gradam don 'Ghnó Nuabhunaithe is Fearr' ag an gCraobhchomórtas náisiúnta de Ghradaim Náisiúnta na nOifigí Fiontair Áitiúil a réachtáladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí an Mheithimh.
- Rinne dhá chliantghnó, Roberts ó Dheilginis agus Rook, ionadaíocht ar an gContae ag an gCraobh Náisiúnta den chomórtas 'Ireland's Best Young Entrepreneur (IBYE)' a réachtáladh in The Foundry ag ceanncheathrú Google i mBaile Átha Cliath i mí na Nollag. Déirigh linn 53 iontráil a fháil ag céim an Chontae den chomórtas, ag sárú na sprice de 30.
- Trí mheán na rannpháirtíochta i dtionscadal arna maoiniú ag an Aontas Eorpach, chuireamar cóitseáil ar fáil sa phróiseas bainistithe nuálaíochta zinno.eu do shé ghnó agus chuireamar

Below: Dearbhla Lawson le Sabina Higgins, a sheol go hoifigiúil forbairt an Lionra Rannpháirtíochta Poiblí in éineacht leis an gCathaoirleach An Comhairleoir Barry Saul.



cúnamh ar fáil do sheisear úinéirí gnó faoin tionscnamh malartaithe gnó Erasmus le haghaidh Fiontraíthe Óga.

- I mí na Samhna 2015, tháinig an Oifig Fiontair Áitiúil, i gcomhar leis an gComhairle Dearaidh, the Institute Without Boundaries (Toronto) agus Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, le chéile chun páirt a ghlacadh in charrette ag díriú ar conas a d'fhéadfadh Idirlíon na nEarraí deiseanna nua a chruthú le haghaidh Réigiún Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Chuir an Oifig Fiontair Áitiúil roinnt tionscnamh earnálach ar fáil chun cuidiú le gnóthaí miondíola ar fud an Chontae in 2015. Ina measc bhí soláthar maoiniúcháin ionas go bhféadfaí athchóiriú a dhéanamh ar éadanas siopaí mar chuid den scéim Feabhsúcháin Éadanas Siopaí; cúnamh deontais i gcoinne rátaí íoctha in áitribh incháilithe mar chuid den scéim um Áitribh Fholmha Tráchtála agus eagrú oiliúna speisialaithe d'úinéirí agus bainisteoirí miondíolóirí beaga neamhspleácha. Chomh maith leis sin, cuireadh chun cinn tobshíopa ar Shráid Sheorise Uachtarach i nDún Laoghaire. Bhain Cumainn Ghnó ar fud an Chontae leas freisin as deontais Cothaithe Gnó (faoin Scéim um Dheontais Uilíocha) chun cur leis an ngníomhaíocht gnó agus leis an líon custaiméirí ina láithreacha féin.

Straitéis Chumarsáide Oifig Fiontair Áitiúil DLR

In 2015 d'fhorbair ár nOifig Fiontair Áitiúil straitéis chumarsáide a thacaíonn le rannpháirtíocht éifeachtach lena páirtithe

Thíos: Mountains to the Sea 2015

leasmhara. Seo a leanas na bealaí a úsáideadh chun plé le daoine chun a mhíniú dóibh cad a bhíonn ar bun ag an Oifig Fiontair Áitiúil, chun a léiriú cén tionchar a bhíonn ag a cuid oibre agus chun na héachtaí atá bainte amach ag an oifig a thaispeáint dár gcliantghnáthaí .

- An Suíomh Gréasáin (www.localenterprise.ie/DLR)
- Na Meáin Shóisialta – Twitter, Facebook & LinkedIn
- Foilsiú na ríomh-nuachtlitreach míosúla, 'DLR Enterprise News' agus é a sheoladh chuig c. 4,300 duine cláraithe
- Preasráitis a d'eisigh Oifig Chumarsáide Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
- Foilsiú roinnt alt san DLR Times agus i nuachtáin ar fud an chontae.
- Eagrú na gClinicí seachtainiúla Comhairle Gnó
- Eagrú na Seisiún coicíosúil Faisnéise Gnó
- Óstáil ar imeacht démhíosúil Líonraithe Gnó

Leabharlanna

Shroich Ballraíocht na Leabharlann 77,890 faoi dheireadh na Nollag 2015 (is ionann sin agus 38% de dhaonra iomlán Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin). Is éacht é sin agus sártheist ar an



tseirbhís leabharlainne a chuireann Dún Laoghaire-Ráth an Dúin ar fáil. Eisíonn na leabharlanna líon ard míreanna, agus sheas an líon sin ag breis is 1.4 milliún le linn na bliana.

Sheas an leibhéal Féinseirbhíse ag 77% ar fud na gcrabhleabharlann agus bhí 2.4 milliún amas ann ar leathanach gréasáin na leabharlann. Mhéadaigh úsáid idirlín an phobail faoi 75% ó 73,840 eisiúint in 2014 go dtí 129,402 in 2015. Bhí 62,162 seisiúin WiFi ann ar fud na gcrabhleabharlann. Chomh maith leis sin, thacaigh Leabharlanna DLR le tabhairt isteach an Chórais Náisiúnta um Bainistiú Leabharlann.

D'oscail an Cathaoirleach dlr Lexlcon go hoifigiúil an 17 Aibreán 2015. Mheall sé sin breis is 400,000 cuairteoir in 2015 agus bhain an pobal áitiúil leas maith as freisin. Bronnadh cead planála in 2015 ar Leabharlann Chabán tSile ionas go bhféadfaí dhá shíneadh bheaga a thógáil le linn 2016.

Forbraíodh an Plean Forbartha Leabharlainne le linn 2015 agus bhí comhairliúchán ann ag na príomhchéimeanna leis an bpobal, leis an bhfoireann agus leis an gCoiste um Beartais Straitéiseacha a bheadh mar bhonn eolais don dréachtphlean. Tá sé beartaithe é sin a bheith glactha faoi earrach na bliana 2016.

Thug Leabharlanna Dlr faoi phróiseas tairisceana chun dream a fhostú le saoráidí bainistíochta a sholáthar do na crabhleabharlanna. Táthar ag cothú comhpháirtíochtaí le hinstitiúidí eile (UCD, IADT, BFEI etc.) agus tá an fhoireann agus an pobal araon ag baint leasa as na comhpháirtíochtaí sin.

D'éirigh thar barr leis an gclár Cultúir Bliantúil mar ar eagraíodh a lán imeachtaí ar fud na seirbhíse, ag ceiliúradh a lán tionscnamh náisiúnta. D'éirigh thar na bearta leis na Caithe Lá Teaghlaigh, leis an bhFéile Leabhar do Leanaí, leis an tSeachtain Eolaíochta agus le Summer Reading Buzz. Mheall na taispeántais ardphróifíle lucht féachana den chéad scoth – dála Pictiúr: Maisiú Leabhar Comhaimseartha do Leanaí as Éirinn, Here I Am! Taispeántas Grianghrafadóireachta i gcomhar le Down Syndrome Ireland, An tAthair Browne: A Life Through the Lens, Modern Wife, Modern Life & PJ Lynch: Pilgrims, Princesses and Beardy Old Men.

Bíonn éileamh níos mó is níos mó ar an tsraith Library Voices le Edna O'Brien, Ian Rankin, Margaret Atwood agus Richard Dawkins ar cuairt sa Chontae. D'éirigh thar barr le tionscadal Úrscéal Grafach agus d'eascair ceiliúradh poiblí agus saothar foilsithe as.

Thacaigh Leabharlanna Dlr freisin leis an bhféile leabhar Mountains to Sea i mí Márta. Ceapadh coimeadaí Lexlcon Lab, a chuir tús le roinnt clár turgnamhach foghlama do dhaoine fásta agus leanaí le seisiúin ar chódú, priontail 3D, ríomhchlárú agus leictreonaic, Minecraft agus oícheanta comhoibritheacha.

Thíos: Summer Reading Buzz 2015



Thíos: Oíche Cultúir 2015 ag Lexlcon



Thíos: Writeaway Dún Droim. An Cathaoirleach An Conhairleoir Barry Saul, Beth Nunan agus Nita Mishra



AN ROINN AIRGEADAIS AGUS BAINISTITHE RIOSCA

Tá an Roinn Airgeadais & Bainistithe Riosca freagrach as maoiniú gearrthéarmach agus fadtéarmach oibríochtaí na Comhairle, idir loncam agus Chaipiteal, agus as éascú & bainistiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise bainistithe riosca ar fud na heagraíochta.

I measc raon leathan seirbhísí a chuir an Roinn ar fáil le linn na bliana tá siad seo a leanas:

- Rialú Airgeadais, Sreabhadh Airgid & Bainistiú Cisteáin
- Ullmhú an Dréachtbhuiséid Bhliantúil
- Ullmhú an Ráitis Bhliantúil Airgeadais
- Riar ar na Córais Ghinearálta Mórleabhair & na Príomhchórais Airgeadais
- Riar Párolla
- Rátaí Tráchtála, Billeáil & Bailiú
- Bailiú Riaráistí Muirir Dhramhála Comhshaoil
- Bailiú agus Billeáil na Muirear Uisce Tráchtála (thar ceann Uisce Éireann)
- B.I.D – Tobhach, Billí & Bailiú Airgid (thar ceann Chuideachta B.I.D.)
- Íoc Cuntas
- Riar Árachais agus Éileamh
- Oifig na nAdmhálacha d'Íocaíochtaí
- Riar & Bailiú na Muirear le haghaidh Riaráistí Íocaíochtaí ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha
- Bainistiú & Éascú a dhéanamh ar Straitéis Bainistithe Riosca ar fud na hEagraíochta

Chomh maith leis sin, cinntíonn an Roinn go bhfuiltear ag cloí le príonsabail reachtúla agus chuntasaíochta airgeadais, a bhfuil feidhm acu i leith gach airgead a íocann an Chomhairle nó a íoctar leis an gComhairle.

Buiséad na Comhairle

Ullmhaíonn an Roinn Airgeadais an Dréachtbhuiséad i gcomhar le gach roinn den Chomhairle. Ghlac an Chomhairle an Buiséad loncaim don bhliain airgeadais dár críoch an 31 Nollaig 2015, agus b'ionann an buiséad sin agus €164,216,200. Seo a leanas na hiarmhéideanna carnacha ar an gCuntas loncaim don tréimhse bliana 2010-2014:

Iarmhéid an Chuntais loncaim don Bhliain	
2014	€9,699,927 Cr
2013	€9,648,543 Cr
2012	€9,601,934 Cr
2011	€9,550,465 Cr
2010	€9,109,484 Cr

Rátaí

Tá rátaí iníochta ar áitribh tráchtála agus thionsclaíocha. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an mBuiséad gach bliain, cinneann na Comhaltaí Tofa ar an Ráta Bliantúil ar an Luacháil (ARV) atá le gearradh mar thobhach an bhliain dár gcionn. Ba é €0.1624 an ARV (Ráta Bliantúil ar an Luacháil) le haghaidh 2015 a bhí ina laghdú 2.5% ar ráta 2014. Sa tréimhse sé bliana 2010-2015 laghdaigh an Chomhairle a ARV i gceithre cinn de na blianta sin agus sa dá bhliain eile d'fhan an ráta mar an gcéanna. Ba é 8.5% an laghdú carnach san ARV le linn na tréimhse agus ba é 5.4 an laghdú measta sna Praghsanna Tomhaltóirí.

Staitisticí Bailiúcháin			
Bliain	Rátaí Iomlána Bliantúla	Rátaí Iomlána	% Bailithe
2015	€91,088,197*	€77,695,710	85.30%
2014	€99,018,707	€76,771,437	77.53%
2013	€100,545,302	€78,101,155	77.68%
2012	€101,483,481	€76,485,950	75.36%
2011	€101,326,260	€77,289,649	76.28%

*Ó 2015 amach cuimsíonn "Rátaí Iomlána don Bhailiúchán" na riaráistí tosaigh móide na rátaí dlite don bhliain lúide suimeanna iarbhir a díscríobhadh agus coigeartaithe d'iarraitais ar feithimh & cuntais d'áitribh fholmha atá á leachtú nó ag dul trí phróiseas glacadóireachta nó scrúdaitheoireachta i gcás go bhfuil na coigeartuithe cuntasaíochta sin le déanamh an bhliain dár gcionn.

Muirir do Dhramháil Chomhshaoil

Cé gur tharraing an Chomhairle siar ó bheith ag soláthar seirbhís bailiúcháin dramhála go díreach, ó mhí Lúnasa 2010 amach, bíonn sí fós i mbun riaráistí gan íoc a bhailiú agus in 2015 bailíodh €319,000. Chomh maith leis sin, lean an Chomhairle ag glacadh le iarratais tarscaoilte agus len iad a phróiseáil i ndail leis an muirear agus in 2015 próiseáladh 150 iarratas, ceadaíodh 130 astusan agus díúltaíodh 20.

Bailiú na Muirear Uisce Tráchtála

Síníodh an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Uimh.2) 2013 sa dlí ar an 25/12/2013 agus forálann sé d'aistriú feidhmeanna seirbhísí uisce ó Údarás Áitiúla chuig Uisce Éireann, le héifeacht ón 1/1/2014. De réir an Chomhaontaithe Seirbhíse idir an Chomhairle & Uisce Éireann, déanann an Chomhairle ar bhonn gníomhaireachta thar ceann Uisce Éireann, billí a eisiúint chuig Custaiméirí tráchtála agus muirir iníochta a bhailiú.

Muirear don Íocaíocht ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR)

Faoin Acht Rialtais Áitiúil (Muirir) 2009 tugadh isteach muirear de €200 mar íocaíocht ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha. Bhí an muirear seo féinmheasta agus bhí sé de dhualgas ar úinéirí a n-áitreabh a chlárú agus an muirear a íoc. Cuireadh deireadh leis an muirear, le héifeacht ón 1/1/2014 de bhua Alt 73 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 & Ordú 2014 fán Fhorálacha an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 (Tosach Feidme Forálacha Áirithe). Shocraigh Alt 74 den Acht an 31 Lúnasa, 2014 ar an dáta is déanaí do dhaoine/d'fhorais a bhféadfadh dlíteanas a bheith orthu maidir leis an muirear dul i dteagmháil lena n-údarás áitiúil chun an muirear a íoc nó dul i gcomhaontú le haghaidh íocaíochta d'fhonn íoslaghdú ar an méid táillí a bheadh le híoc as a bheith déanach. Bailíodh €1.06m in 2015 i ndáil leis an muirear, lena n-áirítear táillí as íocaíochtaí déanacha.



Thuas: Lá Teaghlaigh ag Lexicon

Cáin Mhaoine Áitiúil

Is éard atá sa Cháin Mhaoine Áitiúil (LPT) cáin bhliantúil fhéinmheasta a ghearrtar de réir luach margaidh na n-áitreabh cónaithe le héifeacht ón 1 Iúil 2013 agus is iad na Coimisinéirí Ioncaim a dhéanann é a riar. Bhí íocaíocht leathbhliantúil dlite in 2013, agus bhí íocaíocht do bhliain iomlán dlite in 2014. Ón 1 Eanáir 2014 íocann an tAire Airgeadais táillí isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil arb ionann é agus an méid Cáine Mhaoine Áitiúla a bhailítear. Is í an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a dhéanann eisíocaíochtaí ón gCiste Rialtais Áitiúil.

Faoi Alt 20 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), arna leasú ag Alt 5 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil t) 2013, féadfaidh Údarás Áitiúil, mar fheidhm fhorchoimeáda, an bunráta de Cháin Mhaoine Áitiúil a athrú laistigh dá limistéar riaracháin féin chuig uasmhéid de móide nó lúide 15% den bhunráta. Ag cruinniú a reáchtail Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin chun an cheist seo a bhreithniú ar an 14 Meán Fómhair, 2015 d'aontaigh na Comhaltáí an bunráta de cháin mhaoine áitiúil don Chontae a athrú faoi lúide 15%. De réir mar a fhoráiltear in Airteagal 8 de na Rialacháin maidir le Cáin Mhaoine Áitiúil (Fachtóirí Coigeartaithe Áitiúla) 2014 tá feidhm ag an ráta athraithe de Cháin Mhaoine Áitiúil do thréimhse bliana ón gcéad dáta eile ar a mbeidh an cháin mhaoine áitiúil dlite le híoc i.e. ó 1/11/2015 go dtí 30/10/2016 agus dá éis sin aisiompóidh an ráta LPT ar ais chuig an bunráta tosaigh, mar a sainíodh in Acht 2012, mura nglactar cinneadh eile ag leibhéal na Comhairle, mar fheidhm fhorchoimeáda, sa bhliain dár gcionn an t-athrú a choinneáil, nó athrú eile a chur i bhfeidhm, a mbeadh éifeacht aige ón gcéad dáta dlite eile i.e. ó 1/11/2016 go dtí 31/10/2017.

Tá rátaí géillúlachta leis an gCáin Mhaoine Áitiúil sa Chontae seo i measc na rátaí is airde sa Stát.

Scéim Ceantair Feabhsaithe Gnó Dhún Laoghaire

Ag cruinniú arna reáchtail den Chomhairle an 10 Márta 2014 glacadh rún Ceantar Feabhsaithe Gnó a bhunú laistigh de Limistéar Bhaile Dhún Laoghaire, de réir mar atá rianaithe i léarscáil uimhir PL-13-384a bhí ar chlár na Comhairle don chruinniú sin. D'fhaomh an Chomhairle cur i bhfeidhm na Scéime maidir le Ceantair Feabhsaithe Gnó a chur faoina bráid Dun Laoghaire Bid Company Limited laistigh den limistéar, a fheidhmeoidh ar feadh tréimhse cúig bliana ón 1 Aibreán 2014 agus a bheidh maoinithe go príomha ó tobhaigh ranníocaíochta BID. De réir fhorálacha an Achta Rialtais Áitiúil (Ceantair Feabhsaithe Gnó) 2006 déanann an Chomhairle ríomh agus bailiú ar an tobhach BID is iníoctha ag gnóthaí laistigh de limistéar na Scéime BID agus cuireann an t-ioncam ar aghaidh chuig Cuideachta B.I.D de réir fhorálacha na reachtaíochta sa mhéid gur ioncam BID atá ann.


Bainistiú Airgeadais

Tá tuairiscí bainistithe airgeadais na Comhairle stuama agus críochnúil. A bhúiochas le dianchóras míosúil monatóireachta airgeadais cinntítear go dtugtar faoi deara aon difear suntasach sa bhuiséad ag céim luath agus go bhfeidhmítear go hiomchuí chun aon tionchar airgeadais neamhfhabhrach a íoslaghdú. Áirítear i measc na srianta sin athbhreithnithe rialta airgeadais, tuairiscí airgeadais míosúla agus ráithiúla a chuireann in iúl conas mar a bhí an fheidhmíocht airgeadais i gcoinne na mbuiséad ó thaobh caiteachais agus ioncaim de agus chun meastóireacht anailíse a dhéanamh ar an difear.

Tuarascálacha Airgeadais Ráithiúla chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil

Cuireann gach údarás áitiúil sonraí ráithiúla ar fáil don Roinn laistigh de o lá ó dheireadh na ráithe. Is iad seo a leanas na tuarascálacha is gá a sholáthar:

Tuarascáil maidir le hIoncam ina bhfuil sonraí faoin gcuntas caiteachais agus ioncaim don bhliain go dtí gach ráithe i gcoinne bhuiséad na bliana.



Thuas: Lá Teaghaligh ag Lexicon

Tuarascáil maidir le Caipiteal ina bhfuil sonraí faoi iarmhéideanna tosaigh an chuntais chaipitil, caiteachas agus ioncam agus iarmhéideanna deiridh don bhliain go dtí deireadh gach ráithe.

Tuarascáil na bhFéichiúnaithe ina bhfuil sonraí faoin ngluaiseacht le haghaidh gach catagóire féichiúnaí don bhliain chuig deireadh gach ráithe.

Tuarascáil maidir le hlasachtaí ina bhfuil réamh-mheastachán sonrach ar ús agus príomhíocaíocháí ar iasachtaí faofa.

Tuarascáil maidir le Párolla/Aoisliúntas ina bhfuil sonraí an phárolla agus na níocaíochtaí pinseanbhaineatacha don tréimhse shonraithe.

Cuireadh na tuarascálacha go léir seo faoi bhráid na Roinne laistigh de na hamscálaí sonraithe le haghaidh na 4 ráithe de 2015.

Íocaíocht Cuntas

Déantar íocaíochtaí le soláthraithe tar éis dóibh an cháipéisíocht chánach is déanaí a chur ar fáil. Déantar formhór na n-íocaíochtaí trí Ríomhaistriú Leictreonach (EFT), agus déantar na híocaíochtaí sin díreach isteach i gcuntas bainc an tsoláthraí, agus uaireanta déantar íocaíochtaí le seic i gcás nach bhfuil sé praiticiúil EFT a dhéanamh. Íoctar baill foirne agus Comhairleoirí freisin le EFT.

Cisteoir na Comhairle is ea: Banc na hÉireann, 101 Sráid Sheirse Uachtarach, Dún Laoghaire, Co. Átha Cliath.

Bainistiú Riosca

Déantar Bainistiú Riosca ar bhealach pleanáilte, córasach, chun sainaithint, meastóireacht agus freagairt do rioscaí agus dearbhuithe a sholáthar go bhfuil na freagraí sin éifeachtach. Tá sé tábhachtach go mbeadh sásraí bainistithe riosca agus rialaithe inmheánaigh ag an eagraíocht ar mhaithe le torthaí maithe gnó a bhaint amach.

Tá cruthú agus cothabháil Clár Riosca ina chuid ríthábhachach de chóras éifeachtach bainistithe riosca. Cuireann na Cláir Riosca sásraí ar fáil do bhunú agus do chothabháil cur chuige stuama ar fud na heagraíochta i leith bainistiú a dhéanamh ar rioscaí gnó. Ar na Cláir Riosca déantar sonraí a thaifeadadh. Tar éis ghlacadh an Phlean Chorporáidigh in 2015 rinneadh nuashonrú ar roinnt de Chláir Riosca na Ranna in 2015 agus déanfar na cláir rannacha eile a nuashonrú in 2016. Beidh na cláir nuashonraithe ina léiriú ar éifeachtacht na mbeart maolaithe reatha i ndáil leis na rioscaí atá ann faoi láthair agus áireoidh sé sin rioscaí nua le bearta maolaithe ag gabháil leo nár áiríodh roimhe seo sna cláir.


Árachais

Seo a leanas na príomhréimsí gníomhaíochta: Dliteantas Poiblí, Dliteanas an Fhostóra, Dóiteán (Stoc Tithíochta), Dóiteán (Áitribh Ghinearálta) agus Árachas Gluaisteán. Cuirtear clúdach iomlán ar fáil.

An Ráiteas Bliantúil Airgeadais

Ullmhaíodh an Ráiteas Bliantúil Airgeadais 2014, in 2015, ar bhonn fabhráithe cuntasáíochta agus d'áirigh sé Clár Comhardaithe inar léiríodh sócmhainní agus dliteanas a bhí dlite ar an gCmhaile agus cuireadh é i gcrích laistigh den tréimhse ama reachtúil. Déanann Iniúchóir an Rialtais Áitiúil iniúchadh ar na cuntais agus tuairiscíonn don Aire Comhshaoil. Pobail agus Rialtais Áitiúil ina leith.

Thíos: Cur Crann Sóite



AN ROINN TITHÍOCHTA

Déanann an Roinn Tithíochta bainistiú ar tuairim is 4,466 áitreabh a bhaineann leis an gComhairle. Tá an Roinn seo freagrach as an mBeartas Náisiúnta Tithíochta a chur i bhfeidhm chomh maith lena fheidhmeanna a áiríonn leithdháileadh, cothabháil, athchóiriú agus díol na n-áitreabh, measúnú agus bailiú cíosa, iasachtaí a sholáthar chun tithe a cheannach, deontais áirithe a sholáthar, agus cóiríocht a sholáthar do theaghlaigh gan dídean.

Tá an Roinn freagrach as caighdeáin forfheidhmiúcháin agus as cothú na leabhar cíosa i gcóiríocht príobháideach ar cíos agus as riar a dhéanamh ar an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS). Tá an Roinn freagrach freisin as réadmhaoin a fháil

don tithíocht shóisialta trí léasú ar áitribh príobháideacha, agus bainistiú agus cothabháil a dhéanamh ar Scéimeanna Comharthithíochta agus ar Láithreáin Stad agus as cur i bhfeidhm Chlár na Comhairle um Chóiríocht don Lucht Taistil.

Thíos: Forbairt Tithíochta Sóisialta ag Clós na Cromleice



An Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí

Cuireadh deireadh leis an Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí i mí na Nollag 2012. Tá sé beartaithe scéim nua incriminteach a thabhairt isteach in 2016.

An Tionscnamh um Léasú Tithíochta Sóisialta

In 2015 fuarthas roinnt fiosruithe faoin tionscnamh seo agus cuireadh iarratas amháin i gcrích as ar eascair aonad amháin.

Athchóirithe

Cuireadh tús le hoibreacha ar athchóiriú agus síneadh Theach Bhaile an Róistigh faoi Chéim 2 mar a ndéanfar 34 aonad cóiríochta atá tíosach ar fhuinneamh a sholáthar do dhaoine scothaosta in 2016

Cuireadh i gcrích 30 athrú ar sheomraí folctha, 12 chathaoir staighre, 6 rampa agus roinnt mionathruithe eile in áitribh na Comhairle atá ar cíós, le haghaidh tionóntaí faoi mhíchumas.

Tógáil na Scéimeanna nua Tithíochta

Cuireadh tús le tógáil 15 aonad nua ag Clós na Cromleie, Cill Tiarnáin, Baile Átha Cliath 18 agus beidh siad i gcrích in 2016

An Scéim Deontais d'Oiriúnú tithíochta le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas

Fuarthas 126 iarratas ar Dheontais d'Oiriúnú Tithíochta le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas .

Eisíodh 107 bhfaomhadh shealadacha dar luach €938,355.

Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta

Fuarthas 43 iarratas faoi Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta.

Eisíodh faomhadh sealadach dar luach €165,139.48.

Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta

Fuarthas 15 iarratas ar Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta.

Eisíodh 8 bhfaomhadh shealadacha dar luach €41,558.

Scéim Phiólótach d'Íocaíocht Cúnamh Tithíochta (HAP)

Faoi Phlean Gnímh na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun dul i ngleic le heaspa dídine a fógraíodh i mí na Nollag 2014, aontaíodh go gcuirfí síneadh leis an scéim HAP ar bhonn píolótach ionas go n-áireofaí teaghlaigh gan dídean i réigiún Bhaile Átha Cliath.

I mí Dheireadh Fómhair 2015 ardaíodh uasteorainneacha scéim phiólótach HAP do dhaoine gan dídean faoi 50% os cionn na dteorainneacha liúntais cíosa. Mar shampla, beidh teaghlach gan dídean a bhfuil teach le 3 sheomra codlata de dhíth orthu in ann cóiríocht a fháil dar luach €1,500 in aghaidh na míosa.

Tá an Scéim dírithe go sonrach ar theaghlaigh gan dídean atá cláraithe leis na seirbhísí agus a meastar iad a bheith gan dídean, ag aon cheann de na ceithre údarás áitiúil i mBaile Átha Cliath - Dún Laoghaire- Ráth an Dúin, Fine Gall agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas de réir bhrí alt 2 den Acht Tithíochta 1988 (Uimh. 28 de 1988)

Bunaíodh aonad tiomnaithe HAP do dhaoine gan dídean in oifig Feidhmiúcháin Réigiún Bhaile Átha Cliath do Dhaoine gan dídean chun cuidiú le cur i bhfeidhm céimneach na scéime píolótaí ar fud na seirbhísí a fhreastalaíonn ar dhaoine gan dídean, trí bheith ag obair go dlúth leis na ceithre cinn d'údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath agus le soláthraithe na Cóiríochta Sealadaí Tacaithe (STA) agus na Cóiríochta Sealadaí Éigeandála (TEA).

Bunaíodh *Dublin Place Finders* in 2015 a chuireann tacaíocht ar fáil do theaghlaigh gan dídean agus iad ag lorg tionóntachtaí ag úsáid HAP.

Easpa Dídine

Thug an Chomhairle faoi sheirbhísí i réimse na heaspa dídine a sholáthar de réir an Phlean Gnímh Bhaile Átha Cliath maidir le Creat Reachtúil do Dhaoine gan Dídean 2014 go 2016, ar ghlac an Chomhairle leis i mí na Samhna 2013.

Lean an Chomhairle lena socruithe le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le soláthar cóiríochta éigeandála do dhaoine gan dídean. Mar thoradh ar an méadú ar líon na ndaoine agus na dteaghlach atá gan dídean, bhí méadú ar an soláthar de chóiríocht shealadach agus thacaíthe in 2015 agus ardaíodh an buiséad chun soláthar a dhéanamh dó sin i mbuiséid 2015 agus 2016.

In 2015, chuir an Chomhairle cóiríocht ar fáil do 40 teaghlach gan dídean sa tithíocht shóisialta mar seo a leanas:

Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta:	4
An Scéim um Chóiríocht ar Cíos:	2
Cóiríocht RA:	26
Léas Fadtéamach:	8

Chomh maith leis sin, bhog 12 theaghlach eile isteach i gcóiríocht fhadtéarmach i gCathair Bhaile Átha Cliath.

Cuidíodh le 16 theaghlach cóiríocht a fháil ina earnáil na cóiríochta príobháidí ar cíós.

Ordú ón Aire

Mar fhreagra ar an méadú ar líon na ndaoine agus na dteaghlach gan dídean, d'eisigh an tAire Comhshaoil. Pobail agus Rialtais Áitiúil Ordú ar an 27/01/2015 i ndáil le feidhmiú na scéime leithdháilte tithíochta, ag tabhairt treorach do gach údarás áitiúil i mBaile Átha Cliath a chinntiú go mbeadh ar a laghad 50% d'áitribh ar fáil le leithdháileadh faoi Alt 22 d'Acht 2009 ar theaghlaigh atá i dteideal tacaíocht tithíochta sóisialta a fháil agus a measann an t-údarás a bhfuil ceann de na riachtanais seo a leanas acu:

- i. bhí an té seo in institiúid, i gcóiríocht éigeandála nó i mbrú (i.e. teaghlach gan dídean de réir bhrí Alt 2 d'Acht Tithíochta 1988);
- ii. tá riachtanas cóiríochta ag an té seo ag eascairt ó mháchail sheasmhach fhisiceach, mheabhrach nó intleachtach (i.e. teaghlach a bhfuil duine dá bhaill faoi mhíchumas agus ar an gcaoi sin a meastar iad a bheith ina dteaghlach leochaileach); agus
- iii. bhí an té seo i gcóiríocht nach raibh oiriúnach don teaghlach ar fhorais eisceachtúla leighis nó comhbhá (i.e. lena n-áirítear

teaghlaigh ina raibh foréigean baile agus daoine óga ag fágáil chúram an Stáit agus ar an gcaoi sin a meastar iad a bheith ina dteaghlaigh leochaileacha).

Eisíodh treoir eile ina dhiaidh sin ar an 7 Lúnasa 2015 a bheadh le cur i bhfeidhm ón dáta sin go dtí an 31 Eanáir 2016 agus chomhlíon an Chomhairle na Treoracha sin le linn 2015.

Seirbhísí Tacaíochta do Dhaoine gan Dídean

In 2015 faoin scéim SLI (Support to Live Independently), atá faoi stiúir SIMON, cuireadh tacaíocht ar fáil do 30 teaghlach nua a bhog amach as cóiríocht do dhaoine gan dídean.

Chuir an tSeirbhís Tacaíochta HAIL tacaíocht ar fáil do 8 dteaghlach in 2015.

Cuireadh tús leis an tSeirbhís Cothabhála Tionóntachta, arna soláthar ag Focus Ireland, i mí Feabhra 2012. Cuirtear an tseirbhís seo ar fáil go príomha do theaghlaigh Tithíochta Sóisialta a bhfuil deacrachtaí acu lena dtionóntachtaí.

Leanadh ar aghaidh leis an Tionscadal Píolótach 'Safe Home' agus rinneadh meastóireacht uirthi in 2015. Is é aidhm na scéime píolótaí seo cóiríocht shlán shábháilte éigeandála ghéarchéime a

chur ar fáil do mhná agus do leanaí i limistéar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, a raibh orthu an baile a fhágáil toisc foréigean baile. Chuir an Chomhairle ceithre aonad cóiríochta ar fáil don Charthanas Sonas, arna bhainisiú thar ceann na Comhairle. Rinneadh meastóireacht iomlán ar an tionscadal agus chuir Sonas tuarascáil iomlán ar fáil don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

Iompraíocht Fhrithshóisialta in Eastáit na Comhairle

Lean an Chomhairle lena beartas de dhéileáil go cuimsitheach le hiompraíocht fhrithshóisialta ina heastáit le linn 2015.

Le linn na bliana san iomlán bhí 73 chás d'iompraíocht fhrithshóisialta a ndearnadh iniúchadh orthu agus ar cuireadh iad i gcrích. Sin laghdú de 31% ar na cásanna d'iompraíocht fhrithshóisialta a tuairiscíodh i gcomparáid le 2014.

Cuireadh caingean dlí i bhfeidhm i gcás gurb iomchuí é agus seirbháladh fógra fágála amháin agus fuarthas 4 ordú eisiaimh ón gCúirt Dúiche.

Géilleadh 2 áitreabh in ionad caingan dlí.

Thíos: Oibreacha ar Chéim 2 de Theacht Bhaile an Róistigh



Eisíodh 13 litir rabhaidh agus 16 rabhadh ó bhéal.

Rinneadh 890 measúnú réamhthionóntachta (seiceálacha cúlra).

Cuireadh agallamh ar 56 iarratasóir tithíochta a raibh stair d'iompraíocht fhrithshóisialta acu agus faomhadh 33 le haghaidh tithíochta agus rinneadh 23 a chur siar nó a dhiúltú.

Rinneadh 6 chur i láthair i scoileanna.

Anuas air sin rinne an Rannóg Leithdháiltí iniúchadh ar 17 líomhain de núis/sárú A a bhain le seanóirí in 2015. Réitíodh gach gearán.

Cúrsaí Oiliúna Réamhthionóntachta

Ghlac 17 dtionónta páirt i seisiún faisnéise do thionóntaí nua in 2015.

Liostáí Tithíochta agus Aistrithe

An 31 Nollaig 2015, rinneadh measúnú ar 5,692 iarratasóir a raibh gá acu le tithíocht shóisialta. San iomlán leithdháileadh áitreabh ar 107 n-iarratasóir. D'áirigh sé sin 12 leithdháileadh chuig áitribh faoi úinéireacht na gCumann Deonach Tithíochta, 1 leithdháileadh faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos, agus 79 leithdháileadh chuig tithe ó stoc na Comhairle. Leithdháileadh aistriú tithíochta ar 81 thionónta chuig cóiríocht eile. D'áirigh sé seo 4 aistriú ó Liosta Seasta RAS, 29 RAS chuig aistrithe RAS, agus 4 aistriú chuig áitribh faoi úinéireacht agus faoi bhainistiú na gCumann Dheonach Tithíochta.

Cíosanna Tithíochta

Faoi Scéimeanna Cíosanna Dífreála na Comhairle déantar cíosanna a ríomh ar bhonn ioncam reatha an teaghlaigh. D'ardaigh meánchíosanna seachtainiúla d'áitribh na Comhairle chuig €62.75 ag deireadh 2015, méadú de beagnach 3% ar an mbliain roimh ré. Cé go bhfuil an t-ardú seo ar mheánchíosanna

Thíos: Aonaid athchóirithe de Chóiríocht don Lucht Taistil ag Cúirt Ghleann an Draoi

ag teacht go pointe áirithe leis an bhfeabhas atá ag teacht ar chúrsaí eacnamaíochta, d'fhéadfadh go mbaineann sé freisin leis an méadú ar líon na bpáistí fásta atá ag cónaí sa bhaile. Faoi láthair áiríonn 20% d'áitribh na Comhairle teaghlaigh ina bhfuil triúr fásta nó níos mó ina gcónaí – agus tá sé sin 11% thuas ar an líon a bhí ann in 2008.

D'ardaigh ioncam cíos tithíochta na Comhairle faoi bhreis is 3% ó €12.8m in 2014 chuig €13.2m in 2015.

Tithíocht ar Phraghas Réasúnta / Scéimeanna Cíos le Díol

D'ainneoin na bhfadhbanna leanúnacha sa mhargadh tithíochta, díoladh caoga áitreabh ar phraghas réasúnata in 2015. Díoladh na háitribh sin faoin Scéim Cíos le Díol a tugadh isteach i mí na Samhna 2011 mar a dtugtar an deis do dhaoine cíos a íoc ar feadh tréimhse suas le trí bliana agus ansin bíonn an cead acu cur isteach ar an áitreabh a cheannach. Faoi Scéim Tithíochta ar Phraghas Réasúnta cuirtear praghas lascanaithe ar fáil lúide 80% den chíos a íocadh.

Bhí ocht gcinn de na háitribh nár díoladh áitrithe faoin Scéim Cíos le Díol agus léirigh formhór na n-áitritheoirí spéis ina n-áitreabh féin a cheannach. Is gá dóibh iarratas ar mhorgáiste a dhéanamh ar an gcéad ásc le hinstitiúid fhorhmeasta príobháideach a chuireann iasachtaí ar fáil chun morgáiste a fháil le tithíocht ar phraghas réasúnta a cheannach. I gcás go ndiúltaíonn na hinstitiúidí príobháideacha a n-iarratas is féidir leo iarratas a chur isteach chuig an gComhairle chun lasacht do Cheannach Tí a fháil. In 2015 géilladh ceithre cinn d'áitribh 'cíos le díol' don Chomhairle agus aistríodh iad chuig Tithíocht Shóisialta ina ionad.



Cuid V – Straitéis Tithíochta

Le hachtú an Achta um Athbheochan Uirbeach agus Tithe 2015 tugadh isteach leasuithe ar fheidhmiú Chuid V den Acht um Pleanáil & Forbairt 2000.

Tugadh éifeacht do leasuithe Chuid V an 1 Meán Fómhair 2015 agus d'áirigh siadsan na hathruithe seo a leanas:

- Laghdú ó 20% Sóisialta agus Ar Phraghas Réasúnta chuig 10% den riachtanas Sóisialta
- Béim ar aistriú díreach na n-aonad críochnaithe Tithíochta Sóisialta
- Léasú fadtéarmach a thabhairt isteach mar mhalairt ar cheannach
- Deireadh a chur leis an rogha airgead in ionad tithíochta

<http://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/act/33/enacted/en/html>

San iomlán rinneadh 9 gcomhaontú de réir Chuid IV den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 agus den Acht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe 2015, as ar eascair ranníocáíochtaí airgeadais de €1,636,000 agus fáil 5 aonad. Rinneadh dul chun cinn ar idirbheartaíocht scéimeanna eile as a gcuirfear ar fáil 9 n-aonad sa bhreis. Chomh maith leis sin, cuirfear 132 aonad sa bhreis ar fáil ar chríochnú na bhforbairtí I bPáirc na Meala agus Belmont.

An Scéim Iasachtaí Chun Teach a Cheannach

Tá scéim i bhfeidhm ag an gComhairle d'iasachtaí a sholáthar chun Teach a Cheannach mar ar féidir le hiarratasóirí a bheith incháilithe do mhaoiniú chun morgáiste a fháil, le haghaidh suas le 97% de chostas na réadmhaoiné suas go huasmhéid de €200,000. In 2015 faomhadh ceithre cinn déag d'iasachtaí chun Teach a Cheannach le go gceannófaí áitreabh a bhí amuigh ar cíos faoin Scéim Ciosa le Díol.

Scéimeanna Deonacha Tithíochta

Cuireadh maoiniú ar fáil le linn 2015 trí Chlár Scéim Cúnaimh Chaipitil (CAS) 2015 le go soláthrófaí 17 n-aonad cóiríochta do dhaoine faoi chatagóirí sonracha de riachtanais tithíochta (daoine gan dídean, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas).

Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus reáchtáladh an cruinniú tionscnaimh an 26 Feabhra 2015. D'aontaigh an Grúpa Stiúrtha Dréachtphlean Straitéiseach Tithíochta do Dhaoine faoi Míchumas, agus cuireadh é sin faoi bhráid na Roinne Comhshaoil. Pobail agus Rialtais Áitiúil an 9 Meitheamh 2015. Reáchtáil an Grúpa Stiúrtha, atá comhdhéanta d'ionadaithe ón Roinn Tithíochta, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ceithre earnáil míchumais agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, cúig chruinniú in 2015 agus lean a gcuid oibre ar aghaidh in 2016.

Cóiríocht don Lucht Taistil 2015

An 10 Deireadh Fómhair, 2015 tharla dóiteán ag láithreán sealadach stad na comhairle ag Bóthar Ghleann na Muc, Carraig Mhaighin, agus cailleadh deichniúr go tragóideach de theaghlach Connor agus Lynch.

Tháinig Coiste Comhairle um Chóiríocht don Lucht Taistil (LTACC) le chéile cúig huairé le linn 2015.

I mí Eanáir 2014 ghlac an Chomhairle Clár Cóiríochta don Lucht Taistil 2014-2018, inar áiríodh measúnú ar riachtanais, tar éis tréimhse de chomhairliúchán poiblí

Rinneadh athchóiriú ar chúig aonad de Chúirt Ghleann an Draoi, Seanchill agus ansin cuireadh iad amach ar cíos arís. D'áirigh seo athchóiriú ar dhá aonad chun aonad mór amháin a dhéanamh le freastal ar theaghlach mór. Cuireadh dhá aonad nua cóiríochta ar fáil d'áitritheoirí láithreán sealadach na Cé Thiar agus cuireadh ceann nua amháin ar fáil d'áitritheoir ar láithreán Stad Pháirc Bhaile an Bhóthair.

Cruthaíodh láithreán sealadach stad tadhlach le hionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin. D'áirigh na hoibreacha ar an láthair 5 theach shoghluaiste a sholáthar, na fónais ar an láthair a cheangal, ceangail uisce agus séarachais a dhéanamh, cóireáil teorann, slándáil agus 5 aonad seirbhíse a sholáthar lena n-áirítear saoráidí neachtlainne.

Líonadh seacht gcinn de chorrholúntais sa stoc sonrath tithíochta don Lucht Taistil le linn 2015.

Tugadh faoi chlár de mhionoibreacha pleanáilte ar thithíocht don Lucht Taistil.

Cothabháil ar Stoc Tithíochta na Údarás Áitiúil

San iomlán fuarthas 5,257 n-iarratas ar chothabháil in 2015.

Tá caoi stoc tithíochta na Comhairle ag dul i bhfeabhas i gcónaí go príomha toisc go bhfuil líon mór de na haonaid ar tógadh/athchóiríodh iad le 5/10 mbliana anuas agus a bhuíochas lenár gclár pleanáilte cothabhála, atá idir lámha ar bhonn leanúnach. Faomhadh roinnt creat le conraitheoirí speisialaithe atá anois i bhfeidhm, a chuidíonn a chinntiú, i gcomhthráth le hatheagrú aonad saothair dhíriú na Comhairle, go mbaintear amach an luach is fearr ar airgead ar bhonn leanúnach.

An Scéim um Chóiríocht ar Cíos

Chuir Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin tús leis an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS) i mí Lúnasa 2006. Ba é 393 líon na dtionóntaí ag tiarnaí talún príobháideacha a d'aistrigh chuig an Scéim an 31 Nollaig 2015 agus ba é 174 an líon de thionóntaí Deonacha a d'aistrigh chuig an scéim an 31 Nollaig 2015.

Forfheidhmiú na gcaighdeán íosta in áitribh de thithíocht phríobháideach ar cíos faoi na Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) 2008 agus Rialacháin (Leasú) 2009

Seo a leanas na staitisticí le haghaidh 2015:

- Rinneadh cigireacht ar 174 áitreabh le 416 chigireacht curtha i gcrích san iomlán le linn 2015
- As na 416 chigireacht sin, fuarthas go raibh 220 nár shásaigh na ceanglais agus bhí 3 cinn a shásaigh na ceanglais ar an gcéad chigireacht
- Seirbheáladh Fógraí Forfheidhmiúcháin – eisíodh 320 fógra deisiúcháin neamhfhoirmiúla in 2015
- Géilliúil anois – fuarthas go raibh 130 áitreabh a bhí géilliúil do na ceanglais in 2015 tar éis iarchigireacht a dhéanamh orthu.
- eirbheáladh 4 Fógra Feabhsúcháin in 2015.

- Níor seirbheáladh aon Fhógra Toirmisc
- Níor ghlacadh aon Chaingean Dlí

Soláthar

Soláthar Tógála i ndáil le ceanglais na Roinne Tithíochta agus tá cur i bhfeidhm fhoirmeacha conartha nua an rialtais idir lámha. Rinneadh soláthar do luach na dtionscadal sa raon idir €0.1 milliún suas go dtí €3.5 milliún. Seo a leanas samplaí de na creataí:


- Suiteálacha Teasa & Pluiméirachta
- Suiteálacha Leictreacha
- Oibreacha Cothabhála Pleanáilte Seachtracha

- Obair ar Uasghrádú Fuinnimh
- Cothabháil ar Dhíonta

Is é an toradh ar chur i bhfeidhm na gcreataí seo de chuid na Comhairle

- Gur bhain an Chomhairle amach luach ar airgead
- Gur cuireadh i gcrích tionscadail ar chlár laistigh de shrianta buiséid.
- Go raibh an próiseas tairisceana oscailte agus trédhearcach.

Thíos: Páirc Mharlaí



AN ROINN BONNEAGAIR & ATHRAITHE AERÁIDE

Cuimsíonn an Stiúrthóireacht Bonneagair agus Athraithe Aeráide raon leathan seirbhísí le haghaidh na saoránach agus na gcúairteoirí ionas go gcruthófar timpeallacht ardchaighdeán le fearann poiblí ardchaighdeán.

Seo a leanas na croíseirbhísí:

Timpeallacht

In 2015 leasaigh an Chomhairle a Plean Bainistithe Bruscair don tréimhse 3 bliana 2015 – 2017. Sa phlean sin sonraítear na spriocanna agus na cuspóirí atá ann chun dul i ngleic le fadhb an truaillithe le bruscair agus sonraítear ann freisin conas feabhsúcháin a bhaint amach ar féidir iad a chainníochtú ó thaobh cosc bruscair de. Le linn 2015 lean Maor Bruscair na Comhairle ag forfheidhmiú na reachtaíochta cuí lena n-áirítear Fodhlithe Bruscair. Gearradh 330 fineáil bruscair le linn na bliana.

Tar éis a fháil amach gur éirigh go maith leis in 2014, chuir an Chomhairle in airde gléasanna Taifeadta a bhain le Salú Madraí d'fhonn dul i ngleic leis an bhfadhb leanúnach a bhaineann le salú ag madraí. Cuireadh na gléasanna sin suas ag siúlbhealach Rinn na Mara, Páirc Chnoc Chill Iníon Léinín, Páirc Mharlaí agus Páirc Chabán tSíle le haghaidh mhíonna an tsamhraidh. Le linn na tréimhse agus iad i bhfeidhm taifeadadh meánlaghdú de 67% ar tharluithe de shalú ag madraí.



Lean Maor Madraí na Comhairle ag forfheidhmiú na reachtaíochta maidir le Rialú Madraí le linn na bliana. San iomlán tógadh 12 mhadra isteach i bpóna madraí na Comhairle in 2015.

Leandh den chlár leanúnach bainte graifítí le linn 2015 mar ar baineadh 7,400 m2 de ghraifítí le linn na bliana.

Ghlac 34 Ghrúpa Áititheoirí páirt i gcomórtas bliantúil na gCeantar Slachtmhar. Ghlac Coistí Bailte Slachtmhara agus Grúpaí Bainistithe Eastát páirt ann in 2015. Ba é Broadford buaiteoir an chomórtais.

Thíos: Buaiteoirí na mBailte Slachtmhara - Broadford, Máirín de Brun agus Mary Scott leis an gCathaoirleach An Comhairleoir Barry Saul



Thíos: Buaiteoirí Chomórtas na Scoileanna Slachtmhara - St. Gerard's Junior School, Jack Egan agus Phoebe Ferguson



Ghlac 27 scoil páirt i gcomórtas na Scoileanna Slachtmhara in 2015. Chomh maith leis sin, rinne an tOifigeach Feasachta Comhshaoil bainistiú ar chlár na Scoileanna Glasa, agus tá brat glas ag 93 scoil.

Bainistiú Réadmhaoine

Déanann Rannóg Bainistithe Réadmhaoine na Comhairle bainistiú ar thailte agus áitribh a bhaineann leis an gComhairle, agus déanann an rannóg forbairt agus riar ar Chlár Leasa Réadmhaoine agus ar an gcartlann. Tá an Rannóg seo freagrach as ionracas a chinntiú i ngnásanna agus éadail, diúscairt, orduithe ceannaigh éigeantais, litreacha toillithe agus próisis léasaithe. Déanann an Rannóg seo achtú ar fhreagrachtaí na Comhairle faoin Acht um Láithreáin Thréigthe 1990 agus tugann freagraí oifigiúla ar fhiosruithe inmheánacha agus poiblí maidir le húnireacht talún.

Thíos: Bóthar na Potaireachta



Thíos: Bóthar Ceangail Bhaile na Lobhar



Faoi láthair tá 21 léas shealadach/tráchtála i bhfeidhm ag an Rannóg seo, agus uaidh sin fuair an Chomhairle ioncam de €213,487 in 2015.

Mar chuid de fhreagrachtaí na Comhairle faoin Acht um Láithreáin Thréigthe 1990, coinníonn an Chomhairle Clár de Láithreáin Thréigthe, déanann comhordú ar chigireachtaí oifigiúla láithreán, eisíonn fógraí agus gearrann tobhaigh i gcoinne láithreán a meastar iad a bheith thréigthe. In 2015 fuair an Chomhairle €25,298 mar ioncam ó na muirir tobhaigh do láithreáin thréigthe. In 2015 bhí 17 n-áitreabh ar Chlár na Láithreán Tréigthe, agus ba réadmhaoin phríobháideach teaghlach a bhí i gceist leo go léir.

Oifig na dTionscald Caipitil

Seo a leanas na mórscéimeanna caipitil iompair atá á ndearadh/á dtógáil nó a chuir an Chomhairle i gcrích le déanaí agus atá maoinithe ag an Roinn Iompair trí Thobhaigh Forbartha.

Scéimeanna á dtógáil/i gcrích:

- Bóthar na Potaireachta (curtha i gcrích i mí Bealtaine 2015)
- Bóthar Ceangail Bhaile na Lobhar agus Athchumrú ar an Timpeallán

Scéimeanna atá ag Céim Shonrach Dearaidh:

- Bóthar Ceangail ESB
- Carrchlós Shráidbhaile Charraig an tSionnaigh

Scéimeanna ag Céim an Dearaidh:

- Bóthar Ghleanna Duibh//Bóthar Ghráinseach an Araltaigh
- Bóthar na Raithíní Móire chuig Bóthar Ceangail Dhroim Máirtín

Thíos: Bóthar na Potaireachta



Thíos: Bóthar Ceangail Bhaile na Lobhar



- N11- Bóthar Ghleann an Draoi
- Rotharbhealach agus cosán ó Ghleann Bhríde go Seannchill
- Scéim Bainistithe Tráchtála Bóthar Bhaile Uí Bhraonáin
- Bóthar Sheangánaí

An Rannóg um Pleanáil Iompair

Rinne an Rannóg um Pleanáil Iompair an obair seo a leanas in 2015

- Thuairiscigh ar 780 iarratas pleanála
- Thuairiscigh ar 8 n-iarratas Chuid 8
- Thuairiscigh ar 10 n-achomharc le Bord Pleanála agus ar iarratas amháin ar Bhonneagar Straitéiseach
- Reáchtáladh breis is 210 seisiún comhairliúcháin maidir le pleanáil agus géilliúlacht le hailtirí, innealtóirí agus pleanálaithe d'fhonn éascú a dhéanamh ar dhul chun cinn na n-iarratas pleanála agus forbartha
- Tugadh ionchur iompair maidir leis an Dréachtplean Forbartha Contae, maidir le Creatphlean Uirbeach Stigh Lorgan agus maidir le hiarratais Chuid 8.

Bainistiú Dramhaíola

An tAonad Forfheidhmiúcháin

Déanann an tAonad Forfheidhmiúcháin monatóireacht agus forfheidhmiú ar ghéilliúlacht do na Rialacháin maidir le (a) bainistiú dramhaíola (b) truailliú aer agus (c) truailliú torainn. I measc na réimsí a dtabharfaí tús áite dóibh le haghaidh 2015 bhí siad seo a leanas:

- Dáileoirí agus díoltóirí breoslaí soladacha;
- Táirgeoirí agus bailitheoirí dramhaíola bia;
- Bailitheoirí neamhúdaraíthe dramhaíola (fear le veain).

SCIDEAL 1 - 2015

Saoráidí Cláraithe/Ceadúnais Eisithe Forfheidhmiú Dramhaíola	424
Cigireachtaí Forfheidhmiú Dramhaíola	861
Gearáin Faighte Forfheidhmiú Dramhaíola	229
Uisce Dromchla	27
Truailliú	92
Gníomhartha Forfheidhmiúcháin Forfheidhmiú Dramhaíola	99

Cosaint Shibhialta agus an tSeirbhís Dóiteáin

Cuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Chosaint Shibhialta ar fáil do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. In 2015 ba é € 86,915.00 sciar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin den chostas. Cuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Seirbhís Dóiteáin Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar fáil freisin de bhun comhaontaithe faoi Alt 59 den Acht Rialtais Áitiúil 1955.

Gradaim EnviroCom 2015

Tá na Gradaim seo anois ina naoú bliain, agus déanann Comhlachas Tráchtála Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin comhóstáil orthu i gcomhar le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tá dea-cháil ar na gradaim seo mar bhealach chun barr feabhais comhshaoil agus nuálaíochta a bhíonn ar bun ag eagraíochtaí a léiriú, ar eagraíochtaí iad atá ag feidhmiú sa Chontae, is cuma cibé méid nó earnáil na heagraíochta sin.

Rinne an tOifigeach Gnó Ghlais ionadaíocht thar ceann na Comhairle ar phainéal moltóirí na nGradam. Tháinig na hiomaitheoirí sa bhabhta ceannais ó earnálacha ilchineálacha, mar shampla fáilteachas, soláthar fuinnimh, baincúireacht, tarlú, bainistíú dramhaíola, clubanna spóirt, trádálaithe aonair agus comhairleoireachtaí. Seachas an Chomhairle féin, i measc na n-urraitheoirí eile bhí WEEE Ireland, Amgen, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, an tÚdarás um Chaomhnú Comhshaoil. Rinne ESB Ecars agus an Teach Ósta Royal Marine urrú ar an bhfáilteachas. Bhí an Dublin People Group of Newspapers ina gcomhpháirtí meáin.

Clár €CoMerit

Seoladh an clár seo in 2008 agus is é is cuspóir dó cuidiú le gnóthaí (go príomha Fiontair Bheaga is Mheánmhéide) coigiltis a dheanamh ó thaobh fuinnimh de agus costais dramhaíola agus uisce a choinneáil íseal, agus éirí níos 'glaise' dá dhéanamh sin. Cuirtear an clár seo i bhfeidhm i gcomhpháirt leis na ceithre Údarás Áitiúla (lena n-áirítear Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, €concertive agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Baineann rannpháirtithe amach aitheantas as a n-éachtaí ar son an chomhshaoil trí theastas €CoMerit a bheith bronnta orthu a ndéantar athbhreithniú air gach bliain chun a chinntiú go ndéantar feabhsúcháin leanúnacha comhshaoil.



Go nuige seo, fuair 121 chuideachta tacaíocht €CoMerit agus tá sia ag coigilt €778,000 in aghaidh na bliana, ar bhonn a bpleananna feabhsúcháin do 'Bhliain 1; a chur i bhfeidhm. Le linn 2015, eisíodh sé cinn déag de theastais €CoMerit agus d'imigh naoi gcinn eile in éag. Maidir leis na cuideachtaí a bhfuil teastais díreach bronnta orthu, déanfaidh siad €10,360 a choigilt, ar an meán, gach bliain. Sna hastaíochtaí carbóin le haghaidh na gcúig bliana tuairiscithe atá ar fáil (go dtí 2014) léirítear feabhsúcháin fhoriomlána bliain-ar-bhain de 9.3%. Chomh maith leis sin, in 2015 bhain na cuideachtaí seo leas as a mballraíocht chun teacht ar €304,857 de mhaoiniú deontais SEAI le haghaidh feabhsúcháin a dhéanfaidh fuinneamh a choigilt.

Tionscadal arna mhaoiniú ag LAPN (Local Authority Prevention Network) 2015

Sa tréimhse sé mhí in 2014, bhailigh Rediscover Paint 4,180kg de phéint eibleachta ó Pháirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin le hathúsáid trína chlár ballraíochta pobail a fheidhmítear óna shaoráid i mBaile Munna. Is éard ba chuspóir leis an tionscadal seo arna mhaoiniú ag an EPA teacht ar mhodh chun péint in-athúsáide a dháileadh i limistéar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin trí láithreach a bheith ann ag margadh Páirc Mharlaí thar thréimhse ceithre mhí, arna chur chun cinn ag feachtas gníomhach Caidrimh Phoiblí agus meáin shóisialta. Ba é toradh an tionscadail seo go raibh an-spéis ag daoine i gcoincheap na péinte in-athúsáide agus go raibh spéis acu í a úsáid mar tháirge nua in ionad táirgí eile, ach faraoir, níor réadaíodh é seo ina cheannacháin ar an táirge sna margá. Cibé scéal é, bunaithe ar fhiosruithe duine le duine, agus leis an idirghníomhaíocht ar an ngréasán agus sna meáin shóisialta, tá spéis ann i measc daoine san athúsáid agus in éifeachtacht acmhainní. Luaigh formhór mór na ndaoine nach raibh siad in iúl go bhféadfaí péint eibleachta a athúsáid ná go bhféadfaí a bhailiú le hathúsáid ag

Thíos: Athchúrsáil ag Páirc Éidin



Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin. Chun teacht ar spriocghrúpa níos leithne agus feacht a spreagadh maidir leis an rogha péint a athúsáid bhíodas i dteagmháil go díreach le grúpaí pobail, le gníomhaireachtaí tithíochta, le clubanna spóirt, le scoileanna etc. atá ag feidhmiú i limistéar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus chun triail saor in aise den táirge 'péint in-athúsáide' Rediscover Paint a mholadh.

Ionaid Athchúrsála

Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin

Ba é 7,319 dtonna an tonnáiste d'ábhar in-athchúrsáilte a tugadh chuig Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin in 2015.

Ionad Athchúrsála Pháirc Éidin

Tugadh 407 dtonna d'ábhair in-athchúrsáilte chuig Ionad Athchúrsála Pháirc Éidin in 2015.

Ionad Athchúrsála Sheangánaí

Tugadh 211 thonna d'ábhair in-athchúrsáilte chuig Ionad Athchúrsála Sheangánaí in 2015.

Thíos: Páirc Ghnó Choill na Silíní



Ionaid 'Fág Anseo'

Cuireann an Chomhairle 37 n-ionad dá leithéid ar fáil. San iomlán tugadh 2,166 thonna d'ábhair in-athchúrsáilte chuig na hionaid seo le linn na bliana.

SDZ Choill na Silíní

Tá Coill na Silíní ar an gcúlsláthar talún amháin is mó i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus tá sé tuairim is 360 heicteár ar mhéid. Chuir an Contae iarratas faoi bhráid an Rialtais, mar aitheantas ar thábhacht straitéiseach an limistéir, le go mbronnfaí stádas mar Chrios Forbartha Straitéisí (SDZ) air agus d'ainmnigh an Rialtas é ina SDZ ar an 25 Bealtaine 2010.

Féadtar teacht ar an Scéim Fhaofa Phleanála ag an nasc seo

<http://www.dlrcoco.ie/aboutus/councildepartments/planning/findit/cherrywoodstrategicdevelopmentzonesdz>

Mar aitheantas ar thábhacht Choill na Silíní, bunaíodh foireann thiomnaithe, An Gníomhaireacht Forbartha, laistigh de dlr in 2015.

Is gá do gach forbairt a bheith géilliúil don Scéim Fhaofa Phleanála agus déanann an Gníomhaireacht Forbartha iarratais phleanála i gcomhthéacs na Scéime agus tá siad faoi réir chinneadh reachtúil an Údaráis Phleanála.

De bhreis air sin, déanfaidh an Gníomhaireacht Forbartha cur chun cinn ar chur i bhfeidhm na gcuspóirí ag an Scéim Phleanála trí chomhoibriú agus rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara cuí.

Athrú Aeráide

Tá tús á chur ag an gComhairle lena hobair chun straitéisí agus beartais um Athrú Aeráide a fhorbairt chun cuidiú leo Pleannanna Maolaithe agus Creataí Oiriúnaithe a cheapadh.

AN ROINN SEIRBHÍSÍ DLÍ

Cuireann an Roinn Seirbhísí Dlí, mar sheirbhís inmheánach, seirbhís ghníomhach ríthábhachtach ar fáil don Chomhairle, do gach Roinn den Chomhairle agus do Chomhlachtaí atá cleamnaithe leis an gComhairle. Tá saineolas suntasach ag an Roinn i ngach réimse den dlí, cleachtas agus riar Rialtais Áitiúil.

Cuimsíonn an tseirbhís arna soláthar ag an Roinn Seirbhísí Dlí réimsí mar seo a leanas:

- Forfheidhmiú agus Bainistiú Cóid Dlíthíochta agus saincheistanna ag eascairt as sin
- Idirbhearta agus Tíolacadh
- Comhairle Dlí ar an gComhairle agus ar an Lucht Bainistíochta
- Athbhreithniú Breithiúnach
- Fiosruithe ón bPobal
- Rialachas Corparáideach agus saincheistanna bainteacha
- Ceannach Éigeantach, Eadráin agus Idirbheartaíocht
- Rialachas Rialtais Áitiúil

Éilíonn obair na Roinne go gcoinneodh baill foirne dlúthnaisc leis na cliant-ranna agus go n-oibreodís mar chuid d'fhoirne le hoifigigh na Ranna ar fhorbairt beartas, prótacal agus tionscadal a mbíonn an Chomhairle ina mbun. Déanann foireann na Roinne teagmháil freisin thar ceann an chliant le Ranna Rialtais, leis an tSeirbhís Chúirteanna, leis an Údarás Clárúcháin Maoine agus le haturnaetha, abhcóidí agus sainchomhairleoirí iomadúla eile.

Below: Home Open Submission 2015



Déantar comhaid a phróiseáil agus a bhainistiú ag úsáid na dteicneolaíochtaí is déanaí.

Bítear i mbun oiliúint ghairme, ghairmiúil agus phearsanta trí thagairt do chuspóirí Phlean Corparáideach na Comhairle agus Phlean Fhoireann PMDS na Roinne.

Déanann an Roinn Seirbhísí Dlí bainistiú ar a chásanna féin go héifeachtach agus cuireann seirbhís fhorásach chostéifeachtach dlí ar fáil.

Thíos: Seachtain na Rothar 2015



Thíos: Gradaim na Maisiúchán Nollag 2015 Tadgh agus Tori Timmins leis an gCathaoirleach An Comhairleoir Barry Saul



AN ROINN SEIRBHÍSÍ BARDASACHA

An Rannóg Seirbhísí Uisce

Tá an Rannóg Seirbhísí Uisce freagrach as bainistiú a dhéanamh ar an Líonra Uisce Dromchla sa Chontae. Déantar uisce dromchla a bhailiú agus a scaoileadh amach chuig na haibhneacha tadhlacha nó isteach san fharraige. Chomh maith leis sin, cuireann an Rannóg Seirbhísí Uisce chun cinn scéimeanna faoisimh ó thuille i gcomhar leis an Oifig Oibreacha Poiblí, arb iadsan an dream a bhfuil an phríomhfhreagracht orthu as tuille ó aibhneacha.

Le linn 2015 i measc na dTionscadal Bainistithe Tuille a cuireadh i gcrích bhí siad seo a leanas:

- Uasghrádú Scagaire Pháirc Loreto
- Uasghrádú Scagaire Belarmine
- Oibreacha Faoisimh Ascaill an Gharráin Chnó
- Oibreacha Faoisimh Arda Bhaile an tSléibhe
- Oibreacha Faoisimh Bhóthar Pháirc Ailín
- Suiteáil Geata Tuille ar Bhóthar an Choimín
- Uasghrádú Scagaire Pháirc Abhóca
- Oibreacha Faoisimh Pháirc an Dairbhaile

D'oibrigh Seirbhísí Uisce i ndlúthchomhar leis an Roinn Phleanála chun Léarscáileanna Ceantair Tuille a ullmhú atá anois cuimsithe i bPlean Forbartha Contae 2016 -2022. Chomh maith leis sin, bhí páirt thábhachtach ag Seirbhísí Uisce in ullmhú Cháipéis Theorach maidir le Díonta Glasa an Phlean Forbartha Contae.

D'oibrigh Seirbhísí Uisce go dlúth freisin le hOifig na nOibreacha Poiblí chun dréachléarscáileanna tuille ECFRAM a ullmhú.

I measc na Scéimeanna Bainistithe Tuille atá beartaithe in 2016/2017 tá siad seo a leanas:

- Uasghrádú Scagaire Ardán Uladh
- Uasghrádú Scagaire Radharc na Deargaile
- Uasghrádú Scagaire Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath
- Stóráil Tuille Pháirc Chill Bheagóige
- Stóráil Tuille Pháirc Ghleann Abhann
- Ceamaraí a Shuiteáil
- Staidéar Féidearthacht Stóráil Tuille Pháirc Mharlaí


Chomh maith leis sin, déanann Seirbhísí Uisce bainistiú agus cothabháil ar chórais uisce poiblí agus ar shéarach bréan sa Chontae faoi Chomhaontú Seirbhíse le hUisce Éireann.

Rannóg Seirbhísí Iompair

Áirítear i measc príomhghníomhaíochtaí na Rannóige Tráchtá agus Sábháilteacht ar Bhóithre iad seo a leanas:

- Dearadh, tógáil agus uasghrádú ar líonra bóithre na Comhairle, feabhsú ar acomhail agus bainistiú tráchtá

Thíos: An Plean Sábháilteachta ar Bhóithre



- Bainistiú ar chórais soilse tráchtá (SCATS)
- Comharthaíocht Reachtúil a sholáthar
- Saoráidí do choisithe agus rothair a sholáthar agus a uasghrádú ar fud an Chontae agus feabhas a chur ar shaoráidí do dhaoine le laghdú gluaiseachta agus d'úsáideoirí bóthair atá faoi mhíchumas
- Measúnú a dhéanamh ar iarratais phleanáil ag an leibhéal áitiúil agus rannpháirtíocht ullmhúcháin a ghlacadh i bpleananna Áitiúla agus Náisiúnta araon e.g. Pleananna Forbartha Contae agus Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath
- Cur chun cinn a dhéanamh ar rothaíocht agus ar thaisteal inbhuanaithe
- Bearta Sábháilteachta Bóthair agus Cosc ar Thimpistí (AIP)
- Oideachas maidir le Sábháilteacht & Feidhmiú na Seirbhíse Maor Scoile
- Soláthar na mBeart Mórlnaí Bus/Eolas Fíor-ama do Phaisinéirí

Ní éireodh leis na gníomhaíochtaí seo ach amháin le rannpháirtíocht ár bPáirtithe Leasmhara, a áiríonn Ionadaithe Poiblí, An Garda Síochána, Bus Átha Cliath, An tÚdarás Náisiúnta Iompair, Bord Cuain Dhún Laoghaire, na Seirbhísí Éigeandála, Gnóthaí agus Pobail.

Faoi Chreat Infheistíochta an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA) i réimse an Iompair Inbhuanaithe cuireadh bearta i bhfeidhm ó thaobh soláthar le haghaidh Rothaíochta agus Siúlóide

Cuireadh i gcrích na scéimeanna seo a leanas:

- Páirceáil Rothar ar fud an Chontae agus in UCD
- Feabhsúcháin ar Bhóthar Frascati/ar Shaoráidí do Choisithe ag Cnoc an Teampaill/ar an Raon Rothar
- Uasghrádú ar Stad Bus ar Ascaill Bhaile an Bhóthar ar an N11 isteach
- Bóthar Ghleann na Muc, ó dheas ón timpeallán ag Carraig Mhaighin chun freastal ar eastáit chónaitheach
- Bóthar Halla na gCarraeirí ag aomhal Bhóthar Ballymoss, trasrian nua chun freastal ar úsáideoirí LUAS
- Páirc Stigh Lorgan ag Garrán Stigh Lorgan, Trasrian Túcánach nua chun freastal ar cheantair chónaitheacha.


Cuireadh chun cinn na scéimeanna seo a leanas:

- Scéim Débhealach Wyattville – Réamhdhearadh ar Uasghrádú Acomhail agus ar shaoráidí rothar
- Bóthar Bhaile Sheáin / N11 - Uasghrádú Acomhail – Dearadh agus Tairiscint
- Scéim Rothar N11/Bóthar Stigh Lorgan go Lár na Cathrach (Bóthar na Grúdlainne chuig Carraig an tSionnaigh lena n-áirítear dearadh tosaigh Crois an Fhaoitigh agus Faiche na Rás)
- Feabhsuithe ar Chonair Raon Rothair N11/Bhóthar Stigh Lorgan (Belfield go dtí Páirc Stigh Lorgan)
- Scéim Feabhsúcháin Raon Rothar Pháirc Stigh Lorgan go dtí Bóthar na Grúdlainne – Dearadh Sonrach
- Crois an Fhaoitigh / N11 – Uasghrádú Acomhail – Dearadh

Clár Uasghrádaithe Acomhail

Seo a leanas na hacomhail a ndearnadh uasghrádú orthu:

- Droichead Bhaile an Mhuilinn: Comharthaíocht a sholáthar chun foláireamh a thabhairt d'úsáideoirí bóthair maidir le cá bhfuil na hacomhail
- Ascaill an Gharráin Chnó: Trasrian do Choisithe a Chur Isteach
- Bóthar Dhún Droma: Uasghrádú ar Acomhail
- Ascaill Bhaile an tSaoir: go dtí Timpeallán Bhóthar Ghort an Bheithimh – Feabhas a chur ar an mBealach agus ar inrochtaineacht
- Garrán Lúcaís: Trasrian do Choisithe a chur isteach
- Bóthar Ghleann na gCaorach Íochtarach: Trasrian do Choisithe a chur isteach
- Bóthar an Choimín / Bóthar Sheangánaí: Uasghrádú ar Acomhail le Soilse Tráchtá
- Lána Chruincín/Bóthar Bhaile Átha Cliath: Feabhsuithe ar an Acomhal agus ar an gCosán



I measc na Scéimeanna Sábháilteachta ar Bhóithre agus an Fhearainn Phoiblí a ndearnadh dul chun cinn orthu bhí siad seo a leanas:

- Scéim AIP Bhóthar Chill Iníon Léinín / Bhaile an tSléibhe – Comhairliúchán Poiblí
- Céide Bhaile Uí Lachnáin - Scéim AIP – Dearadh agus Comhairliúchán Poiblí
- An Bóthar Trasna, Scéim AIP Bhaile an Bhóthair ag an Scoil – I gCrích
- Scéim Shráidbhaile Bhaile na Manach - Dul chun cinn déanta ar dhearadh na Scéime
- Cosán agus Stad Bus Ascaill Bhaile an Róistigh – Dul chun cinn déanta ar an dearadh
- Cosán Bhóthar an Chlochair, An Charraig Dhubh – Cuid 8
- Cosán Bhóthar Ghleannán na Raithní, Ráth Michíl-Réamhshuirbhé agus Dearadh
- An Bóthar Trasna, Dún Laoghaire – Scéim Sábháilteacht ar Bhóithre agus an Fhearainn Phoiblí – réamhdhearadh agus Comhairliúchán Poiblí
- Ceardlann le Comhairleoirí agus ionadaíocht don Choiste Limistéir

Comharthaí Tráchtá & Córais Chliste Iompair (ITS)

Is é SCATS, an córas oiriúnaithe tráchtá a riarann 141 acomhal ar fud an Chontae

- Gach bliain, déanann an Rannóg Tráchtá agus ITS uasghrádú ar 20 trasrian do choisithe s

- Déantar cothabháil ar 330 comhartha tráchta ag aomhail & trasrianta do choisithe
- Tá 70% de gach comhartha tráchta ar fud an Chontae anois ar an gcóras SCATS a chuireann foláireamh uathoibríoch ar fáil má tá fabht sa chóras agus seoltar an foláireamh sin chuig ár gCóras Bainistithe Fabhtanna
- Déanann an Rannóg ITS bainistiú ar 57 gciliméadar den Lionra Cáblaí Snáthoptaice
- Chomh maith leis sin, déanann an Rannóg Comharthaí tráchta cothabháil agus bainistiú ar Ardchóras Comharthaí Rabhaidh Scoile chomh maith le Comharthaí Foláirimh Luais ar fud an Chontae, 138 san iomlán.

Sábháilteacht ar Bhóithre

Tá Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, i gcomhar lenár bPáirtithe Leasmhara lárnacha, tiomanta de a chinntiú go gcothófar dearfach iomchuí i measc na n-úsáideoirí uile bóithre i leith na sábháilteachta.

Déanann an Fhoireann um Shábháilteacht ar Bhóithre eolas tábhachtach a chur ar fáil faoi roinnt tionscnamh:

- Soláthar na Seirbhíse Maor Scoile
- Oiliúint rothaíochta ar an láthair do c. 2000 mac léinn gach bliain
- Seó Sábháilteachta Bóthair DLR/AXA do Mhic Léinn Idirbhliana
- Laethanta Oscailte dírithe ar Shábháilteacht ar Bhóithre
- Cainteanna ar an láthair maidir le sábháilteacht ar bhóithre agus cur i láthair ag scoileanna éagsúla ar fud an Chontae.

D'áirigh an Innealtóireacht Sábháilteachta ar Bhóithre:

- 6 cinn de scéimeanna feabhsúcháin sábháilteachta scoile

Thíos: Gradaim PSM 2015



An Rannóg um Rialú Páirceála Íoc & Taispeáin

Tá Scéim Rialaithe Páirceála Íoc agus Taispeáin i bhfeidhm ag an gComhairle ar roinnt de na bóithre poiblí/carrchlóis laistigh dá limistéar riaracháin. Déantar an Scéim a chur i bhfeidhm faoi Fhodhlíthe Rialaithe Páirceála na Comhairle, 2007 to 2011.

In 2015 cuireadh leis an Scéim Rialaithe Páirceála Íoc agus Taispeáin le go gcuimseofaí:

- Ardán Áth na Carraige, An Charraig Dhubh
- Limistéar Miondíola Bóthar Ghráinseach an Déin
- Bóthar Chill Eilleáin, Baile an Bóthair

Gearradh 32,739 bhfíneáil do chionta a bhain le páirceáil agus trách ar bhóithre in 2015.

Íocadh 24,621 fhíneáil bhailí pháirceála in 2015.

Fuarthas 1,027 gciontú tríd an gCúirt Dúiche mar nár íocadh fíneálacha páirceála le linn 2015.

Déanann ParkRite t/a DLR Parking Services an conradh forfheidhmithe páirceála a fhorfheidhmiú thar ceann Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Tosaíochtaí Straitéiseacha:

I measc na bhFeabhsúcháin arna ndéanamh le linn 2015 bhí siad seo a leanas:

Leanúint den chur i bhfeidhm céimneach ar mhéadair pháirceála íoc agus Taispeáin le saoráidí íocaíochta cárta chreidmheasa.

Tabhairt isteach na saoráide ar line do Cheadanna Páirceála le haghaidh Áitritheoirí.

Leanúint ag déanamh meastóireacht ar sheirbhísí chun costais a thabhairt anuas agus éifeachtaí a bhaint amach agus cumarsáid níos fearr a dhéanamh le húsáideoirí.

An tSeirbhís Cothabhála Bóithre

An Clár Athchóirithe Bóithre

Rinneadh athrú sa chlár seo in 2015. Bhí an Clár maoinithe ag leithdháiltí deontais ón Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt go dtí 2014. Le héifeacht ón 1 Eanáir, 2015, tháinig an Cháin Mhaoine Áitiúil isteach in ionad na ndeontas seo.

Cuireadh suim de €2,672,000.00 ar fáil in ionad na nDeontas Athchóirithe, Feabhsúcháin agus na nDeontas Athchóirithe Cothabhála.

Atógadh 18 mbóthar agus/nó cuireadh dromchla nua orthu leis na cistí seo in 2015, mar seo a leanas:-

- Lána na Coirre Báine, Seanchill (in dhá chéim)
- Ardán Waltham, An Charraig Dhubh
- Ardán Pheadair, Glas Tuathail
- Bóthar an Chlochair, An Charraig Dhubh
- Ascaill Dhún Charúin, An Charraig Dhubh – (ó aomhail Bóthar an Chlochair go dtí Bóthar Frascati)
- Bóthar Merville, Stigh Lorgan
- Bóthar Chnoc na Sceiche, Cnoc Mhuirfean
- Ascaill Dhún Charúin ag Cnoc na Rós, An Charraig Dhubh
- Páirc Phlásóg na Coille, Baile an Teampaill – (Cuid de)
- Céide na Feá, Dún Droma
- Rotharbhealaí Glasa
- Ascaill Bhaile an tSaoire – Athuigiú ar 3 chuid de
- Bóthar Redesdale, Cnoc Mhuirfean
- Bóthar Radharc an Teampaill, Cill Iníon Léinín (Cuid de)
- Sráidbhaile Bhaile Uí Lachnáin go dtí Jim Rock Motors – athdhromchlú ar chuid den bóthar rochtana

- Eastát Mhainistir na Cille – athdhromchlú a dhéanamh ar chuid den bhóthar tadhlach le Lána na Cille
- Linn Snámha agus Ionad Folláine Bhaile na Manach onkstown Pool & Fitness Centre – athdhromchlú ar an mbóthar rochtana
- Eastát Bhaile Amhlaoibh, Dún Droma – siúntáil & forbhandáil

Oibreacha eile a rinneadh in 2015

Chomh maith leis na bóithre arna liostáil thuas, rinneadh na hoibreacha seo a leanas ag úsáid acmhainní na Comhairle:-

- Balla Coinneála Abhainn na Dothra – Rinneadh oibreacha innealtóireachta chun stop a chur leis an mbonn a bheith á bhaint de bhalla Abhainn na Dothra.
- Oibreacha Éigeandála ar Lána Bharr na Slinneán – atreorú ar lintéar damáistithe ó réadmhaoin phríobháideach chuig an mbóthar poiblí. Rinneadh oibreacha deisiúcháin ar an réadmhaoin dhamáistithe.
- Bóthar Vico, Deilginis – deisiúcháin déanta ar seanbhalla brabhlach
- Rinneadh suirbhéanna ar chaoi na mbóithre chun a fháil amach cén Rátáil PSCI (Pavement Surface Condition Index) a bheadh líonra iomlán bóithre an Chontae.

An Clár Athchóirithe Cosáin

Rinneadh Oibreacha Conartha ag 14 shuíomh in 2015 le maoiniú de € 580,000.00 ó acmhainní na Comhairle féin.

Seo a leanas na háiteanna ina ndearnadh athsholáthar ar na cosáin in 2015:

- Ascaill an Gharráin, An Charraig Dhubh
- Garrán Stigh Lorgan, Stigh Lorgan
- Cúirt Aondale agus Plásóg Avondale
- Lána na Coirre Báine, Seanchill
- Bóthar San Tomás, Cnoc Mhuirfean
- Bóthar Mather Thuaidh, Cnoc Mhuirfean
- Bóthar Chill Mochuda Íochtarach (cuid de)
- Cnoc na Síóg buailte le Ascaill Pháirc an Bhaile Nua, An Charraig Dhubh
- Eastát Bhaile Amhlaoibh, Dún Droma
- Ascaill Theach Naithí, Dún Droma
- Eastát Lynwood, Baile an tSaoir
- Eastát Chluain Ard, Baile an tSaoir
- Eastát Ghráinseach Mharlaí Estate, Ráth Fearnáin
- Eastát Broadford, Baile an tSaoir

Fórsa Saothair Díreach

Chomh maith leis na hoibreacha Conarthacha arna leagan amach thuas, rinne an fórsa Oibre Díreach Cothabháil ar Bhóithre ag comhlíonadh feidhmeanna tábhachtacha mar seo a leanas:-

- Seirbhís Cothabhála Geimhridh
- Deisiúcháin ar phoill sna bóithre
- Deisiúcháin ar chosáin

- Comharthaíocht– comharthaí nua a chur in airde agus comharthaí reatha a chothabháil
- Gearradh fáлта
- Oibreacha a dhéanamh chun dul i ngleic le tuilte/locháin uisce ar bhóithre agus ar chosáin
- Leacú Cosáin

An Rannóg Rialú Bóithre

Tá an córas iarratais ar line Roadmap anois in úsáid ag ESB, Gas Networks Ireland agus Cuideachtaí Cumarsáide (Open Eir, UPC/ Virgin Media agus BT).

Tá tabhairt isteach córais chun gach iarratas a thógáil isteach le haghaidh Ceadúnas chun bóithre poiblí agus cosáin a aslonnú á chur i bhfeidhm go céimneach ag RMO (Road Management Office) ar fud a tíre i gcomhthráth le forbairt an chórais “Online Roadworks Control” ar a dtugtar “MRL – (Map Road Licencing)”.

Líonraí Gáis Éireann

Lean Líonra Gáis Éireann ag cur isteach atreisiúcháin (Príomhlíonraí nua breis Gáis) ar a gcóras chomh maith le ceangail aon uaire chuig áitribh indibhidiúla. Bhí méadú mór ar líon na n-iarratas le haghaidh na gceangal aon uair seo in 2015.

Chomh maith leis sin, chuir Líonraí Gáis Éireann clár oibreacha i gcrích mar a bhéadfaí sainaitheint a dhéanamh ar shuíomh aon phríomhlíonraí d’iarann teilgte a d’fhéadfadh a bheith fós ar a gcóras tar éis a gcláir athnuachana. Rinneadh obair freisin ar roinnt de na Stáisiúin Rialála Ceantair.

Thíos: Locháin i bPáirc Mharlaí



Thíos: Trá le Brat Gorm – Cill Iníon Léinín



UPC-NTL (Virgin Media mar atá anois)

Cuireadh i gcrích an clár athnuachana de 28 “bhFáinne”. Lean UPC leis na ceangail a dhéanamh do chustaiméirí agus lena gclár cothabhála leanúnach ar a líonra in 2015.

Open Eir Ltd.

Chuir Open Eir Ltd. Tús le Clár uasghrádúcháin ar a líonra sa Chontae in 2013 agus lean an obair sin ar aghaidh isteach sa bhliain 2015. Is éard atá i gceist leis an obair seo Caibinéid a shuiteáil maille le foinse bhainteach fuinnimh le haghaidh gach caibinéid (micrea-chuaille ESB) ar fud an Chontae d’fhonn feabhas a chur ar a n-acmhainneacht leathanbhanda.

San iomlán ceadaíodh 1,109 gceadúnas do Chuideachtaí Reachtúla Fóntas in 2015.

Seirbhísí Dramhíola & Uisce

De réir na gcomhaontuithe arna n-aontú le hUisce Éireann, caitheadh €533,000.00 ar athsholáthar buan na n-oscailtí le haghaidh deisiúcháin ar an soláthar uisce agus ar líonraí draenála.

An Rannóg Soilsithe Phoiblí

Tá breis is 23,500 solas sa Chontae arna gcothabháil ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Bíonn an líon sin de shíor ag dul i méid le tógail i gcúram eastát agus bóithre. Chomh maith leis an gcothabháil laethúil a dhéanamhtar, tá clár uasghrádaithe ar bun freisin ar cholúin, lúibíní, líonraí agus díchúpláil ar líonraí a bhfuil soláthar díreach acu.

Tá Rannóg an tSoilsithe Phoiblí, trína chlár um laghdú fuinnimh, tiomanta de soilsíú atá neamdhíobhálach don chomhshaoil a sholáthar. Tá an clár seo dírithe ar lóchrainn éifeachtacha LED a shuiteáil a úsáideann solas bán, ballastáil leictreonacha agus cumais íslithe solais. Tá sé mar aidhm leis an gclár seo a laghdú 33% ar shoilsíú poiblí a bhaint amach faoin mbliain 2020.

Bíonn an Rannóg Soilsithe Phoiblí i mbun an dearaidh ar shoilsíú poiblí i scéimeanna nua mar shampla an ceann atá ar bun do Thimpeallán Bhaile na Lobhar agus Bóthar Ceangail Áth an

Ghainimh. Chomh maith leis sin, cuirtear tacaíocht dearaidh ar fáil dála Bhóthar na Potaireachta, uasghrádú an N11 agus tionscadail eile ar fud an Chonta. Déanann an Rannóg seo athbhreithniú ar iarratais phleanála le haghaidh soilsíú poiblí le haghaidh eastáit, forbairtí agus bóithre nua.

Rinneadh comhtháthú breise idir Córas Ríomhairithe Bainistithe Sócmhainní Soilse GIS agus conraitheoirí cothabhála chun bainistiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí cothabhála Soilsithe Phoiblí – ó thuairisciú fabhtanna go sonraisc dheiridh a chur. Bíonn iniúchadh agus athbhreithniú ar siúl ar bhonn leanúnach ar úsáid an bhonneagair soilsithe poiblí chun éascú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcóras SMART city.

San iomlán rinneadh athsholáthar ar 1,374 lóchrann le lóchrainn ardéifeachtúla LED.

An Rannóg Comhshaoil

Cuimsíonn a Rannóg seo raon leathan seirbhísí do shaoránaigh agus do chuariteoirí araon agus coinníonn conláistí ar ardchaighdeán, coinníonn an fearann poiblí ar chaighdeán ard agus déanann éascú ar ilchineálacht na ngníomhaíochtaí cultúrtha.

Seo a leanas na croisheirbhísí:

Seirbhís Páirceanna & Tírdhreachaithe

Tugadh faoi raon leathan feabhsúcháin ar an tírdhreach áitiúil i spásanna oscailte ar fud an Chontae, lena n-áirítear suíocháin nua, cosáin, crainn/toir/bleibeanna agus bláthanna a chur, fásra a bhaint, athsholáthar spásanna glasa, saoráidí fóillíochta agus crainn sráide a chur laistigh d’eastáit tithíochta.

Lean am tSeirbhís Pháirceanna ag tacú agus ag forbairt áiteanna is díol spéis do chuariteoirí amhail CoCo Markets.

Seo a leanas roinnt de na forbairtí nua:

- Críochnú bealach isteach nua chuig Páirc Ghort na Carraige ó Eastáit Chaisleán Uí Bhroin.
- Líonra cosán nua ag Páirc Ráth Salach

- Cosán nua ag Páirc Soldiers & Sailors
- Uasghrádú ar líonra na gcosán ag Páirc Chill Bheagóige
- Balla teorann nua ag Páirc Chnoc an Fhuaráin
- Tús leis an Tionscadal Orchard – Páirc Sheangánaí
- Cosán ag Páirc Clarinda
- Deisiúcháin ar an droichead ag Páirc Chluain Caoin
- Athchur an chosáin ag Páirc Mharlaí
- Leithris nua ag Páirc Chabán tSíle
- Cuireadh i gcrích Suirbhé Crann ag Páirc na bhFia
- Suirbhé tosaigh crann curtha i gcrích ag Cnoc na Raithní
- Líonra cosán curtha i gcrích ag Páirc Bhaile Amhlaoibh agus Páirc Loreto
- Oibreacha feabhsúcháin ag an gceapach talún ag Baile na nGabhar

Lean Rannóg na bPáirceanna ag obair i ndlúthchomhar leis na pobail áitiúla; freastal ar chruinnithe, comhroinnt eolais, agus cúnamh is comhairle a sholáthar maidir le feabhsúcháin ar eastáit in eastáit na Comhairle.

Forbairt ar phleananna oibre áitiúla chun sainaithint a dhéanamh ar fhadhbanna áitiúla agus aontú ar oibreacha riachtanacha chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin.

Scéimeanna cur crann agus trídheachaithe (athchur spásanna glasa, cráin/toir, bleibeanna agus bláthanna a chur).

Crainn sráid a chur laistigh d'eastáit tithíochta.

Seirbhísí Reiligi

Rinneadh 598 imtheorannú ag Reilig Ghráinseach an Déin agus 525 ag Reilig Sheangánaí.

Díoladh 23 uaigh i Reilig Ghráinseach an Déin agus 185 i Reilig Sheangánaí in 2015.

Leanadh den uathobriú a bhí ar bun ar thaifid reilige in 2015 agus rinneadh tástáil ar Chóras Bainisithe Reiligifreisin. Tá sé beartaithe go mbeidh an dá reilig go hiomlán uathobrithe faoi lár 2016.

Imeachtaí Dlr

Lean Dlr Events lean chlár d'imeachtaí saor in aisce in 2015 le himeachtaí móréilimh dála Charnabhal Chabán tSíle, Scannáin sa Páirc agus an ócáid mhóréileaimh Samhain.

In 2015 cuireadh imeacht nua ar bun – Atmosphere i mBaile Nua Mhic Gabhainn. D'éirigh thar barr leis seo agus tá sé beartaithe leanúint ag óstáil na hócáide seo in 2016.

Reachtáladh níos mó ceolchoirmeacha i bPáirc Mharlaí in 2015 lena daoine mór le rá ag seinm ann, dála Avicii, Paulo Nutini, Imelda May agus Hozier.

Forbairt Spóirt i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin

In 2015 lean an Oifig Forbartha Spóirt ag soláthar agus ag forbairt a Chlár Spóirt ar fud an Chontae, atá cuimsithe sa Scéim Spóirt agus sna deontais d'ócáidí. D'éirigh sé seo freisin soláthar sonrach do chlár Rochtana do Mhná sa Spórt, Daoine Óga i mbaol agus Daoine Fásta Scothaosta.

Lean an Oifig Forbartha Spóirt ag fás a chlár chomhoibrighigh le FAI, Seirbhísí Fóillíochta dlí, Leinster Rugby, UCD agus ag forbairt an chlár Chruicéid Phobail i gcomhar le Leinster Cricket.


Seo a leanas sampla de na scéalta maithe ó 2015:

- Ghlac tuairim is 1,450 duine páirt sa rás Bóthair Bay 10k
- Clár sacair DLR Little & Mini Waves le 3 shuíomh ar fud an Chontae – ar an meán ghlac 75 bhuachaill & chailín páirt idir 3-9 mbliana sa tseachtain .
- Cuireadh DLR Mini Movers ar fáil do bhreis is 700 buachaill & cailín idir 3-9 mbliana sa phobal ag saoráidí cúraim leanáí pobail ar fud an Chontae.



Thuas: An Cathaoirleach, An Comhairleoir Barry Saul, le Mic Léinn Ella O'Connell agus Sophia Metchette ó Our Lady's Girls N.S. agus Mt. Anville Montessori Junior School ag Cur Crann 2015.

Thíos: Seoladh na Tuarascála Spóirt agus Gníomhaíochta Fisiciúla



- Clár DRAFTS (Spraioi tar éis scoile i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin trí mheán an Spóirt) le 12 scoil ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí seachtainiúla idir bhoghdóireacht is sheoltóireacht.
- D'éascaigh an clár spóirt Pobail breis is 38 gclár spóirt ar fud an Chontae. I measc na n-imeachtaí spóirt bh boghdóireacht, eitpheil, haca, sacar, rugbaí, cispheil agus spóirt eile nach iad.

Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

In 2015 d'éagraigh an Chomhpháirtíocht Spóirt raon leathan de chúrsaí oiliúna de cheardlanna agus de ghníomhaíochtaí fisiciúla do dhaoine de gach aois, gach leibhéal cumais agus gach cineál spóirt. Sheol an Chomhpháirtíocht Spóirt tuairisc ar rátaí rannpháirtíochta sa Chontae agus feidhmíonn se mar phointe teagmhála dóibhsean a bhfuil spéis acu a bheith gníomhach.

Clár agus Imeachtaí Rannpháirtíochta – Iomlán de 3,300 Rannpháirtí

- 5K Pobail dlr – 1,200 rannpháirtí de gach aois agus cumas.
- Operation Transformation – siúlóid reáchtáilte ag Páirc Chabán tSile le 310 rannpháirtí, Couch 2 5K i bPáirc Mharlaí
- Damhsa Gníomhach – Clár damhsa idirbhliana in 8 scoil
- Gníomhaíocht do Dhaoine Scothaosta – laethanta tástála le haghaidh 180 rannpháirtí in dhá imeacht
- Laethanta Blaiseadh do Bhunscoileanna – 265 leanbh ó 10 scoil áitiúla
- Rás Rotha Spraoi don Teaghlach – timpeall ar an gCarraig Dhubbh & UCD (6km) le 250 duine

Thíos: Clár Siúlóide Pháirc Chabán tSile



- Clár Siúlóide – arna reáchtáil i nDún Laoghaire, Cabán tSile & Marlaí
- Dúshlán ar an Láthair Oibre – i measc na ngníomhaíochta bhí tionscnamh le haghaidh 55 bhall foirne den Chomhairle i mí Bealtaine
- Go For Life Games – tugadh 16 d'fhoireann dlr chuig an imeacht Náisiúnta

Oiliúint & Forbairt Oibríthe Deonacha – Iomlán de 700 Oibrí Deonach

- Fóram Spóirt -- 3 chruinniú eagraithe in 2015 (Rannpháirtíocht, Cosaint Leanaí, Dul i nGleic le Bulaíocht)
- Seimineár do Bhunscoileanna – dírithe ar leanaí éighníomhacha a spreagadh le páirt a ghlacadh
- Cosaint Leanaí sa Spórt – oiliúint curtha ar 370 cóitsea/oibrí deonach spóirt
- Oiliúint Cuimsitheachta Míchumais – oiliúint curtha ar 24 chóitsea/oibrí dheonacha
- Clár Cóitseála Pobail – uas-sciliú ar 11 chuardaitheoir poist
- Céadchabhair spóirt – oiliúint curtha ar 40 oibrí deonach
- Oiliúint ar Cheannairí Siúlóide – oiliúint curtha ar uhismitheoirí i 9 scoil chun grúpaí a ghlacadh isteach
- Seimineár Líonraithe d'Oifigigh Forbartha Spóirt sa Chontae

Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas – Iomlán de 600 Rannpháirtí

- Craobhchoirtas Dromlaigh NRH– comheagraí ar an imeacht Náisiúnta seo



Thuas: Seoladh ar Shamhradh na hOidhreachta 2015 - Rob Goodbody, An Cathaoirleach an Comhairleoir Barry Saul, Tim Carey agus Jimmy O'Sullivan.

- Lúthchleasaíocht Hala Spóirt Scoile – arna réachtáil in 2 Scoil Speisialta (40 leanbh)
- Lá Spóirt LDI– do leanaí a bhfuil diostróife mhatánach orthu
- Active Energise – lá blaiseadh gníomhaíochta le haghaidh 38 nduine fásta faoi mhíchumas
- Dianrothaíocht – oiliúint le haghaidh 25 leanbh atá faoi mhíchumas fisiceach
- Cispheil do Dhaone i gCathaoireacha Rothaí – club nua a fhorbairt sa Chontae
- Bain Sult as Leadóg – tionscnamh nua le haghaidh daoine atá faoi mhíchumas intleachtach
- Cláir leanúnacha – lena n-áirítear Seoltóireacht Inrochtana, Boccia, Peil i gCathaoireacha Rothaí, Tag Riachtanas Speisialta

Seirbhís Oidhreachta

- Mheall an samhradh de chlár oidhreachta breis is 12,000 cuairteoir
- Imeachtaí bithéagsúlachta ar fhreastail breis is 1,200 duine orthu
- Leanadh le Tionscadal Iorra Rua Chnoc Chill Iníon Léinín
- Sraith Léachtaí Oidhreachta arna réachtáil i dTeach Mharlaí
- Clár comhairliúcháin agus deontas le haghaidh DLR 1916-2016. Seoladh Clár Imeachtaí DLR 1916-2016
- Seoladh Leabhar Reilige Ghráinseach an Déin
- Deontais do thionscadail éagsúla oidhreachta pobail
- Cothabháil ar fhoirgnimh oidhreachta na Comhairle
- Déanann foireann cothabhála Gateway cothabháil ar Charraig Bhraonáin agus Mainistir na Cille, dhá reilig atá dúnta
- Plean Caomhantais Chaisleán Charraig Maighin – dréacht agus comhairliúchán i gcrích

Seirbhísí Glantacháin

Fostaíonn an Rannóg Glantacháin breis is 50 ball foirne agus i measc na foirne sin tá scuabadóirí bóthair, mionscuabadóirí,

neaslódálaithe, truíclíní, meaisín glas agus trí cinn de thrucaílí claise.

Mar chuid den athbheithniú leanúnach a dhéantar ar oibríochtaí reatha, déantar athbheithniú leanúnach ar an sceideal scuab dóra bóthair chun seirbhís mhíosúil a sholáthar d'fhorhór na limistéar cónaithe sa Chontae. In 2015, lean an Chomhairle den uainchlár oibre le haghaidh glanadh bóthair agus folmhú na mboscaí bruscair sna morlimistéir bailte, a chuireann seirbhís ar fáil 7 lá in aghaidh na seachtaine ó 7.00 am go dtí 6.30 pm gach lá agus 7:00am go dtí 7:30pm ar an Aoine. De réir an sceidil nua seo féadtar obair a dhéanamh i lár an bhaile gach lá agus na bóithre a scuabadh gach coicís.

Tá 3 cinn de thrucaílí glanta claise a dhéanann tuairim is 22,000 clais ar fud an Chontae a ghlanadh agus a fhreagraíonn d'fholáirimh maidir le tuilte.

Le linn mhionna an earraigh/an tsamhraidh chuir an rannóg glantacháin tús lenár gclár rialaithe fiailí ar fud an Chontae..

Cuireadh i gcrích uasghrádú ar na boscaí bruscair in 2015, a chuir le hacmhainneacht an chórais ó tuairim is 45,000 lítear chuig breis is 250,000 lítear. Ag úsáid feidhmchláir bunaithe ar aip chun monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil fíor-ama dramhaíola sna haonaid nua; b'ionann líon na mboscaí bruscair ar tugadh cuairt orthu le linn an lae oibre agus laghdú de bhreis is 85%.

In 2015 tháinig dlr sa dara háit i nGradaim IBAL (Irish Business Against Litter) ag 40 baile agus cathair ar fud an Chontae.

Thacaigh an Chomhairle le gach glanadh suas pobail ag soláthar lámhainní agus málaí do na daoine a bheadh ag bailiú bruscair. Déanann an Rannóg Glantacháin gach ábhar a bhailíonn na grúpaí a bhaint agus a dhiúscairt.

Tránna

Déantar na tránna ar fud an Chontae a chothabháil 7 lá sa tseachtain. Bronnadh an Brat Gorm ar Rinn na Mara agus Cill Iníon Léinín arís in 2015..

Déantar patról ar na trí thrá Cill Iníon Léinín, Cuas an Ghainimh agus Rinn na Mara seacht lá sa tseachtain le linn an tséasúir snámha ón 1 Meitheamh go dtí go luath i mí Mheán Fómhair.

AN ROINN PLEANÁLA AGUS NUÁLAÍOCHTA EAGRAÍOCHTÚLA

Pleanáil

Tá an Rannóg Pleanála freagrach as cur i bhfeidhm an Achta um Pleanáil & Forbairt 2000 (arna leasú), na Rialacháin um Pleanáil & Forbairt 2001 (arna leasú) agus an reachtaíocht um Rialú Foirgníochta.

Is éard atá i gceist leis seo athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Contae atá i bhfeidhm faoi láthair agus Plean Forbartha nua a dhéanamh gach sé bliana, as Pleananna Ceantair Áitiúil a chur i bhfeidhm agus as breithniú a dhéanamh ar iarratais ar chead pleanála, as rialú a dhéanamh ar fhorbairt leanúnach, as forfheidhmiú na reachtaíochta pleanála agus as comhairle a sholáthar maidir le cúrsaí pleanála maille le forfheidhmiú na reachtaíocht um Rialú Foirgníochta.

Táscairí Seirbhíse maidir le Rialú Forbartha

Fuarthas 1,342 iarratas ar phleanáil in 2015 arb ionann é agus méadú de 1% ar fhigiúr 2014.

Rinneadh cinneadh i leith 1,252 iarratas bailí pleanála

As iomlán de 177 gcinneadh arna n-eisiúint ag An Bord Pleanála in 2015 i ndáil le hachomhairc, seasadh/athraíodh 138 (78%) cinneadh an Údaráis Phleanála, agus aisiompaíodh 39 (22%) de chinntí an Údaráis Phleanála.

Forfheidhmiú

San iomlán osclaíodh 332 chomhad nua le linn 2015.

Eisíodh 352 litir rabhaidh.

Eisíodh 13 Fhógra Forfheidhmiúcháin.

Tionscnaíodh 4 ionchúiseamh .

Alt 5 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000

Fuarthas 151 iarratas ar Dhearbhú Atreoraithe, faoi Alt 5 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), in 2015. Atreoraíodh 6 iarratas chuig An Bord Pleanála le go ndéanfaí iad a athbhreithniú..

Plean Forbartha Contae

Is éard atá sa Phlean Forbartha Contae Ráiteas i Scríbhinn maille le sraith de 14 léarscáil a chlúdaíonn an Contae iomlán. Leagtar amach sa Ráiteas Scríofa an beartas



Thuas: Cuan Dhún Laoghaire

ginearálta atá ag an gComhairle maidir le forbairt an Chontae amach anseo, thar thréimhse 6 bliana 2016- 2022. Áirítear ann caighdeán shonracha a bhfuil tionchar acu ar rialú na forbartha agus sainchsupóirí le haghaidh réimsí éagsúla agus saincheisteanna éagsúla.

Léiríonn na léarscáileanna seo go grafach forálacha criosaithe úsáide talún an Phlean, na mórchláir bóithre agus a lán cuspóirí eile – lena n-áirítear caomhnú crann, Déanmhais faoi Chosaint, limistéir chomhshaoil atá sainithe ag an Aontas Eorpach, ceadanna slí agus struchtúir a bhfuil spéis seandálaíochta ag baint leo. Féachann an Plean le soláthar d'fholláine na n-áitritheoirí sa Chontae trí chur chun cinn a dhéanamh ar fhás leanúnach fostaíochta agus tráchtála (i) trí dhóthain soláthair a dheanamh do thailte atá criosaithe le haghaidh riachtanais réamh-mheasta (ii) trí leanúint ag cosaint saintréithe speisialta chomhshaoil agus ghnáthóga an Chontae agus (iii) trína chinntiú go ndéantar soláthar tráthúil ar an mbonneagar agus na seirbhísí pobail riachtanacha.

Cuireadh tús le hullmhú Phlean Forbartha Contae 2016 – 2022 i mí Márta 2014. Reáchtáladh Cruinnithe Speisialta na Comhairle chun breithniú a dhéanamh ar an Dréachtphlean Forbartha agus ina dhiaidh sin cuireadh an Dréachtphlean ar taispeáint go poiblí ar feadh tréimhse deich lá ag tosú go luath i mí Márta go dtí lár mhí Bhealtaine 2015. As an bpróiseas de chomhairliúchán poiblí gineadh breis is 700 aighneacht a tháinig ón bpobal, ó ghrúpaí éagsúla sainleasa, ó eagraíochtaí ionadaíochta gnó agus ó pháirtithe leasmhara eile.

Maidir le leasuithe a rinneadh ina dhiaidh sin ar an Dréachtphlean cuireadh iadsan ar taispeáint go poiblí ar feadh tréimhse ceithre

Thíos: An tSráid Mhór, An Charraig Dhubh



seachtaine idir an 24 Samhain agus an 22 Nollaig 2015. Anuas air sin gineadh 400 aighneacht bhreise trí mheán an dara babhta de chomhairliúchán poiblí. Trí Rún ó Chomhaltai na Comhairle ghlac an Chomhairle ar deireadh thiar leis an bPlean Forbartha Contae 2016 - 2022 ar an 17 Feabhra 2016.

Go príomha de bhun mionathruithe leanúnach ar an reachtaíocht agus Treoracha Eorpacha agus Náisiúnta, tá ábhar 'nua' i bPlean Forbartha 2016- 2022 nár áiríodh i bPleananna roimhe sin. Rinneadh Measúnú Straitéiseach Riosca i gCás Tuilte don Chontae iomlán agus tá sé sin cuimsithe anois sa Phlean. Áirítear i measc an ábhair nua nó ábhair forbartha Straitéis Chuimsitheach don Bhoneagar Glas, do Mhaolú Thionchar an Athraithe Aeráide agus do bheartaithe Mionathraithe, Treoir maidir le Díonta Glasa agus fócas breise ar phoitéinseal Turasóireachta agus Áineasa Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Athruithe

Le linn 2015, níor moladh aon Athruithe ar an bPlean Forbartha Contae 2010-2016.

Pleananna Ceantair Áitiúil [LAPanna]

Ghlac an Chomhairle Plean Ceantair Áitiúil na Carraige Duibhe i mí Márta, 2015.

An Scéim do Ranníocaíocht Forbartha (Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000)

An 14 Nollaig 2015 ghlac an Chomhairle le Scéim do Ranníocaíocht Forbartha 2016-2020 faoi Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt. Glacadh an Scéim nua tar éis scrúdú fairsing a dheanamh ar na tionscadail atá ar bun ag gach roinn le haird

ar chaiteachas go dtí seo agus ar chaiteachas amach anseo a bhaineann le maoiniú go dtí 2020. Ina dhiaidh sin reáchtáladh tréimhse de chomhairliúchán poiblí le gach páirtí leasmhar agus ag a dheireadh chuir an Príomhfheidhmeannach tuarascáil ar fáil don Chomhairle.

Sa Scéim nua tá roinnt beart ann a spreagfaidh forbairt sa Chontae, lena n-áirítear:

- Na rátaí ranníocaíochta reatha suas go dtí deireadh 2017.
- Tá athrú úsáide ar áitribh reatha díolmhaithe a chuideoidh optamú a dhéanamh ar phointéinseal na forbartha reatha.
- Tá páirceáil do charranna i bhforbairtí tráchtála a sholáthraíonn do pháirceáil faoi thalamh díolmhaithe ó lorg na forbartha tráchtála.

Foráladh do ranníocaíocht bhreis i gCreatphlean Ceantair Uirbhig Áth an Ghainimh chun a chinntiú go gcloifí leis na riachtanais bhonneagair sa chás seo.

Aithníodh an ceanglas go ndéanfaí athbhreithniú ar an Scéim seo mar a bhaineann le Limistéir Scéime Pleanála Choill na Silíní laistigh den Scéim nua agus freastalófar air seo ag dáta níos déanaí.

Níl ceanglais an bhonneagair Uisce ag teacht faoi raon na scéime seo a thuilleadh mar gur aistríodh iad go dtí Uisce Éireann ó bhí 2014 ann.

Le linn 2015 san iomlán bailíodh €13.45 milliún i ndáil le Ranníocaíochtaí Forbartha faoi Alt 48. Bhí sé sin ina mhéadú 17.7% ar 2014.

Scéim Rannchuidithe Fhorlionsaigh um Fhorbairt (Alt 49 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000-2006)

San iomlán bailíodh €4.05 milliún i ndáil le Line B1 agus Scéim Bhóthar Dáileacháin Cheantar Ghleann na Muc agus Scéim Maolúcháin Uisce Dromchla 2015. Bhí sé seo ina mhéadú 83.6% ar bhailiúchán 2014.


An Rannóg um Rialú Foirgníochta

Tá an Rannóg um Rialú Foirgníochta freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar na hAchtanna um Rialú Foirgníochta 1990 agus 2007 agus na Rialacháin arna ndéanamh faoi na hAchtanna.

Déanann an Rannóg um Rialú Foirgníochta monatóireacht ar tuairim is 15% de gach foirgneamh nua agus i gcás gach foirgnimh nua a gcuirtear tús le hoibreacha orthu sa Chontae gach bliain le haghaidh géilliúlachta do na Rialacháin Foirgníochta. Cibé scéal é, tá an phríomhfhreagracht as géilliúlacht ar na húnéirí agus na tógáil. Déanann an Rannóg um Rialú Foirgníochta monatóireacht ar fhoirgnimh nua chun a chinntiú go bhfuil BER ag an bhfoirgneamh sula ndéantar é a áitriú. Tá gá le BER le haghaidh foirgneamh nua cónaithe nó tráchtála, nó foirgneamh nua atá le cur amach ar cíos nó le díol, sula ndéantar é a áitriú.

Tógáil i gcúram

Déanann an Rannóg um Rialú Foirgníochta comhordú ar an bpróiseas reachtúil de thógáil i gcúram i bhforbairtí nua. Áirítear sa phróiseas sin monatóireacht ar chríochnú bóithre, seirbhísí, soilsíú poiblí agus spásanna oscailte i bhforbairtí nua agus fad



is atá na hoibreacha forbartha idir lámha. Tar éis an fhorbairt a chríochnú déantar cigireachtaí breise chun a chinntiú go bhfuil an láithreán géilliúil do chaighdeáin na Comhairle maidir le tógáil i gcúram mar atá sonraithe in “Development Works Guidance Document”. Níor tógadh aon eastát i gcúram in 2015.

Tá sé de cheangal faoi na Rialacháin maidir le Rialú Foirgníochta (Leasú) 2014 go mbeadh teastais ghéilliúlachta ann d’oibreacha ar fhoirgnimh. Ar deireadh thiar tá úinéir an fhoirgnimh freagrach as a chinntiú go bhfuil foirgnimh agus oibreacha ar fhoirgnimh á ndéanamh de réir na gceanglas atá sonraithe sna Rialacháin Foirgníochta. Foráladh sna Rialacháin maidir le Rialú Foirgníochta (Leasú) (Uimh. 2) 2015 nach ceadmhach d’úinéir na n-oibreacha ar thógáil áitribh nua aonair amháin, nó síneadh a chur le háitreabh príobháideach, a bheith eisiata ón gceanglas deimhniú reachtúil géilliúlachta a fháil agus é sin sínithe ag gairmí cláraithe foirgníochta. Déantar fógraí, iarratais agus deimhnithe géilliúlachta a chur isteach ar líne.

An Suirbhé Náisiúnta ar Fhorbairtí Leanúnacha Tithíochta

Cuirtear síos i dtuarascáil de chuid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus ón nGníomhaireacht Tithíochta i mí Iúil 2012, dar teideal “Resolving Unfinished Housing Developments” ar an bhfiordhul chun cinn atá á dhéanamh agus ar ghá leanúint leis, atá dírithe ach go háirithe ar dhul i ngleic le riachtanais na n-áitritheoirí atá ina gcónaí sna forbairtí sin.

Níor tháinig aon saincheist shuntasach chun cinn i ndáil le hoibreacha ar fhóntais phoiblí (i.e. bóithre, soilsíú, uisce agus draenáil etc.) ná i ndáil le sábháilteacht phoiblí ar aon cheann de na láithreáin seo laistigh de limistéar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Agtús 2015 san iomlán bhí 13 eastát tithíochta neamhchríochnaithe sa Chontae. Le linn sa bliana rinneadh na heastáit seo a rangú

mar eastáit chríochnaithe agus ina dhiaidh sin baineadh iad de liosta DECLG, ag fágáil 7 gcinn ar an liosta.

Déanann an Rannóg um Rialú Foirgníochta monatóireacht ar eastáit inár limistéar ar bhonn leanúnach agus tá plé leanúnach ag an rannóg leis na forbróirí faoi seach nó lena ngníomhairí chun a chinntiú go ndéantar cothabháil shásúil ar na heastáit sin.

Meastóireacht agus Feabhsuithe Leanúnacha ar Sheirbhísí.

Chomh maith leis sin bíonn an rannóg Pleanála i mbun an pobal a spreagadh le páirt a ghlacadh, go háirithe i bpróisis reachtúla, trí sheisiúin mhórfhógartha phoiblí a reachtáil agus úsáid a bhaint as suíomh gréasáin na Comhairle chun éascú a dhéanamh ar aighneachtaí a chur isteach ar líne.

Le linn an chomhairliúcháin phoiblí d'ullmhú Dhréachtphlean Forbartha 2016 – 2022 fuarthas breis is 700 aighneacht.

Leis na bearta seo, ní hé amháin go gcuirfead feabhas ar chumarsáid leis an bpobal agus ar rannpháirtíocht an phobail, ach cuirfidh sé feabhas ar an daonlathas áitiúil agus ar rannpháirtíocht an phobail i bpróisis mhóra chinnteoireachta.

Acmhainní Daonna

Bíonn an Rannóg Acmhainní Daonna i mbun riarachán ginearálta a dhéanamh ar na forálacha, beartais, gnásanna agus scéimeanna fostaíochta reachtúla, a ndearna an lucht bainistíochta glacadh

Thíos: Oíche Cultúir in Lexlcon



leo. Tá an Roinn freagrach freisin as Inrochtaineacht agus Comhpháirtíocht ar an Láthair Oibre.

Foireann na Comhairle Contae

Bhí 931 bhall foirne ag obair le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ag deireadh 2015 lena n-áirítear oibríthe cléireachais/riaracháin, gairmithe, foireann theicniúil agus foireann a bhíonn lonnaithe sna hiostaí a chuimsíonn ceartaithe agus oibríthe ginearálta.

Earcaíocht, Riarachán & Caidreamh Tionsclaíoch

Cuireann an Roinn Acmhainní Daonna seirbhís chomhairleach ar fáil don bhainistíocht áitiúil, ag cinntiú go mbaintear amach comhionannas agus comhleanúnachas ar fud na heagraíochta.

Déantar leas na foirne a chur chun cinn trí fheidhmiú scéimeanna a bhfuil mar aidhm acu cothromaíocht idir an saol oibre agus an saol baile a bhaint amach i.e. fleisc-am, am téarma agus comhroinnt oibre.

Bíonn an Comhairleoir Tacaíochta Foirne ar fáil chun cuidiú le daoine atá ag dul trí ghéarchéim shealadach nó deacrachtaí pearsanta ag an obair nó sa bhaile agus cuireann comhairleoireacht faoi rún, maille le seirbhís atreorúcháin agus faisnéise ar fáil.

Thíos: Cloghúr



Comhionannas

Tá comhionannas ar cheann de chroiluachanna i gcultúr na Comhairle. Tá sé seo le sonrú i mbeartais, cleachtais agus gnásanna na heagraíochta tráth a bhfuiltear ag plé le saoránaigh agus lena chéile. Déantar bainistiú na hilchineálachta a chomhshnaidhmeadh leis an gclár oiliúna sa chúram custaiméirí agus tá bearta cuí ann chun freagairt do raon leathan fiosrúchán, cúiseanna imní agus riachtanas.

Inrochtaineacht

Sáraíodh an sprioc de 3% d'fhostú daoine faoi mhíchumas, dá dtagraítear san Acht Míchumais 2005 arís in 2015 (4%).

Forbairt agus Oiliúint Foirne

Le linn na bliana, reáchtáladh clár oiliúna intí do 951 bhall foirne lena n-áirítear:

Sláinte agus Sábháilteacht, Forbairt Phearsanta, Soláthar, Oiliúint sa Chúram Custaiméirí, Oiliúint don Oibrí Aonair, Oiliúint sa Bhainistiú Coinbhleachta, Oiliúint sa Teicneolaíocht Faisnéise..

Chomh maith leis sin, cuireadh oiliúint ar fáil do 42 bhall foirne Gateway.

Rinne ceathrar ar an bhfoireann Teastas i Léann an Rialtais Áitiúil in 2015.

Faomhadh 32 bhall foirne faoin Scéim Chúnaimh do chúrsaí sa bhreiseoidéachas.

Scéim Gateway

Is éard atá i Scéim Gateway scéim socrúcháin oibre de chuid an údaráis áitiúil a bhfuil mar aidhm leis deiseanna gearrthéarmacha

oibre a sholáthar do dhaoine dífhostaithe. Earcaíodh 41 dhuine ar an scéim seo in 2015 agus fágann sin go bhfuil 75 dhuine ar an scéim san iomlán.

Seo a leanas na catagóirí oibre arna sainiú ag Sharepoint /Pobal.

Sannadh na 41 rannpháirtí mar seo a leanas:-

- 4 – cléireach agus riarachán
- 32 – seirbhísí comhshaoil mar shampla seirbhísí bóithre, gairneoireachta, páirceanna agus reilige.
- 5 – soláthar foirne agus tacú leis na healaíona, cultúr, turasóireacht, gníomhaíochtaí agus ionaid oidhreachta.

Comhpháirtíocht ar an Láthair Oibre:

Reáchtáil an Coiste Comhpháirtíochta roinnt cruinnithe le linn na bliana. Lean grúpaí Gníomhaíochta Comhpháirtíochta ag cur chun cinn roinnt cuspóirí/gníomhaíochtaí, agus tá roinnt díobhsan liostaithe thíos: -

Forbairt Foirne:

Féachaint le leanúint ag cuidiú leis an bhfoireann ar bhealach cuiditheach, cainteanna ag am lóin arna n-eagrú ag an gComhlachas Tráchtála, ar fhreastail 170 ball foirne orthu.

Filleadh ar an bhFoghlaim:

Bunaíodh dhá ghrúpa 'filleadh ar an bhfoghlaim'. Déanann Bord Oideachais agus Oiliúna (An Coiste Gairmoideachais mar a bhí) Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire bainistiú ar an tionscnamh seo.



Thuas: Féile Ealaíon Dhún Droma | – Reuzgom ón mBeilg an 26 Meitheamh 2015 leis an gCathaoirleach An Comhairleoir Barry Saul

Ócáid Chuimhneacháin Bhliantúil na Foirne:

An 30 Deireadh Fómhair réachtáladh ócáid chuimhneacháin i Halla an Bhaile agus in Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin, i ndíl cuimhne na mball foirne a fuair bás.

Grúpa Gníomhaíochta Sláinte agus Folláine:

Lean an Grúpa Gníomhaíochta Sláinte agus Folláine ag cur chun cinn gníomhaíochtaí sláinte agus folláine le linn na bliana agus bhain 257 mball foirne leas as seiceálacha sláinte arna réachtáil i Halla an Chontae agus in Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin.

Féilire Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin:

Cuireadh féilire ar fáil, ina bhfuil grianghraif/íomhánna den fhoireann mar léiriú ar an raon leathan seirbhísí arna soláthar ag an gComhairle.

Aitheantas ar Sheirbhís Fhada:

I mí na Samhna 2015, réachtáil an Grúpa Gníomhaíochta um Sheirbhís Fhada ócáid don fhoireann a bhí tar éis 25 bliana seirbhíse a dhéanamh leis an gComhairle.

Teicneolaíocht Faisnéise

Seo a leanas ról na Rannóige Teicneolaíochta Faisnéise

- Soláthar do sheirbhísí reatha TF ar fud na Comhairle.
- Soláthar do thabhairt isteach éifeachtach seirbhísí nua TF trí thionscadail.
- An nuálaíocht sa TF a spreagadh agus a chumasú.

- Páirt a ghlacadh i dtionscadail agus tionscnaimh TF náisiúnta eile.

Ghlac an rannóg TF an creat ITIL chun a chinntiú go mbainfí amach an cleachtas agus éifeachtacht is fearr i soláthar seirbhísí reatha. Baintear leas as modheolaíochtaí bainistithe tionscadal (PMM) chun a chinntiú go ndéantar tionscadail a ailíniú le Plean Corparáideach na Comhairle agus leis an bPlean Bliantúil um Sholáthar Seirbhíse agus chun a chinntiú go ndéantar na tionscadail a chur i bhfeidhm go tráthúil agus go costéifeachtach.

Roinnt Buaicphointí in 2015:

- Seoladh imeachtaí dála dlrcoco.ie, stór lárnach imeachtaí arna n-eagrú ag ranna na Comhairle.
- Athchóiriú mór ar an mbonneagar (SAN agus UPS) in ionad sonraí na Comhairle, ag soláthar acmhainneacht bhreise, stuamachta agus iontaofachta.
- Uasghrádú ar bhogearraí Office le haghaidh na n-úsáideoirí uile agus uasghrádú leanúnach ar na cruá-earraí deasc.
- Uasghrádú ar bhogearraí agus ar chruá-earraí le haghaidh úsáideoirí ardleibhéil CAD.
- Tabhairt isteach córas nua Iníúcháireachta agus Riosca.
- Leanúint de chur i bhfeidhm céimneacha CRM (Bainistíocht Caidreamh Custaiméirí).
- Dhéileáil ár nDeasc Seirbhíse le 2,120 iarratas indibhidiúil ar sheirbhísí.

Thíos: Páirc an Phobail



RÁITIS AIRGEADAIS BHLIANTÚLA 2015

RÁITEAS MAIDIR LEIS AN STAID AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE) AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2015

	Nótaí	2015 €	2014 €
Sócmhainní Seasta	1		
Oibríochtúil		1,329,838,700	1,314,129,049
Bonneagar		1,774,812,188	1,780,034,270
Pobal		57,695,652	58,202,375
Neamhoibríochtúil		102,065,024	102,065,024
		3,264,411,565	3,254,430,719
Obair idir Lámha agus Speansais Tosaigh	2	27,874,888	53,004,774
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	3	118,193,412	129,747,211
Sócmhainní Reatha			
Stoc	4	774,937	752,134
Féichiúnaithe trádála agus Réamhíocaíochtaí	5	20,434,271	20,447,000
Infheistíochtaí Bainc		136,157,143	126,153,099
Airgead sa Bhanc		102,605	550,899
Airgead faoi Bhealach		365,696	742,072
		157,834,652	148,645,204
Dliteanais Reatha			
Rótharraingt Bhainc		-	-
Creidiúnaithe & Fabhruithe	6	60,257,075	54,154,907
Léasanna Airgeadais		-	-
		60,257,075	54,154,907
Glansócmhainní Reatha / (Dliteanais)		97,577,577	94,490,297
Creidiúnuithe (Méideanna níos mó ná aon bhliain amháin)			
Iasachtaí is iníochta	7	137,541,877	150,679,876
Léasanna Airgeadais		-	-
Éarlaisí In-aisíochta	8	17,163,653	8,647,342
Eile		36,215,040	45,177,575
		190,920,570	204,504,793
Glansócmhainní / (glandliteanais)		3,317,136,872	3,327,168,207
Arna léiriú sna catagóirí seo a leanas:			
Caipitliú	9	3,264,411,565	3,254,430,719
Ioncam WIP	2	11,044,190	17,188,538
Cúlchiste Sonrach Ioncaim		18,452,967	18,452,967
Cúlchiste Ginearálta Ioncaim		9,721,176	9,699,927
Iarmhéideanna Eile	10	13,506,974	27,396,055
Cúlchistí Iomlána		3,317,136,872	3,327,168,205

RÁITEAS MAIDIR LE HIONCAM CUIMSITHEACH (RÁITEAS MAIDIR LEIS AN gCUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

Faoin Ráiteas maidir leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais tugtar le chéile gach ioncam a bhain le hioncam agus caiteachas.

Léirítear ann an barrachas/(an t-easnamh) don bhliain.

Déanann Nóta 16 leithdháileadh ar aistriú a rinne an rannán seirbhíse san fhormaid chéanna le Tábla A den bhuiséad ar ghlac an tÚdarás Áitiúil leis.

		Ollchaiteachas 2015	Ioncam 2015	Glanchaiteachas 2015	Expenditure 2014
	Note	€	€	€	€
Caiteachas de réir Rannáin					
Tithíocht agus Foirgníocht		30,019,490	29,757,130	262,360	1,441,868
Bóithre, Iompar & Sábháilteacht		26,675,774	12,099,477	14,576,297	15,431,028
Seirbhísí Uisce		12,306,318	9,254,380	3,051,938	2,678,821
Bainistiú na Forbartha		13,037,593	4,084,874	8,952,719	8,464,941
Seirbhísí Comhshaoil		26,932,094	6,559,914	20,372,180	20,158,122
Fóillíocht agus Conláistí		25,542,937	4,781,712	20,761,225	19,780,995
Talmhaíocht, Oideachais, Sláinte & Leas		796,383	457,174	339,209	496,990
Seirbhísí Ilchineálacha		12,501,129	2,002,946	10,498,183	11,717,548
Caiteachas/Ioncam Iomlán	15	147,811,717	68,997,606		
Glanchoas an Rannáin arna mhaoiniú ó Rátháí agus Cáin Mhaoine Áitiúil				78,814,111	80,170,313
Rátaí				82,201,617	83,497,572
Cáin Mhaoine Áitiúil				8,288,659	5,597,049
Asbhaint Phinseanbhainteach				2,381,175	2,546,340
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistriú	16			14,057,340	11,470,648
Aistriú ó/(chuig) Cúlchistí	14			(14,036,091)	(11,419,265)
Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain				21,250	51,383
Cúlchiste Ginearálta amhail an 1 Eanáir				9,699,927	9,648,544
Cúlchiste Ginearálta amhail an 31 Nollaig				9,721,176	9,699,927

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA 2015

Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Táscairí Feidhmíochta 01/01/15 - 31/12/15

C: Corparáideach

CORPARÁIDEACH C1 & C2 & C4

Líon na mBall Foirne ar Coibhéis Lánaimseartha ag deireadh na bliana	930.90
Céatadán na laethanta oibre a cailleadh de bharr tinnis, le teastas leighis	2.80 %
Céatadán na laethanta oibre a cailleadh de bharr tinnis, gan teastas leighis	0.47 %
Líon na laethanta oibre a cailleadh de bharr tinnis, le teastas leighis	7828 day
Líon na laethanta oibre a cailleadh de bharr tinnis, gan teastas leighis	1045 day
Líon na laethanta oibre gan phá a cailleadh de bharr tinnis, le teastas leighis	1901 day
Líon na laethanta oibre gan phá a cailleadh de bharr tinnis, gan teastas leighis	44 day
Gach caiteachas TFC sa tréimhse 01/01/2015 go 31/12/2015 roinnt faoi Choibhéis Lánaimseartha	€3482.21
Iomlán an chaiteachais ioncaim ar Mhíreanna an Chuntais	€3241586.06

Corparáideach: C3

Iomlán na n-amharc leathanaigh ar shuíomh gréasáin ÚA in 2015	3694043
Iomlán na n-úsáideoirí meáin shóisialta amhail an 31/12/2015 ag leanúint ÚA ar shuíomhanna meáin shóisialta	26254
Iomlán carnach na n-amharc leathanaigh ar gach suíomh gréasáin faoi stiúir ag ÚA le linn 2015	3694043
Líon iomlán na n-úsáideoirí meáin shóisialta a bhí ag leanúint ÚA, amhail an 31/12/2015, ar aon suíomh gréasáin meáin shóisialta	26254

E: Comhshaol & Dramhail

Dramhail: E1

Líon na dtithe sa limistéir arna gclúdach ag oibreoir ceadúnaithe ag soláthar seirbhíse 3 bhosca bruscair amhail an 31/12/2015, (Daonáireamh 2016)	35079
% na dtithe laistigh den ÚA a léiríonn an uimhir A iad	46.29 %

Truailiú an Chomhshaoil: E2

Líon na gcásanna de ghearáin faoi thruailiú	2430
Líon na gcásanna de ghearáin faoi thruailiú nach ndearnadh iad a imscrúdú ná a chur i gcrích	2436
Líon na gcásanna de ghearáin faoi thruailiú nár cuireadh i gcrích	16
Líon na gcásanna de ghearáin faoi thruailiú le linn 2015	2430
Líon na gcásanna de ghearáin faoi thruailiú a cuireadh i gcrích agus a dúnadh in 2015	2436
Líon na gcásanna ar láimh amhail an 31/12/2015	16

Truailiú Bruscair: E3

Céatadán na limistéar nach bhfuil truailithe ag bruscar	57%
Céatadán na limistéar atá beagán truailithe ag bruscar	22 %
Céatadán na limistéar atá measartha t truailithe ag bruscar	17 %
Céatadán na limistéar atá truailithe go suntasach ag bruscar	4 %
Céatadán na limistéar atá an- truailithe ag bruscar	0 %

F: Seirbhís Dóiteáin**Seirbhís Dóiteáin: F1**

Caiteachas ar an gclár AFS roinnte de réir dhaonra dhaonáireamh 2016 a bhfreastalaíonn an tSeirbhís Dóiteáin air	
Sonraí Caiteachais faoi chlár E den AFS ag cuimsiú E11 - Feidhmiú na Seirbhíse Dóiteáin & E12 Cosc ar Dhóiteáin	N/Bh

Seirbhís Dóiteáin: F2 & F3

A. Meánmhéid ama (nóiméid) chun briogáid dóiteáin a shlógadh ag Stáisiúin Lánaimeartha i ndáil le dóiteán	
B. Meánmhéid ama (nóiméid) chun briogáid dóiteáin a shlógadh ag Stáisiúin Pháirtaimseartha i ndáil le dóiteán	N/bh
C. Meánmhéid ama (nóiméid) chun briogáid dóiteáin a shlógadh ag Stáisiúin Lánaimeartha i ndáil le timpistí eile	N/bh
D. Meánmhéid ama (nóiméid) chun briogáid dóiteáin a shlógadh ag Stáisiúin Pháirtaimseartha i ndáil le timpistí eile	N/bh
A. % na gcásanna i ndáil le dóiteáin inar sroicheadh an láthair laistigh de thréimhse 10 nóiméad	
B. % na gcásanna i ndáil le dóiteáin inar sroicheadh an láthair tar éis 10 nóiméad ach roimh 20 nóiméad	
C. % na gcásanna i ndáil le dóiteáin inar sroicheadh an láthair tar éis 20 nóiméad	
D. % na gcásanna nár bhain le dóiteáin inar sroicheadh an láthair laistigh de thréimhse 10 nóiméad	
E. % na gcásanna nár bhain le dóiteáin inar sroicheadh an láthair tar éis 10 nóiméad ach roimh 20 nóiméad	
F. % na gcásanna nár bhain le dóiteáin inar sroicheadh an láthair tar éis 20 nóiméad	N/bh

Líon iomlán na nglaoanna amach i ndáil le dóiteáin ó 01/01/2015 - 31/12/2015	N/bh
Líon na gcásanna i ndáil le dóiteáin inar sroicheadh an láthair laistigh de thréimhse 10 nóiméad	N/bh
Líon na gcásanna i ndáil le dóiteáin inar sroicheadh an láthair tar éis 10 ach roimh 20 nóiméad	N/bh
Líon na gcásanna i ndáil le dóiteáin inar sroicheadh an láthair tar éis 20 nóiméad	N/bh
Líon iomlán na nglaoanna amach i ndáil le gach tarlú éigeandála eile ó 01/01/2015 - 31/12/2015	N/bh
Líon iomlán na gcásanna nár bhain le dóiteáin inar sroicheadh an láthair laistigh de thréimhse 10 nóiméad	N/bh
Líon iomlán na gcásanna nár bhain le dóiteáin inar sroicheadh an láthair tar éis 10 ach roimh 20 nóiméad	N/bh
Líon iomlán na gcásanna nár bhain le dóiteáin inar sroicheadh an láthair tar éis 20 nóiméad	N/bh

H: Tithíocht

Tithíocht: H1, H2 & H4

A. Líon foriomlán na n-áitreabh a chuir ÚÁ ar fáil sa tréimhse 1/1/2015 go dtí 31/12/2015	52
B. Líon na n-áitreabh a cuireadh ar fáil go díreach	16
B1. Líon na n-áitreabh a tógadh	0
B2. Líon na n-áitreabh a ceannaíodh	16
C. Líon na n-aonad a cuireadh ar fáil faoi RAS	35
D. Líon na n-aonad a cuireadh ar fáil faoin Scéim HAP	0
E. Líon na n-aonad a cuireadh ar fáil SHLI	1
F. Líon iomlán na n-áitreabh tithíochta sóisialta san ÚÁ amhail an 31/12/2015	4937
G. Líon iomlán na n-áitreabh a cuireadh ar fáil go díreach (tógtha nó ceannaithe) ag an ÚÁ	4400
H. Líon na n-aonad a cuireadh ar fáil faoi RAS	397
I. Líon na n-aonad a cuireadh ar fáil faoin Scéim HAP más i bhfeidhm	0
J. Líon na n-aonad a cuireadh ar fáil faoin SHLI	140
A. Céatadán líon na n-áitreabh ag T1G a bhí folamh amhail an 31/12/2015	0.66 %
Líon na n-aonad áitribh laistigh dá stoc iomlán nach raibh tionóntaí iontu amhail an 31/12/2015	29
A. Caiteachas in 2015 ar dheisiú & cothabháil na tithíochta arna ceannach nó arna tógáil ag ÚÁ roinnte faoi T1G	€ 2,127.25
Caiteachas ar dheisiú agus cothabháil stoc ÚÁ tiomsaithe ar bhonn leanúnach le linn 2015	€8898313.57

Tithíocht: H3 & H5

A. Meánmhéid ama a thóg sé ó fágadh an t-áitreabh folamh go dtí tús na chéad tionóntachta eile	12.11 seacht.
B. Meánchostas ar aonaid a ath-thionóntú le go mbeidís ullamh le cur ar cíós arís	€8983.12
Líon na n-aonad a raibh tionóntaí iontu ar aon dáta in 2015 (na cinn a bhí folamh le go ndéanfaí eastát a athchóiriú as an áireamh)	120
Líon seachtainí ó d'fhág an tionónta roimhe ré an t-áitreabh go dtí dáta an chéad dochair cíosa don chéad tionónta eile 1453.71 sheachtain	1453.71 wk
Caiteachas iomlán ar dheisiúcháin is gá chun go féidir aonaid a chur ar cíós arís san áireamh thuas	€1077974.43
A. Líon iomlán na dtionóntachtaí sa limistéir ÚÁ	15785
B. Líon na gcigireachtaí a rinneadh	416

Tithíocht: H6

A. Líon na ndaoine fásta i gcóiríocht éigeandála fhadtéarmach mar % de líon iomlán na ndaoine fásta gan dídean	N/bh
Líon na ndaoine fásta arna n-aicmiú mar dhaoine gan dídean agus a bhí i gcóiríocht éigeandála ar oíche an dáta 31/12/2015	0
Líon na ndaoine fásta ar an dáta sin a bhí i gcóiríocht éigeandála don tréimhse 6 mhí roimhe sin	0

J: Forbairt Eacnamaíochta**Forbairt Eacnamaíochta: J1**

Líon na bpost arna gcruthú le cuidiú ón Oifig Fiontair áitiúil le linn na bliana	21.00
--	-------

L: Seirbhís Leabharlainne**Seirbhís Leabharlainne: L1**

Líon na gcuairteanna leabharlainne le linn na bliana	999000
Líon na míreanna a tógadh ar iasacht le linn na bliana	1502259
A. Líon na gcuairteanna leabharlainne de réir gach duine den daonra	4.60
B. Líon na míreanna a eisíodh ar iasacht d'iasachtóirí le linn na bliana	1502259

Seirbhís Leabharlainne: L2

Sonraí ó Ráiteas Airgeadais Bhliantúil an Chláir F / de réir dhaonra an limistéir ÚÁ in 2016 de réir an daonáirimh	€35.63
Clár AFS P F02 Costas na Seirbhíse Leabharlainne	€7742109

M: Airgeadas**Airgeadas: M1 & M2**

Iarmhéid carnach amhail an 31/12/2011 sa Chuntas loncaim ó loncam & Caiteachas den AFS	€9550465
Iarmhéid carnach amhail an 31/12/2012 sa Chuntas loncaim ó loncam & Caiteachas den AFS	€9601934
Iarmhéid carnach amhail an 31/12/2013 sa Chuntas loncaim ó loncam & Caiteachas den AFS	€9648543
Iarmhéid carnach amhail an 31/12/2014 sa Chuntas loncaim ó loncam & Caiteachas den AFS	€9699927
Iarmhéid carnach amhail an 31/12/2015 sa Chuntas loncaim ó loncam & Caiteachas den AFS	€9721176
Barrachas nó easnamh carnach amhail an 31/12/2015 mar chéatadán d'iomlán an loncaim ó ráiteas AFS	6.01 %
Leibhéal bailiúcháin Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2011	76.0 %
Leibhéal bailiúcháin Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2012	75.0 %
Leibhéal bailiúcháin Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2013	78.0 %
Leibhéal bailiúcháin Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2014	78.0 %
Leibhéal bailiúcháin Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2015	85 %
Leibhéal bailiúcháin Cíosa & Blianachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2011	80.0 %
Leibhéal bailiúcháin Cíosa & Blianachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2012	79.0 %
Leibhéal bailiúcháin Cíosa & Blianachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2013	77.0 %
Leibhéal bailiúcháin Cíosa & Blianachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2014	80.0 %
Leibhéal bailiúcháin Cíosa & Blianachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2015	79 %
Leibhéal bailiúcháin Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2011	73.0 %
Leibhéal bailiúcháin Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2012	64.0 %
Leibhéal bailiúcháin Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2011	64.0 %
Leibhéal bailiúcháin Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2014	57.00%
Leibhéal bailiúcháin Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2015	62 %
Figiúr Iomlán loncaim 2015 ó Ráiteas an Chuntais loncaim agus Caiteachais AFS	€161869057

P: Pleanáil

Pleanáil: P1

Foirgnimh a ndearnadh cigireacht orthu mar chéatadán de na foirgnimh nua a tugadh le fios don údarás áitiúil	19.17 %
Líon iomlán na bhfoirgneamh nua a tugadh le fios don údarás áitiúil	673
Líon iomlán na bhfoirgneamh nua a tugadh le fios don údarás áitiúil in 2015 faoi réir ar a laghad cigireacht amháin	129

Pleanáil: P2 & P3

A. Líon na gcinntí pleanála faoi réir achomhairc leis An Bord Pleanála a ndearna an bord cinneadh ina leith in 2015	163
B. % na gcinntí a dhearbhaigh (le nó gan athruithe) an cinneadh a rinne ÚÁ	76.07 %
Líon na gcinntí a dhearbhaigh an cinneadh a rinne ÚÁ le nó gan athruithe	124

A. Líon na gcásanna pleanála arna atreorú nó arna dtionscnamh ag ÚÁ le linn 2015 a ndearnadh iad a imscrúdú	356
B. Líon na gcásanna a dúnadh le linn	281
C. % na gcásanna ag B ar cuireadh iad ar ceal maidir le hAlt 15(2) nó ar dúnadh iad mar go raibh siad faoi urchosc reachta nó díolmhaithe ó fhorbairt	31.32 %
D. % na gcásanna ag B ar réitíodh iad chun shástacht ÚÁ trí idirbheartaíocht	24.91 %
E. % na gcásanna ag B ar dúnadh iad mar thoradh ar imeachtaí forfheidhmiúcháin	43.77 %
F. Líon iomlán na gcásanna pleanála a raibh imscrúdú á dhéanamh orthu amháin an 31/12/2015	243

Líon na gcásanna ag B ar cuireadh iad ar ceal faoi alt 15(2), den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	88
Líon na gcásanna ag B ar réitíodh iad chun shástacht ÚÁ trí idirbheartaíocht	70
Líon na gcásanna ag B ar dúnadh iad mar thoradh ar imeachtaí forfheidhmiúcháin	123

Pleanáil: P4

Sonraí an Chláir AFS D roinnt de réir dhaonra limistéir ÚÁ	€33.36
AFS Programme D consisting of Do1, Do2, Do3 (inclusive of the central management charge)	€7247291

R: Bóithre**Bóithre: R1 & R2**

% na gciliméadar de bhóithre réigiúnacha le rátáil PSCI	98.00 %
% na gciliméadar de bhóithre áitiúla le rátáil PSCI	96.00 %
% na gciliméadar de bhóithre tánaisteacha áitiúla le rátáil PSCI	95.00 %
% na gciliméadar de bhóithre áitiúla treasacha le rátáil PSCI	79.00 %
% de bhóithre réigiúnacha a fuair rátáil PSCI le linn 2015	100.00 %
% lomlán na gciliméadar de bhóithre réigiúnacha le rátáil PSCI de 1-4	7.00 %
% lomlán na gciliméadar de bhóithre réigiúnacha le rátáil PSCI de 5-6	24.00 %
% lomlán na gciliméadar de bhóithre réigiúnacha rátáil PSCI de 7-8	15.00 %
% lomlán na gciliméadar de bhóithre réigiúnacha le rátáil PSCI de 9-10	52.00 %
% lomlán na gciliméadar de phríomhbhóithre le rátáil PSCI de 1-4	10.00 %
% lomlán na gciliméadar de phríomhbhóithre le rátáil PSCI de 5-6	37.00 %
% lomlán na gciliméadar de phríomhbhóithre le rátáil PSCI de 7-8	12.00 %
% lomlán na gciliméadar de phríomhbhóithre le rátáil PSCI de 9-10	37.00 %
% lomlán na gciliméadar de bhóithre tánaisteacha le rátáil PSCI de 1-4	10.00 %
% lomlán na gciliméadar de bhóithre tánaisteacha le rátáil PSCI de 5-6	39.00 %
% lomlán na gciliméadar de bhóithre tánaisteacha le rátáil PSCI de 7-8	11.00 %
% lomlán na gciliméadar de bhóithre tánaisteacha le rátáil PSCI de 9-10	35.00 %
% lomlán na gciliméadar de bhóithre treasacha le rátáil PSCI de 1-4	3.00 %
% lomlán na gciliméadar de bhóithre treasacha le rátáil PSCI de 5-6	27.00 %
% lomlán na gciliméadar de bhóithre treasacha le rátáil PSCI de 7-8	18.00 %
% lomlán na gciliméadar de bhóithre treasacha le rátáil PSCI de 9-10	31.00 %
A1. Ciliméadair na mbóithre réigiúnacha arna neartú ag úsáid na ndeontas Feabhsúcháin Bóithre	0.5 km
A2. Méid an Deontais um Fheabhsúcháin Bóithre Réigiúnacha	€252629.00
B1. Líon na gciliméadar de bhóithre réigiúnacha a ndearnadh athshéalú orthu ag úsáid na ndeontas um Chothabháil Bóithre	0.0 km
B2. Méid an Deontais um Chothabháil Bóithre Réigiúnacha	0

Mótarcháin: R3

% na n-idirbheart mótarchánach ar líne	N/bh
--	------

W: Uisce**Uisce: W1**

% sa Scéimeanna um Uisce Óil Príobháideach a raibh ceanglais reachtúla ag gabháil leo	100%
---	------

Y: Óige agus Pobal**Óige agus Pobal: Y1 & Y2**

Céatadán na scoileanna áitiúla i Scéim Chomhairle na nÓg	0 %
Líon iomlán na n-iarbhunscoileanna sa limistéir ÚÁ amhail an 31/12/2015	31
Líon iomlán na n-iarbhunscoileanna sa limistéar ÚÁ ar fhreastail ionadaithe uathu ar Chomhdháil Bhliantúil Chomhairle na nÓg	0
Líon na n-eagraíochtaí ar Chlár an Chontae a bheartaigh páirt a ghlacadh sa Choláiste um Chuimsiú Sóisialta	29.69
Líon na n-eagraíochtaí ar Chlár an Chontae le haghaidh limistéar an údaráis áitiúil	192
Líon iomlán na n-eagraíochtaí cláraithe a bheartaigh páirt a ghlacadh sa Choláiste um Chuimsiú Sóisialta	57



Thuas: "A Leithéid de Radharc Álainn"

